Comhairle Cathrach
& Contae **Luimnigh**

**Limerick** City
& County Council

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017





# COMH-RÁMHFHOCAL

## LE CONN MURRAY, PRÍOMHFHEIDHMEANNACH AGUS AN COMHAIRLEOIR KIERAN O'HANLON MÉARA CHATHAIR AGUS CHONTAE LUIMNIGH





Tharla mórán nithe suntasacha i 2017 i gcathair agus i gcontae Luimnigh agus forbairt á dhéanamh againn ar Luimneach mar áit don todhchaí.

Tá ár n-uaillmhianta maidir le Luimneach soiléir. Teastaíonn uainn go mbeadh Luimneach sa riocht is fearr mar chathair san Aontas Eorpach ina bhfuil Béarla á labhairt le teacht i dtír ar dheiseanna infheistíochta isteach i ndiaidh Brexit.

Fuair fís Luimnigh maidir leis an Láthair Ceoldrámaíochta tacaíocht ón mBanc Eorpach Infheistíochta agus ó Bhanc Forbartha Chomhairle na hEorpa. Tá €170 á sholáthar ag an dá bhanc do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, rud a léiríonn an mhuinín atá ag an dá institiúid as pleananna Luimnigh do lár na cathrach.

Rinne DAC Limerick Twenty Thirty dul chun cinn suntasach maidir le cabhrú le feabhas a chur ar gheilleagar Luimnigh.
Tosaíodh ar Gardens International a thógáil ar Shráid Anraí agus é de réir sprice le bheith críochnaithe faoi 2018.

Cuireadh máistirphleananna chun cinn do láthair Cleeve's agus d'fhorbairt tithíochta i Mungairit, agus tá Troy Studios faoi lánseol leis na sraitheanna Nightflyers ag NBCU/Netflix á ndéanamh ann.





Bhí 2017 ar cheann de na blianta is láidre fós maidir le cruthú fostaíochta i réigiún na cathrach i Luimneach. Cruthaíodh níos mó ná 3,000 post agus fógraíodh infheistíocht de €354 milliún le Luimneach ar cheann de na réigiúin is tapúla fáis sa tír maidir le hinfheistíocht dhíreach eachtrach.

Déanann cur chuige comhpháirtíochta agus réamhghníomhach na Comhairle, na n-institiúidí tríú leibhéal agus na n-gníomhaireachtaí stáit cuideachtaí a mhealladh chuig Luimneach agus leanann seo le bheith mar ghné thábhachtach dhíolacháin do réigiún cathrach Luimnigh.

In éineacht leis na jabanna IDI tá earnáil fhiontraíochta ann atá ag neartú. Mar thoradh ar thacaíocht ó Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) Luimnigh cruthaíodh 122 jab breise, agus d'oscail Nuáil Luimnigh ENGINE le nuálaíocht a thiomáint chun cinn trí áiseanna a sholáthar do dhaoine indibhidiúla agus do chuideachtaí le teacht lena n-uaillmhianta agus a riachtanais.

Leanann an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) do Luimneach, atá ina dhara bliain anois le forbairt eacnamaíochta, sóisialta agus pobail a chur chun cinn ar fud na cathrach agus an chontae.

Bhí tacaíocht airgeadais fheabhsaithe á sholáthar ag an gComhairle freisin do lucht íoctha rátaí ar a n-áirítear an Scéim Tacaíochta do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide agus Scéim Tacaíochta don Earnáil Turasóireachta tar éis do na baill thofa glacadh leo.

Is maith a thuigeann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a thábhachtaí atá an plean seo don todhchaí.

Ghlac an Chomhairle le Straitéis Digiteach Luimnigh nua ar a n-áirítear Treochlár do Luimneach Cliste 2017-2020. Tá sé mar aidhm ag an Straitéis bunchloch a leagadh síos do "Réigiún Cathrach agus Pobal Luimnigh Chliste", Luimneach a úsáideann teicneolaíochtaí digiteacha le pobail a chumasú, seirbhísí níos fearr a chruthú, luasghéarú a dhéanamh ar fhás inbhuanaithe sóisialta agus eacnamaíochta agus feabhas a chur ar chaighdeán na beatha do chách.

I gcroílár na straitéise seo tá athsheoladh ar ardán digiteach Limerick.ie, atá ar cheann de na suíomhanna gréasáin is cuimsithí agus is forásaí in aon údarás áitiúil.

Déanfar Limerick.ie a úsáid mar ardán do gach seirbhís nua a bhíonn á fhorbairt ag an gcomhairle. Bhí tábhacht Limerick.ie le feiceáil nuair a d'ainmnigh an t-ardán intleachta domhanda Skift.com é mar cheann de na suíomhanna turasóireachta is fearr ar domhan, an t-aon suíomh gréasáin Éireannach agus ceann de cheithre shuíomh san Eoraip a bhain an onóir sin amach.

I gcaitheamh 2017 fógraíodh nó cuireadh chun cinn roinnt tionscadal suntasacha. Ghlac Baill Thofa le malairt leagain de na pleananna forbartha cathrach agus contae le dul chun cinn Bhóthar Dáileacháin Thuaidh Luimnigh a cheadú.
. Tá dul chun cinn suntasach déanta i gcaitheamh na bliana ar Chéim 1 den tionscadal ó Uí Chuanach go Cnoc an Lisín. .
Nuair a bheidh sé críochnaithe, osclóidh an bóthar an taobh ó thuaidh de chathair Luimnigh ar fad d'infheistíocht ionchasach.

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh mar phríomhúdarás don mhótarbhealach nua M20 idir Luimneach agus Corcaigh a cheadaigh an rialtas i nDeireadh Fómhair 2017.

Osclaíodh an M18 go Gaillimh, agus nuair a bheidh an M20 críochnaithe is féidir le Luimneach feidhmiú mar mhol frithchothramaíochta do chonair an iarthair i leith na hardchathrach.

Déanadh cuid mhór réamhoibre ar an mbóthar nua idir Luimneach agus Faing, ag ceadú forbartha ár bpríomhchalafort in iarthar an chonate, agus sa chathair tharla mionchomhairliúchán fairsing mar chuid d'athnuachan Shráid Uí Chonaill.
Rinne an Chomhairle Rannóg nua Athnuachana Uirbeach agus Sráidbhaile a bhunú i 2017 le straitéis a cheapadh le déileáil le láithreacha agus foirgnimh ar fud Luimnigh nach bhfuil in úsáid nó a mbaintear tearcúsáid astu. Tá sé mar aidhm againn na bailte agus na sráidbhailte a athnuachan i dtreo is go mbíonn said tarraingteach le fanacht iontu nó le teacht chun cónaithe iontu.

Bhí Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun tosaigh freisin i gcomhaighneacht ó réigiún an iarthair láir chuig Creat Náisiúnta Pleanála na hÉireann 2040.

Rinne Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Luimnigh maoirseacht ar sholáthar ar an gclár SICAP, (€2.3 milliún in aghaidh na bliana) agus faomhadh íocaíochtaí do thrí Chuideachta Forbartha Áitiúil a raibh conradh acu an clár a sholáthar i Luimneach.

Déanadh dul chun cinn ar Chlár Leader an AE (€9.276 milliún) i 2017 agus déanadh iarratais ó ghrúpaí éagsúla pobail agus sainleasa a lorg i ndiaidh sraith imeachtaí comhairliúcháin agus faisnéise poiblí.

Leanadh go gasta le cláir sna ceithre cheantar athnuachana, ar a n-áirítear Forbairt Tithíochta Shráid an Tiarna Éadbhard a bheith críochnaithe.

Críochnaíodh nó déanadh dul chun cinn suntasach ar thionscadail eile, ar a n-áirítear tógáil nua, uasghrádú terimeach agus athchóiriú.

Lean an Ciste Idirghabhála Sóisialta (SIF) le tacú le tionscadail fhorbartha geilleagrach agus sóisialta agus iad curtha i bhfeidhm ag pobal áitiúil, eagraíochtaí deonacha agus príomhghníomhaireachtaí reachtúla le cistiú beagnach €4 milliún faofa.

Tá Plean Feidhmithe Chreat Athghiniúna Luimnigh tar éis treochlár soiléir a leagadh síos do sprioc-infheistíocht leanúnach in iliomad ceantar ó thithíocht go tacaíocht shóisialta agus forbairt gheilleagrach agus tá sé ráite arís ag an rialtas go dtacófar leis an obair thábhachtach agus riachtanach atá á dhéanamh ag cách sna sprioc-cheantair.

Soláthraíodh 254 teach cónaithe i 2017, agus aithníonn Plean Forbartha agus Bainistíochta Straitéiseach do thailte ar leis an gComhairle iad láithreáin atá criosaithe go cuí d'úsáid chónaithe ar fud Luimnigh.

Lean an borradh ar phobal cruthaitheach Luimnigh i 2017, faoi scáth Straitéis Chultúrtha Luimnigh. Cuireadh béim ar thábhacht an Chultúir le SPC nua Cultúrtha á chruthú le maoirseacht a dhéanamh ar fhás an phobail chultúir agus ealaíona i Luimneach. I 2017 tharla comhdhlúthú agus forás ar Shamhail Oibriúcháin nua do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Bunaíodh Rannóg nua d'Fheabhsú Gnó le maoirseacht a dhéanamh ar an mbealach ina ndéanann an Chomhairle a cuid oibre agus conas is féidir linn feabhas a chur ar an mbealach a mbíonn seirbhísí á soláthar againn do mhuintir Luimnigh.

Is iad na fostaithe an sócmhainn is luachmhaire a bhíonn ag cuideachta agus ceadóidh tiomantas maidir le hoiliúint agus forbairt leanúnach na foirne do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh uasmhéadú a dhéanamh ar a gcumas, a saineolas agus a n-acmhainní féin chun leasa gach uile dhuine.

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tar éis í féin a chur sa riocht le bheith mar eagraíocht réamhghníomhach le freastal ar mhuintir Luimnigh. Is féidir ár n-uaillmhianta a bhaint amach a bhuíochas don obair chrua ag gach duine, ag obair le chéile. Tá Luimneach i ndea-riocht le tairbhe a bhaint as.

# CLÁR ÁBHAIR

COMH-RÁMHFHOCAL 2

BAILL NA COMHAIRLE 10

CRUINNITHE AGUS COISTÍ NA COMHAIRLE 13

IONADAÍOCHT AR CHOMHLACHTAÍ EILE 20

TOGHCHEANTAIR 23

IMEACHTAÍ, BUAICPHOINTÍ AGUS FÁILTITHE CHATHARTHA 24

STIÚRTHÓIREACHT FORBARTHA GEILLEAGAIR 32
- Luimneach Fiche Tríocha 34
- Infheistíocht 34
- Nuáil Luimnigh 35
- Oifig Fiontair Áitiúil 35
- Oifig Margaíochta agus Cumarsáide 36
- Turasóireacht 37
- Pleanáil Chun Cinn/Straitéiseach 38
- Straitéis Dhigiteach 39

STIÚRTHÓIREACHT FORBARTHA FISICIÚIL 45

STIÚRTHÓIREACHT FORBARTHA SÓISIALTA 48
- Forbairt Pobail agus Ionchuimsiú 50
- Caipiteal Tithíochta 55
- Athghiniúint Luimnigh 58

SEIRBHÍSÍ CUTAIMÉARA, STIÚRTHÓIREACHT CHULTÚIR AGUS EALAÍON 68
- Seirbhísí Custaiméara 70
- Seirbhís Leabharlainne 71
- Cultúr agus na hEalaíona 75

STIÚRTHÓIREACHT OIBRÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE
STIÚRTHÓIREACHT OIBRÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE
82
- Seirbhísí Tacaíochta Pobail 84
- Seirbhísí Oibríochtaí Agus Cothabhála 92
- Seirbhísí Réadmhaoine 104
- Seirbhísí Deartha Agus Soláthair 105
- Seirbhísí Pleanála agus Comhshaoil 108
- Seirbhísí Tréidliachta 112
- Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhaile 113
- Rannóg Feabhsaithe Gnó 113

STIÚRTHÓIREACHT UM SHEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA 117
- Seirbhísí Corparáideacha 117
- Seirbhísí Acmhainní Daonna 127
- Seirbhísí Airgeadais 129
- Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (ICT) 133

TIÚRTHÓIREACHT SEIRBHÍSÍ RÉIGIÚNACHA 138
- Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála 140
- Oifig Bainistíochta Dramhaíola an Réigiúin Theas 144
- Seirbhísí Uisce 145
- Oifig um Dhearadh Bóithre an Iarthair Láir 146


IONAD SEIRBHÍSÍ COMHROINNTE ÍOCAÍOCHTAÍ CÚNAIMH TITHÍOCHTA 148

AGUISÍNÍ 150
- Comhdhálacha/seimineáir ar fhreastal na Baill orthu 150
- Táscairí Feidhmíochta 151

# BAILL CHOMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE LUIMNIGH



An Comhairleoir Stephen Keary
Méara Chathair agus Chontae Luimnigh



An Comhairleoir
Leas-Mhéara Chathair agus Chontae Luimnigh



DÚICHE CHATHRACH LUIMNIGH (mar a bhfuil Toghlimistéir Áitiúla Chathair Luimnigh Thoir, Cathair Luimnigh Thuaidh agus Cathair Luimnigh Thiar) - 21 BALL

## CATHAIR LUIMNIGH THOIR - 8 BALL



An Clr. Joe Pond
(FF)



An Clr. Marian Hurley
(FG)



An Clr. Paul Keller
(SOLIDARITY/PBP)




An Clr. Séighin Ó Ceallaigh
(SF)



An Clr. Jerry O'Dea
(FF)



An Clr. Kieran O'Hanlon
(FF)



An Clr. Elena Secas
(LAB)



An Clr. Michael Sheah-
an
(FG)

## LIMERICK CITY NORTH - 6 MEMBERS



An Clr. John Costelloe
(SF)



An Clr. Vivienne Crowley
(FF)



An Clr. John Gilligan
(NP)



An Clr. Michael Hourigan
(FG)



An Clr. Cian Prendiville
(Solidarity/PBP)



An Clr. Frankie Daly
(NP)



## LIMERICK CITY WEST - 7 MEMBERS


An Clr. Daniel Butler
(FG)


An Clr. Elenora Hogan
(FG)


An Clr. James Collins
(FF)


An Clr. Joe Leddin
(LAB)


An Clr. John Loftus
(NP)


An Clr. Seán Lynch
(FF)


An Clr. Malachy McCreesh
(SF)

## MUNICIPAL DISTRICT OF ADARE-RATHKEALE - 6 MEMBERS


An Clr. Stephen Keary
(FG)


An Clr. Ciara McMahon
(SF)


An Clr. Adam Teskey
(FG)


An Clr. Emmett O'Brien
(NP)


An Clr. Richard O'Donoghue
(NP)


An Clr. Kevin Sheahan
(FF)



## MUNICIPAL DISTRICT OF CAPPAMORE-KILMALLOCK - 7 MEMBERS


An Clr. Michael Donegan
(FF)


An Clr. Noel Gleeson
(FF)


An Clr. Gerald Mitchell
(FG)


An Clr. William O'Donnell
(FG)


An Clr. Eddie Ryan
(FF)


An Clr. Lisa Marie Sheehy
(NP)


An Clr. Brigid Teefy
(NP)

## MUNICIPAL DISTRICT OF NEWCASTLE WEST - 6 MEMBERS


An Clr. Séamus Browne
(SF)


An Clr. Michael Collins
(FF)


An Clr. Francis Foley
(FF)


An Clr. Liam Galvin
(FG)


An Clr. Jerome Scanlan
(FG)


An Clr. John Sheahan
(FG)



# BAILL NA COMHAIRLE & CRUINNITHE

Tá 40 Ball ar an gComhairle – 21 Ball i nDúiche Chathrach Luimnigh (mar a bhfuil Toghlimistéir Áitiúla Chathair Luimnigh Thoir, Cathair Luimnigh Thuaidh agus Cathair Luimnigh Thiar) seisear Ball i gCeantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola, seachtar Ball i gCeantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg agus seisear Ball i gCeantar Bardasach an Chaisleáin Nua.

De ghnáth bíonn cruinnithe na Comhairle iomlán ar an gceathrú Luan de gach dara mí, i Seomra na Comhairle ag Tuar an Daill. Tháinig an Chomhairle iomlán le chéile ar 17 ócáid i 2017.



## BAILL AGUS CRUINNITHE NA COMHAIRLE

### GRÚPA BEARTAIS CHORPARÁIDIGH

Is Coiste de chuid na Comhairle atá sa Ghrúpa Beartais Chorparáidigh (GBC) ar a bhfuil Méara ar Chathair agus ar Chontae Luimnigh agus Cathaoirligh gach Coiste um Beartais Straitéiseacha (CBS). Is iad seo a leanas na baill:

- An Comhairleoir Stephen Keary, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh.
- An Comhairleoir William O'Donnell, Cathaoirleach, an Coiste um Beartais Straitéiseacha Baile agus Forbartha Sóisialta
- An Comhairleoir Frankie Daly, Cathaoirleach, an Coiste um Beartais Straitéiseacha Taistil agus Iompair
- An Comhairleoir Vivienne Crowley, Cathaoirleach, an Coiste um Beartais Straitéiseacha Forbartha Geilleagrach, Fiontraíochta agus Pleanála
- An Comhairleoir Marian Hurley, Cathaoirleach, an Coiste um Beartais Straitéiseacha Pobail, Fóillíochta agus Éigeandála
- An Comhairleoir Jerome Scanlan, Cathaoirleach, an Coiste um Beartais Straitéiseacha Comhshaoil
- An Clr. Séighin Ó Ceallaigh, Cathaoirleach, an Coiste um Beartais Straitéiseacha Cultúir

Nascann an CPG obair na SPCanna éagsúla, ag feidhmiú mar chineál comh-aireachta agus soláthraíonn sé fóram mar ar féidir aontú ar pholasaithe le cur faoi bhráid na Comhairle iomlán a choimeádann údarás le cinntí a dhéanamh. Déanann an GBC monatóireacht freisin ar fheidhmíocht an Údaráis Áitiúil agus bíonn príomhról aige maidir le buiséad a ullmhú. Tháinig an CPG le chéile ar 9 ócáid i 2017.

*Position as at 31/12/2017

### COISTÍ NA COMHAIRLE

| Teideal | Líon na mBall | No. of Meetings |
|---|---|---|
| Ceantar Cathrach Luimnigh | 21 | 13 |
| Ceantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola | 6 | 26 |
| Ceantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg | 7 | 13 |
| Ceantar Bardasach An Chaisleáin Nua | 6 | 13 |
| **Coistí um Beartais Straitéiseacha** | | |
| Forbairt Bhaile agus Shóisialta | 21 | 6 |
| Taisteal agus Iompar | 24 | 4 |
| Forbairt Gheilleagrach, Fiontar agus Pleanáil | 22 | 6 |
| Seirbhísí Pobail, Fóillíochta agus Éigeandála | 22 | 4 |
| Comhshaol | 22 | 5 |
| Cultúir | 16 | 1 |
| Coiste Comhairleach maidir le Cóiríocht do Thaistealaithe | 13 | 4 |
| Coiste Uisce Tuaithe | 11 | 2 |
| Coiste Iniúchóireachta | 7 | 4 |
| Comhchoiste Póilíneachta | 15 | 6 |
| Coiste Forbartha Pobail Áitiúil | 19 | 13 |

**CRUINNITHE FAISNÉISE / CEARDLANNA NA DTOGHLIMISTÉAR ÁITIÚIL**

| | | |
|---|---|---|
| Cathair Luimnigh Thoir | 8 | 10 |
| Cathair Luimnigh Thuaidh | 6 | 10 |
| Cathair Luimnigh Thiar | 7 | 10 |

## COISTÍ UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA

Is é atá i ngach Coiste um Beartais Straitéiseacha (SPC) ná Comhairleoirí tofa agus Ionadaithe Earnála, ag oibriú le chéile i gcineál daonlathais níos rannpháirtí, ag soláthar fócas níos éifeachtaí dá réir sin ar pholasaí maidir le feidhmeanna agus gníomhaíochtaí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Tugann Stiúrthóir Sierbhíse tacaíocht do gach SPC ina gcuid oibre. Cé go gceapann gach SPC polasaí agus go ndéanann siad forbairt air, is ag an gComhairle Iomlán a bhíonn an focal deireanach.

## COSITE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA BAILE AGUS FORBARTHA SÓISIALTA

### BAILL THOFA:

| | |
|---|---|
| An Clr. William O'Donnell | CCCL Cathaoirleach |
| An Clr.Michael Donegan | CCCL |
| An Clr. Liam Galvin | CCCL |
| An Clr. Jerome Scanlan | CCCL |
| An Clr. Stephen Keary | CCCL |
| An Clr. Adam Teskey | CCCL |
| An Clr. John Costelloe | CCCL |
| An Clr. Cian Prendiville | CCCL |
| An Clr. Paul Keller | CCCL |
| An Clr. Joe Leddin | CCCL |
| An Clr. Joe Pond | CCCL |
| An Clr. Francis Foley | CCCL |
| An Clr. Jerry O'Dea | CCCL |
| An Clr. Richard O'Donoghue | CCCL |
| An Clr. John Gilligan | CCCL |
| An Clr. Lisa Marie Sheehy | CCCL |

### SECTORAL REPRESENTATIVES:

**Mr. P.J. O'Grady**
Development/Construction

**Mr. Mike McNamara**
Trade Union

**Ms. Caroline Kelleher**
Business/Commercial

**Ms. Tracey McElligot**
Community & Voluntary *

**Mr. Jimmy Prior**
Community & Voluntary

The Home and Social Development Strategic Policy Committee (SPC) met six times in 2017. The SPC developed a draft policy for private downsizing and recommended the draft Housing Allocations Scheme 2017 for approval by full Council.

*Are nominated via Public Participation Network (PPN)

Tugadh cur i láthair/nuashonrú orthu seo a leanas:

- Atógáil na hÉireann – Plean Gníomhaíochta Náisiúnta do Thithíocht agus Easpa Dídine
- Clár Iasachtaí Tithíochta
- Nuashonrú ar Mheasúnú Tithíochta Sóisialta 2017
- Scéimeanna 'Ceannaigh & Athnuaigh' agus 'Deisigh & Léasaigh'
- Gníomhachtú Talún Poiblí
- Dréachtscéim Leithdháilte 2017
- Cur i láthair ag HAT ar Thithíocht ar dTús maidir le tithíocht do dhaoine óga
- Cur i láthair ag Earnáil an Chomhlachta Ceadaithe Tithíochta
- Plean Forbartha agus Bainistíochta Straitéiseach do thailte an Údaráis Áitiúil
- Dréachtpholasaí maidir le Laghdú Méide Príobháideach
- Athbhreithniú ar Rogha Cheantar chun críche leithdháilte
- Nuashonrú ar Athligean Tithíochta (caighdeáin)
- Nuashonrú ar fhigiúirí agus ar thionscnaimh ar Easpa Dídine
- Suirbhé Molta ar Riocht stoic thithíochta na Comhairle

## AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA AR THAISTEAL AGUS IOMPAR

### BAILL THOFA:

| | |
|---|---|
| An Clr. Frankie Daly Cathaoirleach | LCCC |
| An Clr. Séighin Ó Ceallaigh | LCCC |
| An Clr. Elena Secas | LCCC |
| An Clr. .Eleanor Hogan | LCCC |
| An Clr. Michael Sheahan | LCCC |
| An Clr. Gerald Mitchell | LCCC |
| An Clr. Adam Teskey | LCCC |
| An Clr. Daniel Butler | LCCC |
| An Clr. Séamus Browne | LCCC |
| An Clr. John Loftus | LCCC |
| An Clr. Joe Pond | LCCC |
| An Clr. Michael Donegan | LCCC |
| An Clr. Seán Lynch | LCCC |
| An Clr. Richard O'Donoghue | LCCC |
| An Clr. Kieran O'Hanlon | LCCC |
| An Clr. Emmett O'Brien | LCCC |

### IONADAITHE EARNÁLA:

**Mr. Michael Lenihan**
Talmhaíocht / Feirmeoireacht

**Mr. Brian Leddin**
Comhshaol / Caomhnú*

**Mr. Pat McCarthy**
Forbairt / Tógáil

**Mr. Michael Tiernan**
Gnó / Tráchtáil

**Mr. Frank McDonnell**
Ceardchumann



**Mr. Denis McAuliffe**
Pobal / Deonach*

**Ms. Maureen Browne**
Ionchuimsiú Sóisialta*

**Ms. Ann Gaughan**
Pobal / Deonach

Déanann an Stiúrthóireacht Forbartha Fisiciúil éascú ar fheidhmiú an Choiste um Beartais Straitéiseacha Taistil agus Iompair.

I rith 2017, bhí cruinnithe ag an gCoiste um Beartais Straitéiseacha Taistil agus Iompair i míonna Feabhra, Aibreán, Meitheamh agus Deireadh Fómhair. Déanadh plé ar nithe tábhachtacha straitéiseacha ag na cruinnithe. Áirítear orthu seo Buiséid na mBóithre agus cláir oibre do 2017 agus leithdháileadh maoinithe faoi chláir oibre éagsúla.

D'fhéach an coiste ar an ngá le réiteach a sholáthar ar mhaolú tráchta i gceantair ina raibh gá le straitéisí Dhearadh Líonra Sráideanna Sábháilte. Bhí cur i láthair agus seisiúin eolais ann freisin do na Baill ar chuid de na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le hiompar, ar mhórthionscadail infreastruchtúir, ar a n-áirítear Bóthar Dáileacháin Thuaidh Luimnigh agus cistiú caipitil do thionscadail na mbóithre.

## AN COISTE UM BEARTAIS STRAITEÍSEACHA FORBARTHA GEILLEAGRACH, FIONTRAÍOCHTA AGUS PLEANÁLA

### Elected Members:

| | |
|---|---|
| An Clr. Vivienne Crowley | LCCC Cathaoirleach |
| An Clr. Noel Gleeson | LCCC |
| An Clr. Daniel Butler | LCCC |
| An Clr. Elenora Hogan | LCCC |
| An Clr. John Sheahan | LCCC |
| An Clr. Liam Galvin | LCCC |
| An Clr. Stephen Keary | LCCC |
| An Clr. Séamus Browne | LCCC |
| An Clr. Séighin Ó Ceallaigh | LCCC |
| An Clr. Joe Leddin | LCCC |
| An Clr. James Collins | LCCC |
| An Clr. Jerry O'Dea | LCCC |
| An Clr. Eddie Ryan | LCCC |
| An Clr. Kevin Sheahan | LCCC |
| An Clr. Emmett O'Brien | LCCC |
| An Clr. John Loftus | LCCC |

### IONADAITHE EARNÁLA:

**Mr. John Walsh**
Talmhaíocht / Feirmeoireacht

**Ms. Tracey Lynch**
Comhshaol / Caomhnú*

**Mr. Mike Ryan**
Forbairt / Tógáil

*Are nominated via Public Participation Network (PPN)

**Mr. Denis Doyle**
Gnó / Tráchtáil

**Mr. David Jeffreys**
Gnó / Tráchtáil

**Mr. Brian Thompson**
Pobal / Deonach*

Tháinig an Coiste um Beartais Straitéiseacha Forbartha Geilleagrach, Fiontraíochta agus Pleanála (SPC) le chéile sé uaire i 2017. Ba iad seo a leanas na príomhcheisteanna a pléadh:

- Sceideal Oibre Pleanála Chun Cinn
- Fiontar Sóisialta
- Oifig Fiontair Áitiúil
- Scéim Ranníocaíochta Forbartha
- Glasbhealach Mhórchonair an Deiscirt
- Plean Oidhreachta Luimnigh 2017-2030
- Dréacht-Straitéis Forbartha Turasóireachta agus Margaíochta 2017-2023
- Tionscnaimh Fhostaíochta an Iarthair Láir
- Tionscnaimh Choiste Cúram Leanaí Luimnigh

## AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA DO SHEIRBHÍSÍ POBAIL, FÓILLÍOCHTA AGUS ÉIGEANDÁLA

### Baill Thofa:

| | |
|---|---|
| An Clr. Marian Hurley | LCCC Cathaoirleach |
| An Clr. Vivienne Crowley | LCCC |
| An Clr. Michael Collins | LCCC |
| An Clr. Michael Hourigan | LCCC |
| An Clr. John Costelloe | LCCC |
| An Clr. William O'Donnell | LCCC |
| An Clr. Gerald Mitchell | LCCC |
| An Clr. Lisa Marie Sheehy | LCCC |
| An Clr. Ciara McMahon | LCCC |
| An Clr. Malachy McCreesh | LCCC |
| An Clr. Cian Prendiville | LCCC |
| An Clr. Frances Foley | LCCC |
| An Clr. Seán Lynch | LCCC |
| An Clr. Kevin Sheahan | LCCC |
| An Clr. Michael Sheahan | LCCC |
| An Clr. Brigid Teefy | LCCC |

### IONADAITHE EARNÁLA:

**Ms. Mary Vaughan-Mullane**
Talmhaíocht / Feirmeoireacht

**Ms. Mary Fitzgerald**
Forbairt / Tógáil

**Mr. Liam Toland**
Gnó / Tráchtáil

**Ms. Marian Healy**
Pobal & Deonach*

**Mr. Cillian Flynn**
Pobal & Deonach*

**Ms. Donnah Vuma**
Ionchuimsiú Sóisialta*

Tháinig an Coiste um Beartais Straitéiseacha do Sheirbhísí Pobail agus Fóillíochta (SPC) le chéile ceithre uaire i 2017. Féachadh ar na ceisteanna seo a leanas:

- Plean Geilleagrach agus Pobail Áitiúil;
- Luimneach Sláintiúil;
- Féilte agus Imeachtaí;
- Seirbhís Leabharlainne;
- Rochtain ar Fhostaíocht / do Dhaoine faoi Mhíchumas; agus
- Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh.

## GRÚPA OIBRE AR FHEASACHT I LEITH FÉINMHARÚ

Is fochoiste é an Grúpa Straitéise le haghaidh Féinmharú a Chosc de Sheirbhísí Pobail, Fóillíochta agus Éigeandála, agus bhí sé chruinniú acu i rith 2017. Féachadh ar na nithe seo a leanas:

- Féinmharú agus féindochar a chosc;
- Nascadh i gcóir an tSaoil;
- Seirbhís Meabhairshláinte Luimnigh; agus
- Jigsaw, Luimneach.

Eagraíodh oiliúint Safe Talk do Chomhairleoirí agus don fhoireann túslíne.

## BALLRAÍOCHT AN GHRÚPA STRAITÉISE LE HAGHAIDH FÉINMHARÚ A CHOSC

| | |
|---|---|
| An Clr. Lisa Marie Sheehy | LCCC Cathaoirleach |
| An Clr. Michael Sheahan | LCCC |
| An Clr. Daniel Butler | LCCC |
| An Clr. Cian Prendiville | LCCC |
| An Clr. John Loftus | LCCC |
| An Clr. Gerald Mitchell | LCCC |

**Ms. Mary Vaughan-Mullane,**
Talmhaíocht / Feirmeoireacht

**Ms. Elisa O'Donovan**
Comhshaol

**Ms. Marian Healy**
Pobal & Deonach

**Mr. Cillian Flynn**
Ionchuimsiú Sóisialta

**Ms. Donnah Vuma**
Ionchuimsiú Sóisialta

## ENVIRONMENT STRATEGIC POLICY COMMITTEE

### ELECTED MEMBERS:

| | |
|---|---|
| An Clr. Jerome Scanlan | LCCC Cathaoirleach |
| An Clr. Michael Hourigan | LCCC |
| An Clr. Frankie Daly | LCCC |
| An Clr. Elena Secas | LCCC |
| An Clr. Marian Hurley | LCCC |
| An Clr. Malachy McCreesh | LCCC |
| An Clr. Paul Keller | LCCC |
| An Clr. James Collins | LCCC |
| An Clr. Michael Collins | LCCC |
| An Clr. Noel Gleeson | LCCC |
| An Clr. Kieran O'Hanlon | LCCC |
| An Clr. Eddie Ryan | LCCC |
| An Clr. John Gilligan | LCCC |
| An Clr. Ciara McMahon | LCCC |
| An Clr. John Sheahan | LCCC |
| An Clr. Brigid Teefy | LCCC |

### SECTORAL REPRESENTATIVES:

**Mr. Thomas Blackburn**
Talmhaíocht / Feirmeoireacht

**Mr. Eamonn English**
Talmhaíocht / Feirmeoireacht

**Ms. Anneke Verling**
Comhshaol / Caomhnú*

**Mr. Mark McConnell**
Gnó / Tráchtáil

**Mr. Seamus Leahy**
Gnó / Tráchtáil

**Mr. David Fitzgerald**
Pobal / Deonach*

Déanann an Stiúrthóireacht Forbartha Fisiciúil éascú ar fheidhmiú an Choiste um Beartais Straitéiseacha Comhshaoil.

Tháinig an Coiste um Beartais Straitéiseacha Comhshaoil le chéile i míonna Feabhra, Aibreán, Meitheamh, Deireadh Fómhair agus Nollaig.
Tugadh cur i láthair agus faisnéis do na Baill ar cheisteanna mar:

- An Chreat-treoir Uisce
- Athrú Aeráide
- Dréachtphlean Náisiúnta Maolaithe
- Fodhlíthe molta maidir le dramhaíl a chur i láthair.

## AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA CULTÚIR

### BAILL THOFA:

| | |
|---|---|
| An Clr. Séighlin Ó Ceallaigh | LCCC Cathaoirleach |
| An Clr. Lisa Marie Sheehy | LCCC |
| An Clr. John Loftus | LCCC |
| An Clr. Joe Leddin | LCCC |
| An Clr. Kieran O'Hanlon | LCCC |
| An Clr. James Collins | LCCC |
| An Clr. Michael Collins | LCCC |
| An Clr. Jerry O'Dea | LCCC |
| An Clr. Seán Lynch | LCCC |
| An Clr. Kevin Sheahan | LCCC |
| An Clr. Elenora Hogan | LCCC |
| An Clr. Jerome Scanlan | LCCC |
| An Clr. Stephen Keary | LCCC |
| An Clr. Marian Hurley | LCCC |
| An Clr. Gerald Mitchell | LCCC |
| An Clr. Michael Sheahan | LCCC |

Cuireadh an Coiste um Beartais Straitéiseacha Cultúir le chéile i 2017 agus bhí a chéad chruinniú aige i mí na Nollag 2017.

*Are nominated via Public Participation Network (PPN)

## FEIDHMEANNA FORCHOIMEÁDTA DHÚICHE CHATHRACH LUIMNIGH 2017

Glacadh le Sceideal Oibreacha Ceantair Bardasach 2017 do Dhúiche Chathrach Luimnigh.

Faomhadh ar eastáit éagsúla a thógáil i gcúram de réir Alt 180 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2014 agus S.11 den Acht um Bóithre 1993.

Aontaíodh go ndéanfaí athscrúdú ar Scéim Deontais Fhéilte agus Imeachtaí GMA 2017.

Faomhadh go ndéanfaí bealach aontreo as Walkers Road i dtreo an R445 Luimneach go Bóthar Bhaile Átha Cliath ar feadh 55m.

Faomhadh ar leithdháiltí faoin Leithdháileadh Ginearálta Bardasach – Maoiniú na bhFéilte 2017.

Faomhadh ar Dhréacht-Fhodhlíthe (Rialú Capall) 2017 Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le cur ar taispeáint don phobal de réir Ailt 199 agus Sceideal 14A Cuid 1 d'Acht Rialtais Áitiúil 2001 (mar a leasaíodh).

Faomhadh ar mhúchadh ar cheart slí poiblí ag Cúlsráid ar a dtugtar Lána Uí Chasaide ag dul chuig Cúirt an tSáirséalaigh, Garraí Eoin de réir Ailt 73 d'Acht um Bóithre 1993.

Faomhadh ar seacht n-aonad nua cónaithe a thógáil ag Cúirt Chill Mhuire, Garraí Eoin.

Faomhadh ar bhóthar ag Cluain Draighneach, Luimneach a fhógairt a bheith ina bhóthar poiblí de réir Alt 11 d'Acht um Bóithre 1993.

Togha an Mhéara agus an Leas-Mhéara.

Faomhadh ar leithdháiltí faoi Scéim Deontais na bhFéiltí agus na nImeachtaí GMA 2017 Dhúiche Chathrach Luimnigh.

Faomhadh ar 27 aonad cónaithe a thógáil ag Cúirt na Pailme, Páirc Mhic Aoidh, An Cnoc Theas.

Faomhadh ar 18 aonad nua cónaithe a thógáil ag Páirc Chlíona, Maigh Rois.

Faomhadh ar leithdháiltí faoi Scéim Deontais na Saoráidí Pobail 2017.

Faomhadh ar leithdháiltí de €30,000 ar fad faoi Scéim na dTionscnamh Pobail 2017.

Faomhadh ar leithdháiltí ar I.NY agus Féile Scannán Idirnáisiúnta Richard Harris faoi GMA 2017 Dhuíche Chathrach Luimnigh.

Cinneadh nach gcuirfí iar-Bheairic na bPóilíní/nan Gardaí, An Bhearna Choill, Tobar Phádraig, Luimneach le Taifead na Struchtúr atá faoi Chosaint de réir Ailt 53, 54 agus 55 d'Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (mar a leasaíodh).

Faomhadh ar Theach Tionóil agus Reilig Chumann na gCarad i mbaile fearainn Bhéal Átha na Cora, Luimneach a chur le Taifead na Struchtúr atá faoi Chosaint de réir Ailt 53 agus 54 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (mar a leasaíodh).

Faomhadh ar an Reilig Mhíleata ag Oileán an Rí, Luimneach a chur le Taifead na Struchtúr atá faoi Chosaint de réir Ailt 54 agus 55 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (mar a leasaíodh).

Glacadh le Plean Buiséadach 2018 do Dhúiche Chathrach Luimnigh de €503,000 de réir Alt 102(4) den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (mar a leasaíodh).

Faomhadh ar leithdháiltí faoi scéim deontais RAPID 2017.

Faomhadh ar 16 aonad cónaithe a thógáil ag Páirc an Lisín, Baile Uí Anracháin Thoir, Tobar Phádraig.

Faomhadh ar 12 aonad cónaithe a athchóiriú/a fhorbairt ag Ascaill an Bhúrcaigh, Luimneach.

## FEIDHMEANNA FORCHOIMEÁDTA 2017 CHEANTAR BARDASACH NA CEAPAÍ MÓIRE – CHILL MOCHEALLÓG

Faomhadh ar Dhréacht-Fhodhlíthe um Luastrorainneacha do Bhóithre Náisiúnta agus Neamhnáisiúnta ag dul ar aghaidh chuig staid chomhairliúcháin phoiblí

Glacadh le Plean Buiséadach do Cheantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg don bhliain airgeadais dar críoch 31ú Nollaig 2018, le suim iomlán de €250,000 ar a n-áirítear an leasú maidir le €100,000 a aistriú ó Thionscadail Speisialta - Bonneagar LA go dtí D05 Forbairt Turasóireachta, Áineasa agus Áise, de réir Alt 102 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (mar a leasaíodh).

Faomhadh ar Leithdháiltí faoin Leithdháileadh Ginearálta Bardasach, an Ciste Forbartha, Scéim na dTionscnamh

Pobail agus Scéim Deontais na nÁiseanna Pobail 2017.

Faomhadh ar chur le saolré Phlean Ceantair Áitiúil an Bhrú 2012-2018 ar feadh tréimhse cúig bliana eile de réir Alt 19(1)(d) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (mar a leasaíodh).

Faomhadh ar chur le saolré Phlean Ceantair Áitiúil Chathair Chinn Lis 2012-2018 ar feadh tréimhse cúig bliana eile de réir Alt 19(1)(d) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (mar a leasaíodh).

Faomhadh ar chur le saolré Phlean Ceantair Áitiúil an Ospidéil 2012-2018 ar feadh tréimhse cúig bliana eile de réir Alt 19(1)(d) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (mar a leasaíodh).

Faomhadh ar chur le saolré Phlean Ceantair Áitiúil Chill Fhíonáin 2012-2018 ar feadh tréimhse cúig bliana eile de réir Alt 19(1)(d) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (mar a leasaíodh).

Faomhadh ar 2 eastát tithíochta a thógáil i gcúram de réir Alt 180 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2015 agus Alt 11 den Acht um Bóithre 1993.

Faomhadh ar fhoilsiú na nDréacht-Fhodhlíthe (Rialú Capall), 2017, ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, in ionad Fodhlíthe (Rialú Capall), 2015, Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, d'fhonn rialú a dhéanamh ar rásaíocht sulcaithe ar bhóithre poiblí, de réir Alt 199 agus Sceideal 14A Cuid 1 d'Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (mar a leasaíodh).

Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach a thoghadh.

Glacadh le Sceideal Oibreacha do Cheantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg.

Faomhadh Chuid 8 maidir le cosán poiblí a thógáil le hais bhalla thiar bhaile Chill Mocheallóg de réir Alt 179 3(a) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (mar a leasaíodh) agus Cuid 8 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (mar a leasaíodh)

Faomhadh Chuid 8 maidir leis an Scéim Feabhsúcháin Bóthair Chrois Uí Ruairc N20 atá beartaithe de réir Alt 179 3(a) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (mar a leasaíodh) agus Cuid 8 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (mar a leasaíodh)

Faomhadh Chuid 8 maidir leis na hoibrithe feabhsúcháin acomhail ag Cúinne Uí Loingsigh, Cathair Chinn Lis de réir Alt 179 3(a) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (mar a leasaíodh) agus Cuid 8 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (mar a leasaíodh)

Cinneadh glacadh le Toscaireachtaí uathu seo a leanas:
- Amharclannaíocht Óige Chontae Luimnigh
- Comhairle Pobail Bhrú Rí
- Comhairle Pobail an Ospidéil

Faomhadh ar Fháiltithe Chathartha a bheith ann dóibh seo a leanas:
- Meánscoil Eoin Baiste
- Paudi Quish
- Foireann na mbuachaillí Faoi 14 CLG an Ospidéil, Baile Hiobaird
- Claire & Maria Cronin
- Joe Hargrow
- Foireann bhuachaillí CLG na Ceapaí Móire Faoi 14
- Cluichí Pobail an Bhrú, na Grinsí, Mhéanais fhoireann na gcailíní Faoi 14
- Liam Donovan

Glacadh le miontuairiscí an Chruinnithe roimhe sin

## FEIDHMEANNA FORCHOIMEÁDTA 2017 CHEANTAR BARDASACH AN CHAISLEÁIN NUA

Glacadh le Plean Buiséadach do Cheantar Bardasach an Chaisleáin Nua don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2018, leis an suim iomlán de €225,000 i gcomhréir le hAlt 102 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, mar a leasaíodh.

Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach a thoghadh.

Faomhadh ar Leithdháiltí faoin Leithdháileadh Ginearálta Bardasach, an Ciste Forbartha, Scéim na dTionscnamh Pobail agus Scéim Deontais na nÁiseanna Pobail 2017.

Cinneadh glacadh le Toscaireachtaí uathu seo a leanas:
- Scoil Náisiúnta Ghleann an Ghoirt
- Grúpa Forbartha Cheann Tóchair CLG
- Comhairle Pobail Mhainistir na Féile

Faomhadh Chuid 8 d'oibreacha feabhsaithe ar Mhórchonair an Deiscirt faoi mar atá ann (Glasbhealach Mór an Deiscirt)

Faomhadh go mbeadh Cathaoirleach Ceantair an Lae mar ainmní don Ghrúpa Comhairleach atá beartaithe do Ghlasbhealach Mór an Deiscirt.

Faomhadh go mbeadh Cathaoirleach Ceantair an Lae mar ainmní chuig Bord Chumann Forbartha an Chaisleáin Nua.



Faomhadh go mbainfí trí struchtúr as Taifead na Struchtúr atá faoi Chosaint i gcomhréir le hAlt 54 agus 55 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (mar a leasaíodh).

Faomhadh ar an moladh go ndéanfaí Tollán agus Ionad Amhairc An Bhearna a chuimsiú i nGlasbhealach Mór an Deiscirt, Luimneach i gcomhréir le hAlt 179(3)(a) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (mar a leasaíodh) agus Cuid 8 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (mar a leasaíodh)

Faomhadh ar Sceideal Oibreacha 2017 do Cheantar Bardasach An Caisleáin Nua

Faomhadh ar 6 eastát tithíochta a thógáil i gcúram i gcomhréir le hAlt 180 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2017 agus Alt 11 den Acht um Bóithre 1993.

Críochnaíodh próiseas maidir le hathainmniú a dhéanamh ar "An Cearnóg" sa Chaisleán Nua trí phobalbhreith

Faomhadh ar fhoisliú Fhodhlíthe (Rialú Capall) 2017 Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

Faomhadh go mbeadh "Cathaoirleach an Lae" mar ainmní chuig Bord Chumann Forbartha an Chaisleáin Nua.

Faomhadh go gcuirfí Dréacht-Fhodhlíthe um Luastrorainneacha do Bhóithre Náisiúnta agus Neamhnáisiúnta ar aghaidh chuig staid comhairliúcháin phoiblí

## DÚICHE CHATHRACH ÁTH DARA – RÁTH CAOLA – FEIDHMEANNA FORCHOIMEÁDTA 2017

Cinneadh go ndéanfaí óstáil ar Fháiltiú Cathartha do Choláiste na Trócaire, Ráth Caola tar éis dóibh an bua a fháil i gCorn Náisiúnta Scoileanna na gCailíní Sinsir Bhanc na hÉireann FAI.

Glacadh le Sceideal Oibreacha do Cheantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola 2017.

Faomhadh ar leithdháiltí faoi Leithdháileadh Ginearálta Bardasach 2017.

Aontú go gcuirfí Dréacht-Fhodhlíthe (Rialú Capall) 2017 Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar taispeáint go poiblí d'fhonn Rialú a dhéanamh ar Rásaíocht Sulcaithe ar Bhóithre Poiblí i Luimneach.

Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach a thoghadh don Cheantar Bardasach.

Faomhadh ar an Eastáit ag Baile Mhóirín, Cill Díoma a thógáil i gcúram i gcomhréir le hAlt 180 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (mar a leasaíodh) agus Alt 11 den Acht um Bóithre 1993.

Faomhadh ar iarratais faoi Scéim Deontais na Saoráidí Pobail 2017.

Faomhadh cur le bealach siúlóide agus rothaíochta Ghlasbhealach Mhórchonair an Deiscirt ó Ráth Caola go Baile an Gharráin, Contae Luimnigh ar an iarlíne iarnróid ó Luimneach go Ciarraí faoi réir choinníoll breise a bheith áirithe.

Faomhadh ar fhógraí a chur ar atráth maidir le Plean Ceantair Áitiúil nua a dhéanamh do Ráth Caola agus 5 bliana eile a chur le saolré an phlean atá ann.

Faomhadh ar leithdháiltí faoi Leithdháiltí Scéim na dTionscnamh Pobail 2017.

Glacadh le Plean Buiséadach do Cheantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2018, leis an iomlán €225,000 i gcomhréir le hAlt 102 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, mar a leasaíodh.

Cuid 8 Bearta Moillithe Tráchta i mBaile Ráth Caola. Leasú ar oibreacha a bhí beartaithe le dhá rampa oillithe sa bhreis a bheith i gceist.

Faomhadh go gcuirfí Dréacht-Fhodhlíthe um Luastrorainneacha do Bhóithre Náisiúnta agus Neamhnáisiúnta ar aghaidh chuig staid comhairliúcháin phoiblí.



# IONADAÍOCHT AR CHOMHLACHTAÍ EILE



## IONADAÍOCHT AR CHOMHLACHTAÍ EILE

### COISTE COMHAIRLEACH MAIDIR LE CÓIRÍOCHT ÁITIÚIL DO THAISTEALAITHE
An Clr. Seán Lynch
An Clr. Michael Sheahan
An Clr. Marian Hurley
An Clr. Ciara McMahon

### CUMANN RIALTAIS ÁITIÚIL NA HÉIREANN (AILG)
An Clr. Michael Hourigan
An Clr. Vivienne Crowley
An Clr. Richard O'Donoghue
An Clr. John Gilligan
- Comhlachas na Comhairle um Polasaí Seasta (AILG)
  An Clr. Michael Hourigan
  An Clr. Vivienne Crowley
  An Clr. Richard O'Donoghue

### COMHTHIONÓL RÉIGIÚNACH AN DEISCIRT AGUS AN OIRTHIR
An Clr. Joe Leddin
An Clr. Noel Gleeson
An Clr. John Sheahan

### IONTAOBHAITHE MHARGADH LUIMNIGH
An Clr. Stephen Keary (Méara Chathair agus Chontae Luimnigh)
An Clr. Seán Lynch (Méara Cheantar Cathrach Luimnigh)
An Clr. Joe Leddin
An Clr. Malachy McCreesh
An Clr. John Loftus
An Clr. Vivienne Crowley
An Clr. James Collins
An Clr. William O'Donnell
An Clr. Gerald Mitchell
An Clr. Marian Hurley
An Clr. Michael Sheahan
An Clr. John Costelloe
An Clr. Adam Teskey
An Clr. Joe Pond
An Clr. Daniel Butler
An Clr. Eleanor Hogan
An Clr. Jerry O'Dea
An Clr. Kieran O'Hanlon

### CUMANN LEABHARLANN NA HÉIREANN
An Clr. Kevin Sheahan

### COMHAR-ÁRACHAIS COMHAIRLÍ ÉIREANN TEORANTA
An Clr. William O'Donnell

### CUMANN CHOMHALTAÍ NA NÚDARÁS ÁITIÚIL
An Clr. John Sheahan

### BORD RIALAITHE OLLSCOIL NA HÉIREANN, CORCAIGH
An Clr. Eddie Ryan

### ÚDARÁS RIALAITHE OLLSCOIL LUIMNIGH
An Clr. Stephen Keary (Méara Chathair agus Chontae Luimnigh)
An Clr. Seán Lynch (Méara Cheantar Cathrach Luimnigh)

### IONTAOBHAS OIDHREACHTA ÁTH DARA TEORANTA
An Clr. Stephen Keary (Méara Chathair agus Chontae Luimnigh)

### ACMHAINNÍ IARTHAR LUIMNIGH TEORANTA
An Clr. Michael Collins
An Clr. Francis Foley
An Clr. Emmett O'Brien
An Clr. John Sheahan

### FORBAIRT BHEALACH ABHRA TEORANTA
An Clr. William O'Donnell
An Clr. Michael Donegan

### COMHPHÁIRTÍOCHT PAUL
An Clr. Seán Lynch
An Clr. Frankie Daly
An Clr. Michael Sheahan

### LÍONRA CÚRAM POBAIL TUAITHE (RCCN)
An Clr. Jerome Scanlan
An Clr. Francis Foley

### IONTAOBHAS MÚSAEM HUNT
An Clr. Vivienne Crowley
An Clr. William O'Donnell

### CUIDEACHTA MHÚSAEM HUNT
An Clr. Jerry O'Dea

### FÓRAM RÉIGIÚNACH SLÁINTE AN IARTHAIR
An Clr. Brigid Teefy
An Clr. Malachy McCreesh
An Clr. Michael Hourigan
An Clr. Jerome Scanlan
An Clr. Michael Sheahan
An Clr. Francis Foley
An Clr. Michael Collins

### FOIREANN UM FHEIDHMIÚ GNÍOMHAÍOCHTA GASTA DO RÁTH CAOLA
An Clr. Stephen Keary

### COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA
Cllr. Paul Keller
Cllr. John Gilligan
Cmhlr. Séighin Ó Ceallaigh
Cllr. John Costelloe
Cllr. Frankie Daly
Cllr. Stephen Keary
Cllr. Liam Galvin
Cllr. Gerald Mitchell
Cllr. John Sheahan
Cllr. Seán Lynch
Cllr. Kevin Sheahan
Cllr. Jerry O'Dea
Cllr. Richard O'Donoghue
Cllr. Eddie Ryan
Cllr. Emmett O'Brien

### BORD GOBHARNÓIRÍ OSPIDÉAL NAOMH EOIN
Cllr. Seán Lynch (Mayor of Metropolitan District)
Cllr. Cian Prendiville
Cllr. Michael Sheahan
Cllr. Gerald Mitchell
Cllr. Jerry O'Dea

### COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT LUIMNIGH
Cllr. Joe Pond

### IONTAOBHAS SIBHIALTA LUIMNIGH
Cllr. Marian Hurley

### BORD STIÚRTHA IONAID FIONTAR POBAIL MHAIGH ROIS
Cllr. Frankie Daly

### BORD BAINISTÍOCHTA CHUIDEACHTA FORBARTHA POBAIL NAOMH MAINCHÍN TEORANTA
Cllr. Vivienne Crowley

### BORD NUÁIL LUIMNIGH
Cllr. Joe Pond
Cllr. James Collins
Cllr. Eleanor Hogan
Cllr. Séamus Browne

### BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LUIMNIGH AGUS AN CHLÁIR
Cllr. Marian Hurley
Cllr. Elena Secas
Cllr. Lisa Marie Sheehy
Cllr. Liam Galvin
Cllr. Michael Donegan
Cllr. Richard O'Donoghue
Cllr. Kieran O'Hanlon

### COISTE INIÚCHÓIREACHTA
Cllr. James Collins
Cllr. Joe Pond
Cllr. Jerome Scanlan

### COISTE FORBARTHA POBAIL ÁITIÚIL (LCDC)
Cllr. Séamus Browne
Cllr. Eddie Ryan
Cllr. Jerome Scanlan
Cllr. Daniel Butler

### COISTE MONATÓIREACHTA UISCE TUAITHE
Cllr. Eddie Ryan
Cllr. Jerome Scanlan
Cllr. Lisa Marie Sheehy


### IONAD EALAÍON AN BELLTABLE – FOCHOISTE SPEISIALTA DEN BHORD
Cllr. Stephen Keary (Méara Chathair agus Chontae Luimnigh)

### GRÚPA STIÚRTHA STRAITÉISE BIA LUIMNIGH
Cllr. Michael Sheahan
Cllr. Noel Gleeson

### FORBAIRT STRAITÉISEACH DAC LUIMNEACH 2030
(ar tugadh Cuideachta Forbartha Fiontair LCO roimhe seo air)
Cllr. James Collins
Cllr. Seamus Browne
Cllr. Joe Pond
Cllr. Eleanor Hogan



# TOGHCHEANTAIR



# IMEACHTAÍ, BUAICPHOINTÍ AGUS FÁILTIÚ CATHARTHA





## IMEACHTAÍ




*Luimneach, an Comhairleoir Stephen Keary ag oscailt Leabhar Comhbhróin go hoifigiúil i gcuimnne orthu siúd a fuair bás sa bhuamáil i Mogadishu, Somalia.*



*Cuireann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh fáilte abhaile roimh churaidh Iomána na hÉireann agus na Mumhan Faoi 21 ag an gCeanncheathrú Chorparáideach, Cé na gCeannaithe, Luimneach.*



*Fáiltiú Méarachta, á óstáil ag Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Stephen Keary do CLG Áth Dara as ucht an bua a fháil i gCraobhchomórtas Peile Sinsear Chlubanna an Chontae 2017.*



*Searmanas Lá Náisiúnta Cuimhneacháin a bhí ar siúl i gCeanncheathrú Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Cé na gCeannaithe, ar an Domhnach 9ú Iúil, 2017 in onóir na nÉireannach sin, idir fhir agus mhná, a fuair bás i gcogaí nó ar seirbhís leis na Náisiúin Aontaithe*


# IMEACHTAÍ



*An tAire Airgeadais, Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe , Pascal Donoghue le Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Stephen Keary i gceanncheathrú Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh do Chruinniú Faisnéise ar Bhuiséad 2018.*



*Fáiltiú Méarachta, á óstáil ag Méara Dhúiche Chathrach Luimnigh, an Comhairleoir Seán Lynch, do Paul Kiely as ucht mórán blianta díograiseacha a chaitheamh ar son aosa óig Luimnigh ina chuid oibre le Seirbhís d'Aos Óg Luimnigh.*



*Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Stephen Keary ag oscailt Leabhar Comhbhróin go hoifigiúil i gcuimhne othru siúd a fuair bás in ainghníomhartha Texas agus Nua-Eabhrac.*



*Fáiltiú Méarachta, á óstáil ag Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Kieran O'Hanlon do Diana Mirza, Seaimpín Fichille an Domhain Faoi 17.*



*Fáiltiú Méarachta, á óstáil ag Méara Dhúiche Chathrach Luimnigh, do CLG Naomh Pádraig mar aitheantas ar an rath a bhí orthu sa chathair agus sa chontae i 2017. An Méara Lynch ag bronnadh scrolla sínithe agus frámáilte ar Paddy Quilligan.*





*Ambasadóir Oinigh Idirnáisiúnta do Luimneach déanta de CJ Stander ar 24ú Bealtaine 2017, ag Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Kieran O'Hanlon. Pictiúr: Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Conn Murray, CJ Stander agus an Comhairleoir Kieran O'Hanlon*



*Leabhar Comhbhróin á bhronnadh ar Olive Foley, bean chéile Príomhchóitseálaí na Mumhan, Anthony Foley, nach maireann. Bhí suas le 10,000 síniú agus teachtaireachtaí comhbhróin ón bpobal sa leabhar tar éis do Phríomhchóitseálaí na Mumhan bás a fháil go tobann i bPáras i nDeireadh Fómhair 2017.*



*Seoladh tionscadail nua ceoil, Autonomy, i Luimneach a bhainfidh leas as cumhacht agus as borradh ghníomhaíochais i measc dhaoine óga.*

# IMEACHTAÍ



Fáiltiú á óstáil ag Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Stephen Keary do bhaill Chór Soiscéalach Aontachta Luimnigh.




Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Stephen Keary le Izzy Duggan, Scoil an Spioraid Naoimh, Baile an Róistigh, a fuair an chéad duais sa Rannóg Sóisearach agus Michelle Kelly, Coláiste Pobail Thuamhain, Maoilis, a fuair an chéad duais sa Rannóg Sinsearach do chomórtas chartaí Nollag Cóirthrádála.



Fáiltiú Méarachta á óstaíl ag Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Stephen Keary do Chumann Gailf na mBan, Luimneach, a fuair an bua i gCorn Sóisearach Chraobh na hÉireann na mBan i Meán Fómhair 2016 i mBéal Feirste.




Méara nuacheaptha Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Stephen Keary, ag tréaslú le Leas-Mhéara nuacheaptha Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Marian Hurley.



Fáiltiú Méarachta, á óstáil ag Méara Dhúiche Chathrach Luimnigh, an Comhairleoir Seán Lynch do Pike Rovers FC tar éis dóibh an bua a fháil i gCorn Sóisearach na Mumhan 2016-2017.



Lá na hAfraice

# IMEACHTAÍ



*Lúb nua do shlabhra Deasghnách an Mhéara á bhronnadh ag teaghlach Frank Prendergast nach maireann, suaimhneas síoraí dá anam.*




*Rith Mór Luimnigh, Deireadh Seachtaine Saoire Bainc na Bealtaine.*






*Taisteal Níos Cliste, Luimneach 2017 – tagann GoCars go Luimneach. Tagann comhroinnt carranna go Luimneach.*

# STIÚRTHÓIREACHT FORBARTHA GEILLEAGRACH

## RÉAMHRÁ

Lean an borradh ar athbheochan Luimnigh faoi threoir chairéiseac phlean Eacmaíochta agus Spásúlachta Luimneach 2030 i rith 2017 leis an gcathair ar cheann de na réigiúin is tapúla fáis maidir le hinfheistíocht dhíreach eachtrach.

Leis an uaillmhian nua atá follasach i Luimneach tá athrú ó bhonn ar an scéal go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, le leibhéil shuntasacha infheistíochta agus jabanna cruthaithe ag cuideachtaí dúchasacha agus idirnáisiúnta i gcaitheamh 2017.

Bhí an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Gheilleagrach, a bhfuil mar chúram uirthi Luimneach a chur chun cinn agus a fhorbairt, chun tosaigh maidir le príomhthionscadail a fhorbairt agus spás ceannródaíoch a chur chun cinn le níos mó infheistíochta isteach a mhealladh, ar a n-áirítear tionscal nua ar fad le forbairt Troy International Film Studios, Gardens International Development agus bunú Engine le spás oibre fleisc-ama agus luasctha a sholáthar i gcroílár na cathrach.

Ba bhliain í 2017 a raibh dea-thorthaí uirthi le breis agus 3,300 jab agus €354 milliún d'infheistíocht fógartha do Luimneach, ag cuideachtaí ar a n-áirítear Regeneron, Northern Trust, Adare manor, HCL, Stats agus Optel Vision.

Ba bhliain í mar ar bhain an Stiúrthóireacht iliomad duaiseanna amach maidir le Nuálaíocht, Forbairt Gheilleagrach, Margaíocht agus Infheistíocht Isteach a Mhealladh agus seoladh Limerick.ie, a raibh iliomad duaiseanna buaite aige, ar ardán nua taithí dhigiteach é atá ainmnithe mar cheann de na suíomhanna greásáin turasóireachta is fearr ar domhan ag Skift.com – an t-aon suíomh gréasáin Éireannach ar tharla a leithéid dó agus é ar cheann de cheithre shuíomh san Eoraip a bhain onóir amach.

Ba bhliain í freisin ina ndearna Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe, aighneachtaí a chur faoi bhráid an Creat Náisiúnta Pleanála: Éire 2040 Ár bPlean, a thacaíonn le pleanáil agus forbairt Réigiún Cathrach Luimnigh sa todhchaí.





# LUIMNEACH FICHE TRÍOCHA

- I 2017, rinne Limerick Twenty Thirty dul chun cinn suntasach maidir le cabhrú le feabhas a chur ar gheilleagar Luimnigh. Tosaíodh ar na Gairdíní Idirnáisiúnta a thógáil ar Shráid Anraí, le hinfheistíocht €20m a fhostóidh suas le 750 duine.

- I mí na Samhna 2017 thug an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) iasacht €85 milliún do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le hathrú ó bhonn a dhéanamh ar Shuíomh Ceoldrámaíochta 3.7 acra i Lár na Cathrach i Luimneach, chuig ceann de na forbairtí oifige is fearr sa tír a chruthóidh suas le 3,000 jab. Ba í seo an infheistíocht uirbeach ba mhó, agus an chead cheann in Éirinn ag BEI. Táthar ag súil leis go leanfar le leibhéal maoinithe den chineál céanna ó Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa (BCE) go luath i 2018.

- Tosaíodh ar mháistirphleanáil do Champas Cois Abhann Cleeves agus forbairt cónaithe Páirc Mhungairit.

## CÚLRA AGUS BUAICPHOINTÍ

Cuimsíonn an Stiúrthóireacht Forbartha Geilleagrach, a bhfuil sé mar chúram uirthi Luimneach a chur chun cinn agus a fhorbairt, seacht bpríomhroinn anois:
- Infheistíocht
- Nuáil Luimnigh
- Oifig Fiontair Áitiúil
- Oifig Margaíochta agus Cumarsáide
- Turasóireacht
- Pleanáil Chun Cinn/Straitéiseach
- Straitéis Digiteach.

Seo a leanas cuid de na buaicphointí faoi gach roinn acu seo.

# INFHEISTÍOCHT

Tá sé mar chúram ar an Aonad Infheistíochta tacú le hiarrachtaí an ÚFT, Fiontraíocht Éireann, gníomhaireachtaí eile stáit agus leis an bpobal gnó, maidir le timpeallacht a chruthú le héascú a dhéanamh ar fhostaíocht a chruthú chomh maith le sonraí eacnamaíochta a bhailiú agus a scaipeadh, bainistiú a dhéanamh ar an gciste forbartha agus seirbhísí tacaíochta corparáideacha a raiaradh.
Bhí mórán buaicphointí ag baint le 2017, ar a n-áirítear:
- Fógraí maidir le hinfheistíocht agus jabanna tionsclaíochta, 3,326 ar fad, le hinfheistíochta €354 milliún ag cuideachtaí ar a n-áirítear Optel Vision, Virgin Media, Adare Manor, Northern Trust, HCL, Stats, Regeneron, Castletroy Park, Teckro, Samco Longcourt House Hotel, SL Controls agus Kirkland Investments.
- Mórinfheistíochtaí miondíola agus jabanna fógartha ag Iceland, Supermac's, Freshii, SØstrene Grene, House Limerick, Golden Discs, Gala, Gap, Superdry and Selected.
- Áirítear ar idirnáisiúnú tionscnamh Luimnigh bróisiúr nua infheistíochta a dhearadh agus a chur ar fáil, turais thrádála chuig Nua-Eabhrac, Boston, Austin, San Francisco chomh maith le cruinnithe le hoifigigh Chonsalachta, gníomhaireachtaí stáit agus cliaint/ cuideachtaí gnó, tionscnaimh chomhpháirtíochta leis an Oifig Margaíochta agus Cumarsáide.

# NUÁIL LUIMNIGH

Tá sé mar aidhm ag Nuáil Luimnigh nuálaíocht a thiomáint agus feidhmiú mar mheicníocht soláthair do na tionscadail ar tugadh imlíne orthu sa Phlean Luimneach 2030 agus i bPleananna Forfheidhmithe Athghiniúint Luimnigh agus eile. Ar na nithe a baineadh amach i 2017 bhí:
- Ainmníodh Eamonn Murphy, Cathaoirleach Nuáil Luimnigh, mar Phearsa Luimnigh na míosa do mhí Eanáir 2017 mar aitheantas ar obair an Bhoird lena chinntiú go mbeadh Cathair agus Contae Luimnigh le feiceáil mar cheann de na háiteanna is tarraingtí le gnó a thosú agus a fhorbairt.
- I mí Feabhra 2017, d'aistrigh foireann Nuáil Luimnigh chuig a n-áitreabh ENGINE atá suite ar Shráid Shisil, Luimneach. Bunaíodh ENGINE le nuálaíocht a thiomáint chun cinn, trí áiseanna a sholáthar do dhaoine indibhidiúla agus do chuideachtaí le freastal ar a mianta agus a riachtanais. Áirítear in ENGINE áiseanna oiliúna, spás oifige oibre comhionaid, áiseanna deasc shealaíochta agus is ann atá WP Engine ilnáisiúnta faoi láthair.
- I mí Feabhra 2017, déanadh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a ainmniú, trí shaothar Nuáil Luimnigh, mar an tÚdarás Áitiúil ba Nuálaí i nDuaiseanna Pobail & Comhairle 2017 Chumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil.
- I nDeireadh Fómhair 2017, d'éirigh le hiarratas Nuáil Luimnigh ar Chistiúchán Athnuachana Baile agus Sráidbhaile. Fuair siad €200,000 le forbairt a dhéanamh ar E-Mhol ag Ionad Fiontar Ráth Caola, a thacóidh le fiontraíocht agus le deiseanna fostaíochta chomh maith le hathoiliúint agus uasoiliúint i mbaile Ráth Caola. Is in Ionad Fiontar Ráth Caola atá Design Pro Ionnaithe, a bhfuil 70 duine fostaithe ann faoi láthair, le 50 jab breise fógartha i 2017.
- Tar éis do NBC Universal teacht chun "Nightflyers" a léiriú ag Troy Studios, tá Nuáil Luimnigh tar éis oibriú le Troy Studios, Screen Training Ireland, Bord Scannán na hÉireann, Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus le réimse de pháirtithe leasmhara le freastal ar riachtanais na hearnála scannán agus le ganntanas scileanna agus riachtanais oiliúna a aithint don réigiún.
- Tá Nuáil Luimnigh tar éis dul i gcomhpháirt le hIonad Fiontar Cheann Tóchair agus le cabhair ó Fhiontraíocht Éireann, le Patricia O'Sullivan ceaptha mar Chomhordaitheoir Straitéise Bia.

# OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL

I 2017, lean Oifig Fiontair Áitiúil (LEO) Luimnigh lena próifíl a ardú agus a ról a chur chun cinn mar ghníomhaireacht tosaíochta d'fhorbairt ghnólachtaí beaga sa Chathair agus sa Chontae. Bliain rathúil eile a bhí inti maidir le tacaíocht airgeadais a sholáthar do ghnó, le tacaíocht á sholáthr do chruthú fostaíochta agus oiliúint agus forbairt á soláthar do chuideachtaí faoi bhainistíocht úinéara agus do phríomhfhostaithe i ngnólachtaí beaga i Luimneach.

Sholáthair LEO cúnamh airgeadais d'fhiontair bheaga agus do mhicrithionscadail i rith 2017 trí chúnamh deontais. Is iad na trí phríomhchatagóir deontais ná Staidéar Indéantachta, Cúnamh Deontais Phríméala, agus cúnamh Deontais um Leathnú Gnó. Ghlac LEO Luimnigh le polasaí go mbeadh 30% de Dheontais Phríméala agus 40% de Dheontais um Leathnú Gnó i bhfoirm in-aisíoctha d'fhonn in-aisíocacht fhoriomlán de 30% faofa a bhaint amach. Leanann Deontais Indéantachta le bheith neamh-in-aisíoctha. Mar thoradh air sin aisíocadh €197,248 le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i 2017. Tá ciste de Chúnamh In-Aisíoctha de €460,759 ar fáil anois le tuilleadh cúnaimh a thabhairt do ghnó i Luimneach.

Rinne an cúnamh airgeadais a d'íoc LEO Luimnigh i rith 2017 cúanmh a thabhairt le 279 jab breise (lán agus páirtaimseartha) a chruthú san earnáil le líon iomlán na jabanna i gcuideachtaí le tacaíocht LEO ag 1,907 anois. Rinne lucht curtha chun cinn na dtionscadal a faomhadh i rith 2017 réamh-mheastacháin fhostaíochta go ndéanfaí 132 job breise a chruthú i 2018 mar thoradh ar an gcúnamh airgeadais a fuarthas. Fuarthas 50 iarratas ar chúnamh deontais i 2017 agus faomhadh 43 acu. Ba é méid iomlán na ndeontas faofa ag LEO Luimnigh i 2017 ná €808,362, maidir le 45 tionscadal. Ba é an méid a íocadh maidir le cúnamh deontais sa tréimhse ná €482,436 ar íocadh €163,705 de i gcúnamh in-aisíoctha.

Ar bhuaicphointí na bliana bhí:
- Glacadh le Plean Forbartha Fiontar Áitiúil Luimnigh 2017-2020
- Seastáin Eolais First Stop Shop a thabhairt isteach, i láthair sa Chathair agus sa Chontae.
- LEO Nuachtlitir Mhíosúil Luimnigh eisithe
- Trádáil Dearbhán ar líne chuig luach €102,575 faofa do 45 gnó
- Comhpháirtíocht LEO le trí Chuideachta Forbartha Áitiúil Luimnigh le comhairle agus oiliúint a sholáthar ar fud na Cathrach agus an Chontae.
- Gníomhaíocht fhairsing na meán i gcomhar leis an Oifig Margaíochta agus Cumarsáide le cruthú fiontar a chur chun cinn i Luimneach.
- Clár Fiontraíochta Scoileanna i 20 Meánscoil le 1,100 dalta rannpháirteach.

- Dámhachtain Fiontraíochta Luimnigh LEO – Fiontraí na Bliana Bernie Carroll, Cláir Mhic Léinn Éireann Teo. a ghlac páirt thar ceann Luimneach sa Chraobh Náisiúnta i mBaile Átha Cliath.
- Bhain Adrian Fleming, Accuvio Ltd, duais amach mar Fhiontraí Óg is Fearr in Éirinn, agus ghlac sé páirt ar son Luimnigh i gCraobh Náisiúnta IBYE i gCeanncheathrú Google i mBaile Átha Cliath.
- Comhairle ar fhiontraíocht tugtha ag comhairleoirí oilte gnó do dhaoine indibhidiúla.
- Soláthraíodh 11 Cúrsa ar do Ghnó Féin a Chur ar Bun do 148 duine, 138 tasc meantóireachta duine le duine do dhaoine indibhidiúla agus soláthar déanta ar 86 cúrsa oiliúna do 1,180 duine; 530 fear agus 650 bean rannpháirteach.

D'éirigh le cur chuige LEO Luimnigh maidir le deighilt agus díriú ar chuideachtaí de réir stádais a saolré maidir le fás agus forbairt na gcuideachtaí a chinntiú trí chúnamh deontais agus i rith 2017, d'oibrigh LEO go dian leis na cuideachtaí ar aithníodh acmhainn agus cumas fáis, idirnáisiúnú agus easpórtála a bheith ag baint leo.

# OIFIG MARGAÍOCHTA AGUS CUMARSÁIDE

Tá freagracht ar Oifig Margaíochta agus Cumarsáide Chathair agus Chontae Luimnigh as cumarsáid chorparáideach a láimhseáil agus branda Luimnigh a fhorbairt agus a chur chun cinn le cuairteoirí agus infheisteoirí idirnáisiúnta, trí fheachtais fhuinniúla leanúnacha sna meáin thraidisiúnta agus nua. I 2017 rinne an Oifig athsheoladh ar ardán nua digiteach na Comhairle Limerick.ie a bhain ardghradam amach maidir le Seirbhís Sármhaith do Chustaiméirí ag duaiseanna Barr Feabhais i Rialtas Áitiúil 2017. Cuireadh feachtas Ár gCathair, Ár Scéalta Limerick.ie ar ghearrliosta do Dhuaiseanna Náisiúnta na Meán Sóisialta 'Sockies 2017' - an t-aon údarás áitiúil ar ghearrliosta in aon chatagóir de dhuaiseanna, agus freisin do dhuaiseanna Eircom Spiders don Eispéireas Úsáide is Fearr.

Áiríodh ar ghníomhaíocht na hOifige:
- Feachtas fairsing margaíochta le cur i láthair a dhéanamh ar Limerick.ie ar a n-áirítear seó bóthair ar fud an chontae le bus Limerick.ie le 50 suíochán, le bróisiúr nua, físeán, earraí bolscaireachta, raidió, feachtas fógraíochta priontála agus digiteach. Lena chois sin bhí feachtas náisiúnta margaíochta digiteach le Luimneach a chur chun cinn mar cheann scribe deireadh seachtaine, eachtraíochta agus saoire teaghlaigh.
- Comharthaíocht nua Luimnigh curtha suas ag Aerfort Idirnáisiúnta na Sionainne agus stáisiún traenach Colbert.
- Dearadh déanta ar bhróisiúir nua ar a n-áirítear mapaí siúlóide agus reatha Luimnigh, mapa bealaigh Tiomána, treoracha maidir le Féilte agus Laethanta Saoire Bainc.
- Eisíodh 65 r-nuachtlitir Limerick.ie agus 12 feasachán gnó Limerick.ie
- Seoladh físeán agus ábhar margaíochta Invest Limerick le staidéar Próifílithe Eacnamaíochagus Sonraí ar Luimneach ar déanadh coimisiúnú air.
- Déanadh óstáil ar an lucht tuairisceoireachta faisin agus ar an lucht tionchair is mó le rá i gcathair Luimnigh agus Adare Manor le siopaí agus búiteacanna Luimnigh a chur chun cinn trí imeacht CP faisin #LimerickTagged. Baineadh breis agus 700,000 cuntas sóisialta amach ar Twitter agus Instagram agus é sa chéad áit i dtreochtaí Twitter.
- Seoladh feachtas nua margaíochta Luimnigh 'Cathair na Mac Léinn' trí chur chun cinn ar champas agus Mapaí agus Treoir Mac Léinn Limerick.ie á ndáileadh ar 15,000 mac léinn, le fógraí digiteacha agus feachtas digiteach ar na meáin shóisialta.
- Rinne Limerick.ie urraíocht agus ghlac páirt sa teacht le chéile ba mhó san Eoraip de bhlagálaithe taistil (TBEX) i gCill Airne ar fhreastal breis agus 600 toscaire ó ar fud an domhain air, a bhfuil teacht acu eatarthu ar os cionn 300 milliún duine ar fud an domhain.
- 264 preaseisiúint eisithe, na céadta fiosrú ó na meáin áitiúla agus náisiúnta a fhreagairt agus bainistiú a dhéanamh ar chuntais oifigiúla meáin shóisialta na Comhairle
- Cuireadh ceithre iris foirne ar fáil agus a scaipeadh ar fhoireann na Comhairle le r-nuachtlitreacha míosúla á scaipeadh d'fhonn an fhoireann a choimeád ar an eolas maidir le hathruithe agus gníomhaíochtaí na Comhairle
- Tugadh faoi fheachtas teachtaireachta sábháilteachta i gcomhar leis an FSS, Grúpa Ospidéal OL agus An Garda Síochána faoi #LK Ag Obair le Chéile.
- Déanadh próifíliú ar Luimneach i dTreoirleabhar Taistil Thurasóireacht Éireann le leithdháileadh i gcúig phríomh-mhargadh idirnáisiúnta – SAM, An Bhreatain Mhór, an Ghearmáin, an Fhrainc agus an Spáinn agus d'éirigh le Luimneach a bheith ar an leathanach tosaigh den irisleabhar Go Wild a leithdháileadh ar na mílte asraon ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin
- Feachtas ar líne le Luimneach curtha i láthair mar láthair infheistíochta san irisleabhar Foreign Policy i SAM, le feachtas promóisin i mBoston mar chuid d'iarracht chomhoibríoch ó thoscaireacht ón Iarthair Láir le béim a chur ar bhuanna Luimnigh maidir le hinfheistíocht, turasóireacht, trádáil agus oideachas agus seoladh feachtas fógraíochta leis an irisleabhar Spirit of Ireland dírithe ar mhargadh SAM
- Tugadh faoi fheachtas margaíochta digiteach, cló agus raidió d'Fhéile Pádraig Luimnigh, Riverfest agus don Nollaig
- Déanadh óstáil ar thuras idirnáisiúnta do na meáin d'Fhéile Pádraig i gcomhar le Fáilte Éireann
- Nochtadh sraith nua físeán gearr dírithe ar chuid de na carachtair ar fud Chontae Luimnigh i bhfeachtas margaíochta digiteach. Tá iliomad carachtar i 'Limerick.ie – Ár gContae, Ár Scéalta', a léiríonn uathúlacht ar leith mhuintir Chontae Luimnigh. Is féidir féachaint ar na físeáin ar mheáin shóisialta Limerick.ie (Facebook, Twitter, Instagram, Vimeo agus YouTube).
- Luimneach curtha chun cinn mar cheann scribe i ngné-ailt fhógraíochta agus eagarthóireachta d'irisleabhar na dtionscnóirí turas Coach Tours UK
- Tá méadú ag teacht i gcónaí ar lucht leanta na meán shóisialta
  - Tháinig méadú 27% ar lucht leanta Facebook Limerick.ie chuig 17,976 ag deireadh na bliana
  - Tháinig méadú 17% ar lucht leanta Twitter Limerick.ie chuig 13,513 ag deireadh na bliana
  - Tháinig méadú 42% ar lucht leanta Instagram Limerick.ie chuig 3,468 ag deireadh na bliana
  - Tháinig méadú 25% ar lucht leanta Twitter Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chuig 9,714 ag deireadh na bliana
  - Tháinig méadú 37% ar lucht leanta Twitter Margaíochta Luimnigh chuig 1,971 ag deireadh na bliana
- Bhí 806,732 úsáideoir ag Limerick.ie, ar mhéadú 5.75% ar an mbliain roimhe sin é.

# TURASÓIREACHT

Tá freagracht ar an aonad Turasóireachta as Straitéis Forbartha Turasóireachta a fhorbairt agus a sholáthar do Luimneach, le fócas ar leith ar líon na gcuairteoirí agus ar ioncam a mhéadú do Luimneach; forbairt a dhéanamh ar an eispéireas turasóireachta sa Chathair agus sa Chontae; uasmhéadú a dhéanamh ar shuíomh Luimnigh ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin; agus oibriú le príomhpháirtithe leasmhara le feabhas a chur ar an eispéireas turasóireachta i Luimneach.

Ar na príomhnithe a bhaineadh amach i 2017 áirítear:
- I mí Eanáir 2017, bronnadh Brat Corcra ar Chathair Luimnigh, rud a thugann aitheantas don chathair mar áit atá dea-bhainistithe mar a bhfuil rogha iontach áiteanna le bia a fháil, le siamsaíocht agus cultúr agus sábháilteacht agus folláine na gcuairteoirí agus na n-áitritheoirí curtha chun cinn ag an am gcéanna. Chabhraigh an cur chuige comhordaithe idir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhlachas Luimnigh agus An Garda Síochána le Luimneach an gradam a bhaint amach. Bhí deireadh seachtaine an Brat Corcra ar siúl idir 6ú – 8ú Deireadh Fómhair 2017.
- Chríochnaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh oibreacha substaintiúla ar Ghlasbhealach Mhórchonair an Deiscirt i 2017 a cheadaigh athainmniú na conaire siúil mar Ghlasbhealach. Tá fálú déanta agus athrú déanta ar gach geata feirme agus trasbhealach ar bhóthar poiblí rud a dhéanann an bealach níos oiriúnaí do lucht rothaíochta. Tá seastáin rothar agus láithreacha suí curtha ag suíomhanna straitéiseacha agus tá athdhromchlú déanta ar 14km den bhealach.
- Rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh óstáil ar Dhámhachtain na nGlasbhealach Eorpach, a thug aitheantas do ghlasbhealaí a bhfuil barr feabhais ag baint leo agus a léiríonn dea-chleachtas. Thug an Giúiré duais ar leith do phríomhpháirtithe leasmhara Ghlasbhealach Mhórchonair an Deiscirt – Great Southern Trail Ltd mar aitheantas ar na hiarrachtaí a déanadh agus ar an obair go léir a rinne an grúpa oibrithe deonacha le breis agus 25 bliain; agus Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh a chuaigh i mbun bainistíochta ar an nGlasbhealach atá athainmnithe anois.

# PLEANÁIL CHUN CINN/ STRAITÉISEACH

Tá freagracht ar an Rannóg Pleanála Chun Cinn/ Straitéiseach as taighde, ullmhú agus cur ar fáil a dhéanamh ar pholasaí pleanála agus as pleanáil d'fhorbairt inbhuanaithe tithíochta, infreastruchtúir, as forbairt gheilleagrach agus chomhshaoil sa Chathair agus sa Chontae.

## AN CREAT PLEANÁLA NÁISIÚNTA – ÉIRE 2040

- Déanadh comhaighneacht thar ceann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Contae Thiobraid Árann, Grúpa na Sionainne, Cuideachta Poirt Fhainge na Sionainne, Ollscoil Luimnigh, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus Plean Gníomhaíochta do Jabanna Réigiún an Iarthair Láir chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir le **Creat Náisiúnta Pleanála (CNP) Éire 2040 Ceisteanna agus Roghanna Tosaigh** Moltar san aighneacht go ndéanfaí Réigiún Iarthar Láir Chathrach Luimnigh a fhorbairt, ag tógáil ar na struchtúir láidre rialachais atá ann, mar Réigiún Cathrach bríomhar Sraithe 2, aitheanta sa CNP mar fhócas d'fhás, a bheadh in ann tionchar tairsí criticiúil a úsáid le cur le forbairt agus iomaíochas náisiúnta.
- Déanadh dhá aighneacht a chur chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir le **Dréacht-Chreat Náisiúnta Pleanála (CNP) Éire 2040.** Déanadh comhaighneacht thar ceann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Contae Thiobraid Árann, Grúpa na Sionainne, Cuideachta Poirt Fhainge na Sionainne, Ollscoil Luimnigh, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus Plean Gníomhaíochta do Jabanna Réigiún an Iarthair Láir agus an déanadh an dara aighneacht thar ceann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

## PLEANANNA FORBARTHA CATHRACH AGUS CONTAE:

- Athrú Uimh. 5 (a) ar Phlean Forbartha Contae Luimnigh 2010-2016 breisithe le háireamh a dhéanamh ar rogha tosaíochta na conaire do Bhóthar Dáileacháin Thuaidh Luimnigh (LNDR) agus glacadh leis seo sa Bhealtaine
- Athrú Uimh. 5 (b) ar Phlean Forbartha Contae Luimnigh 2010-2016 breisithe le háireamh a dhéanamh ar thaobhach na láithreán folamh, a bhfuil soláthar déanta ina chóir in Acht um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíochta 2015, agus glacadh leis seo sa Bhealtaine
- Athrú Uimh. 6 (a) ar Phlean Forbartha Cathrach Luimnigh 2010-2016 le háireamh a dhéanamh ar chuspóirí Phlean Forfheidhmithe Chreat Athghiniúna Luimnigh, agus glacadh leis seo sa Bhealtaine
- Athrú Uimh. 6 (b) ar Phlean Forbartha Cathrach Luimnigh 2010-2016 breisithe le háireamh a dhéanamh ar thaobhach na láithreán folamh, a bhfuil soláthar déanta ina chóir in Acht um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíochta 2015, agus glacadh leis seo sa Bhealtaine

## PLEANANNA CEANTAIR ÁITIÚIL:

- Cuireadh síneadh cúig bliana le Pleananna Ceantair Áitiúil an Bhrú, Chill Fhíonáin agus Chathair Chinn Lis.
- Tá tosaithe ar athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Ceantair Áitiúil Chaladh an Treoigh le foilsiú doiciméid na gCéad Eagrán agus cruinniú poiblí sa Kilmurray Lodge Hotel. Tá comhairliúchán fairsing poiblí i gceist leis an bpróiseas seo leis an bpobal agus leis na Baill Thofa.
- Ullmhaíodh leasú ar Phlean Ceantair Áitiúil an Ospidéil 2012-2018, le stáisiún peitril agus óstán a cheadú go ginearálta ar thailte atá criosaithe le haghaidh Láithreán Cónaithe le Seirbhísí. Níor glacadh leis an leasú.

## SCÉIM RANNÍOCAÍOCHTA:

- Glacadh leis an Scéim Ranníocaíochta Forbartha 2017-2021 i mí Eanáir.

## SUIRBHÉ LÁR NA CATHRACH:

Críochnaíodh suirbhé ar úsáid talún agus ar fhoilmhe i mí na Nollag 2017 do chrios meascán úsáide lár na cathrach.

# OIDHREACHT

## PLEAN OIDHREACHTA:

- Sheol Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Stephen Keary agus iar-Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann, an Dr. Pat Wallace, Plean Oidhreachta 2017-2030 i nGailearaí Ealaine Chathair Luimnigh, ar an 22 Meán Fómhair 2017, os comhair lucht éisteachta a bhí go mór ar son na hoidhreachta.

## CUR CHUN CINN NA HOIDHREACHTA:

- Thug an Oifig Oidhreachta cúnamh do roinnt grúpaí ar a n-áirítear cumainn staire agus grúpaí na mbailte slachtmhara trí shiúlóidí ialtóg a dhéanamh agus taispeántais a chur ar bun.
- Thug an Dr. Una Fitzpatrick, comhordaitheoir ar an bPlean Náisiúnta um Pailneoirí leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, cuairt ar an gComhairle le himlíne a thabhairt ar conas a fhéadfadh an Chomhairle bithéagsúlacht a fheabhsú do phailneoirí.
- Déanadh dhá iarratas faoi chlár maoinithe an Phlean Oidhreachta chuig an gComhairle Oidhreachta ar chistiú do 2017. Ba iad sin Suirbhé Úsáide Éan don tSionainn-Inbhear an Fhorghais agus leanúint le tionscadal Atlais Dhigiteach Luimnigh, ar thionscadal sonraí cartlainne geoshuite é, agus d'éirigh leis an dá cheann maoiniú a fháil.

Déanadh €30,000 a chomhroinnt go cothrom idir an dá thionscadal.

- Déanadh éascú ar Sheachtain na hOidhreachta a chur chun cinn trí threoirleabhair a bhí foilsithe ag an gComhairle Oidhreachta a dháileadh ar leabharlanna ar fud na Cathrach agus an Chontae, agus ar ghrúpaí oibrithe deonacha sa réimse oidhreachta. Bhí iliomad imeachtaí ar siúl i gCathair agus i gContae Luimnigh le linn Seachtain na hOidhreachta, a bhí eagraithe ag grúpaí pobail agus deonacha den chuid ba mhó. Mar chuid de ghníomhaíochtaí Sheachtain na hOidhreachta rinne Tom O'Neill, Oifigeach Oidhreachta, siúlóid dúlra a threorú i bPáirc Mhungairit agus chuir taispeántas sleamhnán ar siúl ina dhiaidh sin i gColáiste Mhungairit do mhuintir na háite agus do Chumann Staire Mhungairit araon.




*Spriocanna Straitéise Dearaidh Luimnigh*

*Lógó Luimneach Cliste*



# STRAITÉIS DHIGITEACH

Bhunaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an tAonad Straitéise Digiteach le leas a bhaint as buntáistí an athraithe digiteach. Tá na rannóga seo a leanas san aonad:

1. Eispéireas Digiteach Chustaiméirí: freagrach as seirbhísí digiteach a sholáthar do shaoránaigh agus dár gcustaiméirí seachtracha .i. Limerick.ie, My Limerick agus suíomhanna gréasáin a bhaineann leo.
2. Eispéireas Digiteach an Úsáideora: freagrach as seirbhísí digiteacha a sholáthar dár bhfoireann, .i. córais ghnó, SugarCRM, Inlíon etc.
3. Sonraí, Anailísíocht agus GIS: freagrach as an mbonneagar sonraí, GIS agus sonraí a bhaineann leo.
4. Cláir AE: freagrach as comhordú straitéiseach ar chistiúchán an AE.

Ar na tionscadail ar tugadh futhu i rith 2017 áirítear:

- I 2017, ghlac an Chomhairle le **Straitéis Digiteach Luimnigh** ar a n-áirítear Treochlár do Luimneach Cliste 2017-2020. Tá sé mar aidhm ag an straitéis bunchloch a leagadh síos do "Réigiún Cathrach agus Pobal Luimnigh Chliste", Luimneach a úsáideann teicneolaíochtaí digiteacha le pobail a chumasú, seirbhísí níos fearr a chruthú, luasghéarú a dhéanamh ar fhás inbhuanaithe sóisialta agus eacnamaíochta agus feabhas a chur ar chaighdeán na beatha do chách.
- **Leathanbhanda:** le tacú le leathanbhanta ardluais a chur i gceantair tuaithe bunaíodh Oifigeach Leathanbhanda sa Rannóg Straitéise Digiteach mar chuid den Phlean Náisiúnta Leathanbhanda (PNL). Bhí an fócas i 2017 ar an PNL a ullmhú do chonradh agus ar leathanbhanda a chur ar fáil mar chuid de thiomantas Eir le cur ar chumas 15,032 áitreabh a bheith i "limistéar bánghorm" Chontae Luimnigh idir 2017 agus 2018.
- **Tionscadal TCI Cliste** – Mar fhreagra ar thorthaí Staidéar Cúlchríche Luimnigh, tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, ag obair i gcomhar leis An Garda Síochána, tar éis tosú ar thionscadal píolótach ar ardán comhtháite TCI Cliste i 14 baile i gContae

Luimnigh. Tá an Rannóg Straitéise Digiteach tar éis comhordú a dhéanamh ar an tionscadal ag obair go dlúth lenár gcomhghleacaithe ó na seacht rannóga eile, An Garda Síochána agus Ionad Fiontar Pobail Mhaigh Rois. I gCuid 1 déanfar suiteáil ar 44 ceamara Ardshonraíochta /Ardchaighdeain ag 24 suíomh nua i ngach ceann den 14 baile. Cumasaíodh láthair thástála i Ráth Caola i mí na Nollag 2017. Cuirfear ardán TCI Cliste i bhfeidhm le príobháideachas, cosaint sonraí agus slándáil faisnéise sa dearadh, mar phríomhchuspóir ag an dtionscadal.

- **Limerick.ie – Ardán Eispéireis Dhigiteach Chomhtháite**

- Tá athrú déanta ar Limerick.ie i ndlúth-chomhoiriú leis an Rannóg Margaíochta agus Cumarsáide ó shuíomh gréasáin do Luimneach a raibh ag éirí go han-mhaith leis go hardán eispéireis dhigiteach chomhtháite a chuireann gach a bhfuil le tairiscint ag Luimneach chun cinn go hidirnáisiúnta. Déanann príomhtháirge insoláthartha faoi ardán Straitéise Digiteach Luimnigh seo bealaí nua rannpháirtíochta digiteach a sholáthar idir an Chomhairle agus na daoine ar a bhfuilimid ag freastal. Cuirfear feabhas ar an mbealach seo go leanúnach sna míonna agus sna blianta atá romhain le prionsabal "Digiteach sa Chéad Áit ach cuimsitheach".
- Is ardán nua é **My Limerick**, ar chuid de Limerick.ie é do sheirbhísí ar líne a dhéantar a sholáthar i gcomhar leis na rannóga Seirbhísí Custaiméara, Oibríochtaí Seirbhíse agus Feabhsaithe Gnó. De réir mar a bhíonn níos mó fáil ag gach teaghlach ar leathanbhanda faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda go ceann idir trí agus cúig bliana, tá sé riachtanach go mbeadh Limerick. ie ullamh le rochtain a sholáthar do shaoránaigh, do chuairteoirí agus do lucht gnó ar líon níos mó seirbhísí ar líne. Tá sé mar aidhm againn bunchloch a leagadh le Limerick.ie do sheirbhís nua, slán ar líne a bheadh comhtháite ag leibhéal áitiúil. I 2017, chuireamar dhá sheirbhís nua ar líne ar fáil: is féidir le saoránaigh agus le comhairleoirí iarratais ar sheirbhísí a thaifead agus a leanúint anois; is féidir ceadúnais mhadraí a cheannach anois ag úsáid My Limerick. Tá sé mar aidhm againn comhtháthú a dhéanamh faoi 2018 ar ardán comhoibrithe agus freisin ar ardán rannpháirtíochta poiblí a thacóidh le saoránaigh gníomhú trí bhealaí digiteacha maidir le forbairt a bpobal.

- Tá forbairt déanta ar **aip mhóibíleach CRM** le hoibriú i gcomhar le My Limerick agus CRM na Comhairle – córas Bainistíochta ar Chaidreamh le Custaiméirí. Úsáideadh an aip le foireann oibríochta na comhairle a roghnú ar a ngléasanna móibíleacha le cur ar a gcumas bainistíocht cháis éifeachtach a dhéanamh agus iad lasmuigh den oifig. Cuireann an aip seo úsáid fhaisnéise fhíor-ama chun chinn san eagraíocht, le téacs agus íomhánna curtha ar an aip ar fáil láithreach ar CRM na Comhairle do Sheirbhísí Custaiméara agus do shaoránaigh freisin i My Limerick. Ceadaíonn an aip úsáid níos éifeachtaí as am na foirne agus iontráil sonraí ar chaighdeán níos airde, toisc go ndéantar sonraí a thaifead ar an láthair. Cuirfidh nuashonrú ar an aip atá beartaithe do Ráithe 1 i 2018 scrúdú sofaisticiúil agus cumas bainistíochta sócmhainní leis freisin.
- I 2017 críochnaíodh tionscadal píolótach maidir le **Córas Bainistíochta Doiciméid Leictreonach & Taifead – ERDMS** nua. Tá trí rannóg áirithe sa tionscadal píolótach: Straitéis Dhigiteach, Cartlann agus Seirbhísí Corparáideacha. In éineacht lenár gcomhghleacaithe sa Chartlann, sna Rannóga TFC agus sa Rannóg Feabhsaithe Gnó, déanadh clár trí bliana a shonrú mar a ndéanfar feidhmiú céimneach ar scála leathan ar bhainistíocht taifead leictreonach. Tosóidh LITe – clár Claochlaithe Fhaisnéise Luimnigh i 2018 agus leanfar leis go dtí 2020.
- I 2017, rinne an Straitéis Dhigiteach freagairt ar mhéadú éilimh ar shonraí na Comhairle agus an phobail trí eisiúint tosaigh **"Insight Limerick"** - Sonraí mar ardán Seirbhíse, a fhoilsiú. Rinne an tseirbhís réabhlóideach seo sonraí stórais aonraithe a 'dhíghlasáil' ar fud na n-aonad gnó le rochtain éasca ag lucht déanta cinntí anois ar shócmhainní luachmhara sonraí. Tá comhtháthú á dhéanamh ar fháil sonraí nua, mar áiritheoir líon na ndaoine ar Shráid Uí Chonaill, i Insight Limerick le húsáid láithreach bonn ag an eagraíocht uile. I 2018, déanfaidh Insight Limerick luach a sonraí don fhoireann a mhéadú agus leagan 'sonraí oscailte' a thairiscint don phobal ag teacht le straitéis DPER. Maidir le hardanailís, tá ardán nua ar a dtugtar QGIS curtha i bhfeidhm agus tá aiseolas an-dearfach ann ina thaobh.
- Tá os cionn 60 ball foirne tar éis tosú ar QGIS a úsáid agus soláthraíodh os cionn 43 uair an chloig oiliúna don fhoireann d'fhonn scileanna na foirne a fhorbairt maidir le rochtain ar shonraí, iad a úsáid agus anailís a dhéanamh orthu.
- Táthar ag leanúine le hiarrachtaí **Luimneach a chur chun cinn ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta** mar Réigiún Cathrach Cliste, mar áit tarraingteach le cónaí inti, le cuairt a thabhairt uirthi agus le hinfheistíocht a dhéanamh inti trí fhorbairt a dhéanamh ar ár ngreásáin, ár gcomhpháirtíochtaí agus a bheith i láthair ag fóraim idirnáisiúnta. I 2017, bhí Luimneach i láthair agus curtha chun cinn ag 15 comhdháil náisiúnta agus idirnáisiúnta ar a n-áirítear Ríomhsheirbhísí Rialtais Éireann agus comhdhálacha bliantúla Fhóram Chathracha Cliste na hÉireann Uile i mBaile Átha Cliath agus Cruinniú Mullaigh na gCathracha Cliste 2017 i Londain.
- In iarracht ar **dhea-chleachtas idirnáisiúnta** a thabhairt go Luimneach agus ár gcuid oibre a roinnt agus a chur chun cinn go hidirnáisiúnta, tá Luimneach tar éis a hainm a chur le himeacht a bheidh á óstáil i Yinchuan, sa tSín, Forógra na gCathracha Cliste in éineacht le gach mórchathair cliste mar Atlanta, Béal Feirste, Chicago, Baile Átha Cliath, Las Vegas, Leeds, Luimneach, Liverpool, Medellin, Miami, Milton Keynes, Tempere, Utrecht, Wellington, etc.






Laura Ryan, Ceannasaí Margaíochta agus Cumarsáide, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Martin Shanahan, POF ÚTF na hÉireann agus an Dr. James Ring, POF, Comhlachas Luimnigh ag seoladh an bhróisiúir Invest Limerick.



Sa phictiúr ag síniú leis an gconradh €17.6m do shuíomh Gardens International ar Shráid Anraí a fhorbairt bhí David Conway, POF Luimneach Fiche Tríocha, Denis Brosnan, Cathaoirleach, Luimneach Fiche Tríocha agus Pat Daly, Leas-POF, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.




Athsheoladh ar Limerick.ie in Aibreán 2017 le hardán digiteach comhtháite nuafhorbartha. Rinne an tAire Patrick O'Donovan TD é a sheoladh.



Craobh Luimnigh de na Fiontraithe Óga is Fearr in Éirinn 2018 Eagraithe ag Oifig Fiontair Áitiúil Luimnigh. (Ó Chlé-Deas) Paddy Finn ón Malartán Leictreachais, Chris Kelly ó Pinpoint Innovations, & Padraic Hayes ó MyBev.ie




I ndiaidh athsheoladh Limerick.ie chuaigh an fhoireann ar thurs timpeall na cathrach agus an chontae le Seó Bóthair Limerick.ie ag bualadh le daoine indibhidiúla, le gnólachtaí, le grúpaí pobail agus scoileanna.




Engine Taobh Amuigh



*Limerick Tagged - I Samhain 2017 tháinig grúpa de phríomhlucht tionchair na mean faisin le chéile ag Adare Manor do #LimerickTagged – seóthaispeántas ar thionscal faisin Chontae Luimnigh, ag cur béime ar bhúitíceanna, ar dheathóirí agus ar dhearthóirí óga faisin neamhspleách.*



*Engine Taobh Istigh*




*An tOllamh Eamonn Murphy, Cathaoir Nuáil Luimnigh agus Conn Murray Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag glacadh le "Gradam an Údaráis Áitiúil is Nuálaí" de chuid Chumann Chomhaltaí na gComhairlí Contae*




*Foireann na Straitéise Digiteach ag comhdháil bhliantúil Fhóram Uile-Éireann na gCathracha Cliste i bPáirc an Chrócaigh sa Mheán Fómhair*



*Technical team behind the HYPERLINK "http://Limerick.ie" Ardán Eispéiris Dhigiteach Chomhtháite Limerick.ie*





**Data Details**

| | |
|---|---|
| **Source** | Central Statistics Office www.cso.ie |
| **Licence** | CSO data is accessible free of charge and licensed under Creative Commons Attribution (version 4.0 cc-by) |
| **Download** | cso-disposable-income.csv |
| **Details** | Annual disposable income per person for the four largest cities in Ireland. |

*Tacar sonraí Ioncaim Indiúscartha ó ardán 'Sonraí mar Sheirbhís' Insight Limerick*




*Imeacht Cathair Cliste I bhFócas 2017 i Yinchuan, sa tSín*




*Feidhmiúlacht Mhapála in Aip Móibileach CRM*

# STIÚRTHÓIREACHT FORBARTHA FISICIÚIL

## RÉAMHRÁ

Bunaíodh an Stiúrthóireacht Forbartha Fisiciúil i mí Aibreáin 2016 agus tá sí freagrach as polasaí agus straitéis a fhorbairt sna réimsí iompair agus comhshaoil. Tá freagracht ar an Stiúrthóireacht freisin as freagrachtaí na Comhairle a bhainistiú faoin gCreat-treoir Uisce agus faoin Treoir maidir le Tuillte.

Mar chuid den ról seo, tugann an Stiúrthóireacht faoi na tascanna tosaíochta seo a leanas:

- Pleanáil agus soláthar a dhéanamh do thimpeallacht fhisiciúil chathair agus chontae Luimnigh sa todhchaí.
- Tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíochta Luimnigh le le bonneagar iomchuí agus cosaint ar cháilíocht an chomhshaoil a sholáthar.
- Forbairt agus comhordú a dhéanamh ar straitéisí le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, ar a n-áirítear bonneagar iompair ar ardchaighdeán, bonneagar comhshaoil, roghanna taistil níos cliste agus rochtain ar thithíocht ar ardchaighdeán.
- Straitéisí a fhorbairt a sholáthródh réimse poiblí a bheadh inrochtana agus sábháilte do chách agus cur chun cinn agus tacú le nósanna maireachtála agus iompair a bhíonn sláintiúil.

# STIÚRTHÓIREACHT FORBARTHA FISICIÚIL

Tá an Stiúrthóireacht freagrach as monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar bhuiséad ioncaim bhliantúil de timpeall €45m. Tá ról tosaíochta ag an Stiúrthóireacht seo maidir le cistiú a aimsiú do gach mórthionscadal forbartha a bhaineann le bóithre, cosaint ar thuilte agus tionscadail chomhshaoil.

Chuige sin, tá ceannas á thabhairt ag an Stiúrthóireacht d'fhorbairt fhisiciúil Luimnigh, ag obair go dlúth leis na Stiúrthóireachtaí Eacnamaíochta agus Forbartha Sóisialta agus na Coistí Polasaí Straitéiseach iomchuí.

Ar chuid de na príomhréimsí oibre a cuireadh chun cinn i rith 2017 áirítear:

- Tá cur chun cinn Athbheochan Lárionaid Uirbigh Luimnigh maidir le Tionscadal Shráid Uí Chonaill, leis na comhairleoirí Arup ceaptha, tar éis na príomhlaincisí a aithint, roghanna indéanta a fhorbairt agus measúnú cuimsitheach a dhéanamh. Socraíodh ar an rogha tosaíochta i ndiaidh chomhairliúcháin fhairsing phoiblí. Tá an scéim ullamh le dul ar aghaidh chuig céim iomchuí pleanála. Is as ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa a thagann 50% de chostas an tionscadail seo, le cistiú de €4,045,025.00 ag teacht ón ERDF.
- Déanadh dul chun cinn ar an mBonneagar Bóthair a sholáthar ag Mungairit faoin gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíocha a Ghníomhachtú (LIHAF). Fuarthas faomhadh ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil le dul ar aghaidh le scéim Mhungairit.
- Déanadh dul chun cinn ar Thionscadal Bhóthar Dáileacháin an Tuaiscirt. Faomhadh an t-athrú ar an bPlean Forbartha i mBealtaine 2017. Thug DTTAS faomhadh don togra le dul ar aghaidh chuig Mionmheastóireacht Airgeadais. Déanadh oibreacha feabhsúcháin eatramhacha ag deireadh 2017 ó thimpeallán Uí Mhacaí go dtí an t-acomhal leis an gCeapach Mhór ar an R445.
- Déanadh dul chun cinn ar athfhorbairt Shráid Parnell. Críochnaíodh Céim a haon ar Shráid Parnell i 2017. Críochnaíodh Dearadh agus Tairiscintí do Chéim 2.
- Déanadh dul chun cinn ar réamhdhearadh ar Chonair Bus ó OL go Lár na Cathrach.
- Críochnaíodh uasghrádú ar acomhal Shráid Chaitríona/Shráid an Róistigh le héascú a dhéanamh ar ghluaiseacht shábháilte choisithe agus rothaithe.
- Freastal ar riachtanais an Chreat-treoir Uisce. Críochnaíodh aighneacht ar Chlár Gníomhaíochta Níotráite. Críochnaíodh Saintréithriú Abhantraí i gcomhar leis an EPA.

Measúnacht imscrúdaitheach déanta ar dhobharlaigh "i mbaol"; Tacaíodh le forbairt Iontaobhas na nAibhneacha.

- Athbhreithniú déanta ar shaintreíthriú dobharlach faoin gCreat-treoir Uisce agus measúnú ar na brúnna ar cháilíocht uisce.
- Críochnaíodh an mapáil torainn straitéiseach leasaithe ar na príomhbhóithre i Luimneach agus soláthróidh seo bonn do phlean gníomhaíochta torainn.
- Bunaíodh trí stáisiún cáilíochta aeir timpeallachta i Mungairit, Caisleán Uí Chonaill agus Sráid Uí Chonaill le heolas fíor-ama ar fáil don phobal tríd an idirlíon. Déantar tuarascáil ar cháilíocht an aeir a fhoilsiú gach mí ar shuíomh gréasáin na Comhairle.
- Cuireadh na tionscadail seo a leanas chun cinn agus/nó críochnaíodh iad faoin gClár Taistil Níos Cliste i rith 2017:
  - Bealach 2 – Críochnaíodh cosán comhroinnte siúlóide agus rothaíochta ag nascadh Lár na Cathrach, an Corrbhaile agus Ollscoil Luimnigh agus d'oscail an tAire Stáit Turasóireachta, Patrick O'Donovan T.D. é ar an 17 Feabhra 2017.
  - Bealach 4 – tosaíodh ar Chosán Siúlóide agus Rothaíochta Bhéal Átha Síomoin/an Gharraí Ghlais.
  - Rinne an tAire Stáit Turasóireachta Patrick O'Donovan T.D. Seachtain na Rothar 2017 a sheoladh. Rinne Taisteal Níos Cliste Luimnigh seachtain d'imeachtaí a eagrú agus a óstáil. Othru seo bhí dúshláin rothaíochta do scoileanna, campais agus áiteanna oibre. Rinne Rae Bedford óstáil ar dhá imeacht ar shábháilteacht rothaíochta i gcomhar leis an nGarda Síochána, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, agus Supervalu. Déanadh seiceálacha rothar a sholáthar soar in aisce ar fud na cathrach. Bhí Paráid Rothar na Cathrach ar siúl ar an Domhnach 18 Meitheamh 2017, ag tosú ag Páirc Uí Bhriain agus leanadh Bealach Taistil Níos Cliste nua Luimnigh chuig Ollscoil Luimnigh.
  - Forfheidhmiú an Tionscadail um Athrú Iompraíochta i gceithre cheantar tionscadail mhoil; Lár na Cathrach, An Corrbhaile, Caladh an Treoigh (ar a n-áirítear Páirce Teicneolaíochta Náisiúnta) agus Athghiniúint an Taobh ó Dheas, ag obair le 10 bPobal, 32 Scoil, 10 Ionad Oibre agus 5 Champas.
  - Sheol an chuideachta Éireannach roinnte carranna GoCar, Club Roinnte Carranna píolótach, i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, i Luimneach ar an 22 Meán Fómhair 2017. Tá sé spás sráide sainithe mar spásanna don chlub roinnte carranna ar fud Chathair Luimnigh. Tá ns sé spás sráide nua don Chlub Roinnte Carranna suite mar a leanas: Trá Mhic Fhlanncha, Trá Uí Cheallacháin, Cé Charlotte, Cé an Easpaig, Sráid Barrington agus Cearnóg an Pheirigh.



## CUID DE NA PRÍOMHLEITHDHÁILTÍ MAOINITHE A FUARTHAS I 2017

### AN ROINN IOMPAIR, TURASÓIREACHTA AGUS SPÓIRT:

| Scéime | Leithdháileadh |
|---|---|
| Feabhsú Athchóirithe | €6,425,671 |
| Cothabháil Athchóirithe | €1,750,956 |
| Deontas Lánroghnach | €3,467,526 |
| Scéim Athshlánaithe Droichead | €428,000 |
| Deontais d'Fheabhsaithe Sonracha – Droichead Thumhan | €700,000 |
| Deontais Straitéiseacha Réigiúnacha agus Áitiúla – Bóthar Dáileacháin Uí Chuanach go Cnoc an Lisín | €2,500,000 |
| Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta | €288,000 |
| Luasteorainneacha | €77,000 |
| Deontas Oiliúna | €68,000 |

### AN TÚDARÁS NÁISIÚNTA IOMPAIR

**Scéimeanna Maoinithe**

- Uasghrádú Sráid Parnell agus Sráid an Dáibhisigh
- Uasghrádú Sráid Chaitríona/Sráid an Róistigh
- Tosaíocht do Bhusanna ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath

### OIFIG NA NOIBREACHA POIBLÍ


**Scéimeanna Maoinithe**

- Scéim Maolaithe Tuilte Fhainge
- Scéim Maolaithe Tuilte Oileán an Rí

### AN ROINN TALMHAÍOCHTA, BIA AGUS MARA

**Scéimeanna Maoinithe**

- Cé Choill Tíre
- Cé Bhaile Stiabhna



*Cosán Rothaíochta agus Siúlóide Taisteal Níos Cliste Luimnigh – Ag nascadh Ollscoil Luimnigh le Lár na Cathrach*



*Cosán Rothaíochta agus Siúlóide Taisteal Níos Cliste Luimnigh – Oscailt Oifigiúil Feabhra, 2017*

# STIÚRTHÓIREACHT FORBARTHA SÓISIALTA

Tá an Stiúrthóireacht Forbartha Sóisialta tiomanta feabhas a chur ar cháilíocht na beatha do dhaoine agus do phobail mar chuid de thiomantas sóisialta an Phlean Corparáideach. Tá sé freagrach as polasaí agus straitéis ar a n-áirítear tacú le hobair an Choiste um Beartais Straitéiseacha (SPC) Forbartha Baile agus Sóisialta agus an SPC Pobail, Fóillíochta agus Seirbhísí Éigeandála. Tá sé freagrach freisin as an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC), an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN), Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) a ullmhú, an Clár um Ghníomhachtú Pobail agus Ionchuimsiú Sóisialta (SICAP), an Straitéis Forbartha Tuaithe (RDS), Luimneach Sláintiúil, agus bíonn idirchaidreamh aige freisin le Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh.

Tá príomhról ag an Stiúrthóireacht maidir le roghnú agus maoiniú na dtionscadal um chaipiteal tithíochta faoin gclár Atógála Éireann agus maidir le haghaidh a thabhairt ar easpa dídine, a raibh dúshlán ar leith ag baint leis i 2017. Tá Clár Athghiniúna Luimnigh á threorú ó laistigh den Stiúrthóireacht.





# FORBAIRT POBAIL AGUS IONCHUIMSIÚ

## AN COISTE FORBARTHA POBAIL ÁITIÚIL (LCDC)

### SEOA A LEANAS BALLRAÍOCHT AN CHOISTE

| | |
|---|---|
| An Clr Jerome Scanlon (Cathaoirleach) | CCCL |
| An Clr Seamus Browne | CCCL |
| An Clr Eddie Ryan | CCCL |
| An Clr Daniel Butler (Leaschathaoirleach) | CCCL |
| Conn Murray | CCCL |
| Pádraig Casey | Cuideachta Forbartha Bhealach Abhra |
| Anne Kavanagh | Comhpháirtíocht PAUL |
| Shay Riordan | Acmhainní Luimnigh Thiar |
| Zara O'Driscoll | Líonra Rannpháirtíochta Pobail |
| Susan O'Neill | Líonra Rannpháirtíochta Pobail |
| Trish Forde Brennan | Líonra Rannpháirtíochta Pobail |
| Tony Lynch | Líonra Rannpháirtíochta Pobail |
| Liz Price | Líonra Rannpháirtíochta Pobail |
| George O'Callaghan | Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh & an Chláir |
| Jim Lynch | An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí |
| Tony Quilty | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| Aidan Gleeson | Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann |
| Fiona O'Grady | Seirbhísí d'Aos Óg Luimnigh |
| James Ring | Comhlachas Tráchtála Luimnigh |

Bhí trí chruinniú déag 13 ag an LCDC i rith na bliana agus é an-ghníomhach i gcomhlíonadh a fheidhmeanna. Tháinig deireadh le téarma reachtúil in oifig an Chathaoirligh i 2017, agus tháinig an Comhairleoir Jerome Scanlon i gcomharbacht ar an gComhairleoir Eddie Ryan mar Chathaoirleach agus toghadh an Comhairleoir Daniel Butler mar Leaschathaoirleach ag an gcruinniú i mí Iúil. Rinne an LCDC maoirseacht, agus rinne cinntí, nuair ba ghá, maidir leis an gClár um Ghníomhachtú Pobail agus Ionchuimsiú Sóisialta (SICAP) agus Clár Leader an AE agus scéimeanna éagsúla deontais. In éineacht le cruinnithe an LCDC, bhí cruinnithe ag foghrúpaí freisin maidir le measúnú, monatóireacht agus pleanáil SICAP, ceisteanna oibríochta LEADER agus measúnú na n-iarratas ar scéimeanna éagsúla deontais.

## STRAITÉISÍ

Agus a fheidmeanna á gcomhlíonadh ag an LCDC, tógtar ceann de gach riachtanas reachtúil ábhartha agus go háirithe an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) agus an Straitéis Forbartha Átiúil (LDS) d'Fhorbairt Tuaithe.

## AN CLÁR UM GHNÍOMHACHTÚ POBAIL AGUS IONCHUIMSIÚ SÓISIALTA (SICAP)

Rinne an LCDC maoirseacht ar sholáthar an chláir SICAP (€2.3 milliún in aghaidh na bliana) agus faomhadh íocaíochtaí do thrí Chuideachta Forbartha Áitiúil a raibh conradh acu an clár a sholáthar i Luimneach. Nuair a bhí an próiseas soláthair don chlár nua críochnaithe, bronnadh conarthaí ar thrí Chuideachta Forbartha Áitiúil.

## CLÁR LEADER AN AE (2014-2020)

Déanadh dul chun cinn ar Chlár Leader an AE (€9.276 milliún) i 2017 agus déanadh iarratais ó ghrúpaí éagsúla pobail agus sainleasa a lorg i ndiaidh sraith imeachtaí comhairliúcháin agus faisnéise poiblí. Rinne an LCDC dhá Choiste Meastóireachta Neamhspleách a bhunú le measúnú a dhéanamh ar gach iarratas tionscadail agus moltaí a chur faoi bhráid an LCDC. I rith na bliana, leithdháileadh €435,000 ar 12 tionscadal agus táthar ag súil leis go ndéanfar €2.8 milliún breise a thairiscint d'iarratasóirí le tosú ar a dTionscadail Leader i Q1, 2018.



## LUIMNEACH SLÁINTIÚIL

Seoladh Luimneach Sláintiúil go hoifigiúil i 2017 le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar an séú ball de Líonra na gCathracha agus na gContaetha Sláintiúla, ar bhall de thionscnamh idirnáisiúnta chathracha sláintiúla An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte é. Tá Luimneach Sláintiúil ar an t-aon chathair agus contae sláintiúil in Éirinn le comhordaitheoir lánaimseartha fostaithe ag údarás áitiúil (comhshistithe faoi láthair ag an FSS agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh) agus grúpa stiúrtha ar fhochoiste é den Choiste Forbartha Pobail Áitiúil. Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil, le tacaíocht ó Luimneach Sláintiúil, tiomanta Éire Sláintiúil a chur i bhfeidhm, an creat náisiúnta do shláinte agus d'fholláine níos fearr, i Luimneach. D'éirigh le hiarratas Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Luimnigh ar chistiú €100,000 d'Éire Sláintiúil, ag clúdach réimse tionscnamh le tosaíochtaí a chur chun cinn sa LECP agus Éire Sláintiúil.

## SCÉIMEANNA DEONTAIS

I 2017, rinne LCDC Luimnigh na scéimeanna deontais seo a leanas a riaradh:

- Clár CLÁR (M3);
- Scéim na nÁiseanna Pobail;
- Clár RAPID; agus
- Scéim Áineasa Faoin Aer.

Bhain suas le 80 pobal leas as na deontais seo trí aghaidh a thabhairt ar riachtanais aitheanta i gceantair áitiúla.

## SEIRBHÍSÍ POBAIL, FÓILLÍOCHTA & ÉIGEANDÁLA SPC

Tháinig an Coiste um Beartais Straitéiseacha do Sheirbhísí Pobail, Fóillíochta agus Éigeandála (SPC) le chéile 4 uaire i 2017. Féachadh ar na ceisteanna seo a leanas:

- Plean Geilleagrach agus Pobail Áitiúil;
- Luimneach Sláintiúil;
- Féilte agus Imeachtaí;
- Seirbhís Leabharlainne;
- Rochtain ar Fhostaíocht / do Dhaoine faoi Mhíchumas; agus
- Comhpháirtíocht Spóirt Luimnigh.

## LEABHARLANNA OSCAILTE

Cuireadh cuspóir náisiúnta a bhí molta ag an DHPLG maidir le 'Leabharlanna Oscailte' chun cinn ag cruinniú mhí na Samhna den SPC. Ag an gcruinniú is déanaí ar an 9ú Samhain 2017, mhol baill an SPC go ndéanfadh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh "inrochtaine do chách" a neadú i ngach doiciméad maidir le polasaí amach anseo.

Cuireadh Baill an SPC ar an eolas go raibh an moladh seo faofa ag an gComhairle Iomlán agus go ndéanfar "inrochtaine do chách" a neadú i ngach doiciméad maidir le polasaí amach anseo. Cuireadh an Fógra Tairisceana seo a leanas chun cinn ag cruinnithe an SPC i 2017.

### FÓGRA TAIRISCEANA

A iarraidh ar an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil aistarraingt a dhéanamh ar an bpolasaí maidir le Tionscnamh na 'Leabharlainne Oscailte' a chur i bhfeidhm ar fud na nÚdarás Áitiúil.




*Seoladh Luimneach Sláintiúil*

## MOLADH

A chinntiú go mbíonn "inrochtaine do chách" neadaithe i ngach doiciméad ar pholasaí de chuid na Comhairle amach anseo.

## TIONSCNAMH IMEASCTHA

- **Grúpa Oibre Imeasctha:** tionóladh ceithre chruinniú den Ghrúpa Oibre Imeaschta (IWG), éascaithe ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Bhí na cruinnithe seo dírithe ar Phlean Imeasctha Luimnigh 2017-2021 a ullmhú, a bhaineann le himeascadh na bpobal nua i saol sóisialta agus eacnamaíochta na cathrach agus an chontae.
- **Clár na gCathracha Idirchultúrtha:** D'fhreastal ionadaithe ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar Chomhdháil na gCathracha Idirnáisiúnta, a bhí eagraithe ag Comhairle na hEorpa, i Lisbon na Portaingéile i 2017, don chomóradh 10 mbliana ó bunaíodh Clár na gCathracha Idirchultúrtha.
- **Clár Athlonnaithe Siriach:** Lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le tacaíocht a thabhairt do Chlár Athlonnaithe Dídeanaithe Luimnigh. Bhí conradh ag Doras Luimní le cúnamh a thabhairt do 19 teaghlach atá curtha fúthu i Luimneach anois.
- **Lá na hAfraice:** Is ceiliúradh atá sa bhféile seo ar chomhtháthú na gcultúr Afracach atá measctha le, agus ar chuid de Luimneach an lae inniu iad. Bíonn sé eagraithe ag baill den phobal Afracach, le tacaíocht ón IWG. I rith Lá na hAfraice 2017, bhí imeachtaí saor in aisce ar siúl ón 22ú go dtí an 28ú Bealtaine, ar a n-áirítear seimineár ar Lá na hAfraice le plé de chineál Caifé Domhanda, soccer-fest idirchultúrtha, seisiún drumadóireachta Afracach, agus imeachtaí éagsúla ceoil le bailchríoch á bhaint amach le lá spraoi do theaghlaigh i Margadh an Bhainne i Luimneach le deis taitneamh a bhaint as faisean agus bia na hAfraice.

## COISTE COMHAIRLEACH MAIDIR LE CÓIRÍOCHT ÁITIÚIL DO THAISTEALAITHE (LTACC)

Tháinig an Coiste Comhairleach maidir le Cóiríocht Áitiúil do Thaistealaithe le chéile 3 uaire i rith 2017. Áirítear ar bhallraíocht an Choiste baill thofa, baill den Lucht Taistil agus oifigigh. Féachann sé ar chóiríocht agus ar thacaíocht ghaolmhar do Thaistealaithe.

## ÁITEANNA SÚGARTHA POBAIL

Lean an Chomhairle le tacaíocht a thabhairt d'áiteanna súgartha pobail sa chathair agus sa chontae. Tá 14 áit súgartha pobail rannpháirteach sa Scéim Chúnaimh anois. Tá siad suite i mBaile an Gharraí, Béal an Átha, an Brú, Cromadh, Cathair Chinn Lis, Tuar an Daill, Faing, an Gleann, an tOspidéal, Cill Fhíonáin, Maigh Rua, Pailís Chaonraí agus Ráth Caola.

## ÁISEANNA SPÓIRT

Rinne an Chomhairle tacaíocht airgeadais agus teicniúil a sholáthar d'áiseanna atá ag feidhmiú ag Oileán an Gharráin, Linn Snámha agus Ionad Fóillíochta Eas Géitine agus Galfchúrsa an Ráth Bhán. Soláthraíonn siad seo seirbhísí tábhachtacha fóillíochta agus áineasa ar fud na cathrach agus an chontae.

## DEONTAIS NA DTIONSCNAMH POBAIL

Soláthraíonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh deontais d'iarratais a spreagann agus a thacaíonn le roinnt tionscnamh pobail, cultúrtha nó oidhreachta i Luimneach. Tá an scéim oscailte d'eagraíochtaí pobalbhunaithe/neamhbhrabúis. Ní mór baint dhíreach a bheith ag iarratais le ceann acu seo:

- Tonscnaimh/imeachtaí a chuireann cultúr agus oidhreacht áitiúil chun cinn; nó
- Tionscnaimh/imeachtaí a chruthaíonn mórtas i measc an phobail.



g ceiliúradh Lá na hAfraice le lá spraoi do theaghlaigh ag Margadh an Bhainne i Luimneach




Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Stephen Keary le baill de Learning Limerick le Gradam Cathrach Foghlama UNESCO





Áitritheoirí ó Bhailtíní Phádraig, Caisleán Uí Chonaill leis an nGradam Mórtais Áite



Baill de Chomhairle Luimnigh um Dhaoine Breacaosta

Maoiniú a fuarthas in aghaidh Ceantar Bardasach i 2017:

| | | |
|---|---|---|
| Áth Dara – Ráth Caola | | €22,000 |
| An Cheapach Mhór-Cill Mocheallóg | | €11,900 |
| An Caisleán Nua | | €20,000 |
| Dúiche Chathrach Luimnigh | | |
| - Cathair Luimnigh Thoir | | €10,000 |
| - Cathair Luimnigh Thuaidh | | €10,000 |
| - Cathair Luimnigh Thiar | €10,000 | €30,000 |
| Réigiúnach | | €48,000 |
| FORIOMLÁN CAITE | | €131,900 |

## CLÁIR SCOILEANNA

- **Scéim na mBéilí Scoile:** Tá comh-mhaoiniú á dhéanamh ag Comhairle Cathrach agus Conate Luimnigh agus an Roinn Coimirce Sóisialaí ar an gclár seo agus soláthraíonn sé béilí beaga do leanaí i scoileanna DEIS. Go dtí seo tá 14 scoil sa Chathair agus sa Chontae tar éis leas a bhaint as an scéim seo.

- **Comhairle na nÓg:** Tháinig Comhairle Luimnigh le chéile i gcaitheamh 2017 agus d'oibrigh ar an téama 'Tionchar & Guth Dhaoine Óga'. Mar thoradh ar seo déanadh clár insóláthartha idir piaraí a fhorbairt le daoine óga ag obair i gcomhar le hOllscoil Luimnigh. Bhí baill rannpháirteach freisin i gcomhairliúcháin náisiúnta ar Mheabhairshláinte, i gcomhairliúcháin áitiúla ar abhainnbhealaí Luimnigh, i gceardlann ar Éire Sláintiúil, i nDáil na nÓg náisiúnta. Tionóladh CGB freisin, ar fhreastal Daoine Óga ó Chathair agus ó Chontae Luimnigh air agus

## FOGHLAIM AR FEAD AN TSAOIL LUIMNIGH

- Fuair Foghlaim Luimnigh Gradam Cathrach Foghlama UNESCO ag Comhdháil Idirnáisiúnta a bhí ar siúl i Halla na Cathrach i gCorcaigh. Bronnadh an gradam ar 16 cathair ar fud an domhain a bhí tar éis "dul chun cinn eisceachtúil" a bhaint amach maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn.

- Seoladh Plean Straitéiseach d'Fhoghlaim Luimnigh 2018-2022 dar teideal "Ag Cabhrú le Luimneach a fhás mar Réigiún Foghlama".

- Bhí an seachtú Féile Foghlama ar Feadh an tSaoil i Luimneach ar siúl ón 1ú go dtí an 7ú Aibreán. Ba é téama na bliana seo ná "Pobail, Nascadh, Foghlaim" agus bhí os cionn 200 imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar siúl.

## MÓRTAS ÁITE

Bhí dhá ghrúpa as Luimneach ar ghearrliosta le duais a fháil ag imeacht a bhí ar siúl i nDún nan Gall i mí na Nollag. Fuair Bailtíní Phádraig, Caisleán Uí Chonaill an dara áit i gcatagóir na n-eastát tithíochta. Bhí Spás na nÓg an Taobh ó Thuaidh, Baile na Neanta rannpháirteach freisin i gcatagóir tionscnaimh phobalbhunaithe don óige.

## AOISBHÁÚIL

Lean Clár Aoisbháúil Luimnigh le bheith rannpháirteach ag leibhéal idirghníomhaireachta le cuspóirí Straitéise Aoisbháúil Luimnigh 2015-2020 a chur i bhfeidhm. Tá tacaíocht á thabhairt don phróiseas ag Comhairle Luimnigh um Dhaoine Breacaosta agus Comhaontas Aoisbhá Luimnigh. Rinne Luimneach óstáil ar Chomhdháil Bhliantúil Chomhairle na hÉireann um Dhaoine Breacaosta i 2017. D'fhreastal baill Chomhairle na nDaoine Breacaosta ó 31 clár Aoisbháúil ar fud na hÉireann ar an gcomhdháil dhá lá.

## LÍONRA RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAIL (PPN)

Lean an tÚdarás Áitiúil le tacú le PPN i rith 2017 maidir le forbairt a ról mar struchtúr ionadaíoch criticiúil don Chomhairle, i soláthar a feidhmeanna agus a cláir. Leanann baill an PPN ag cur le polasaí na Comhairle trí rannpháirtíocht ghníomhach i struchtúr choistí na Comhairle.

## COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT LUIMNIGH (LSP)

Is iad trí phríomhfheidhm an LSP daoine agus pobail a Chur ar an Eolas, a Mhúineadh agus a Chumasú le bheith gafa le gníomhaíochtaí fisiciúla. Tá sé mar aidhm ag an LSP an líon atá rannpháirteach a mhéadú 1% in aghaidh na bliana agus laghdú 0.5% a dhéanamh ar iompar neamhghníomhach in aghaidh na bliana. I 2017 bhí os cionn 30,000 duine rannpháirteach i gcláir, in imeachtaí agus i dtionscnaimh oideachais i gcaitheamh na bliana.

Aithníodh obair an LSP le dhá ainmniúchán do Ghradam Náisiúnta i 2017, mar atá Cónaidhm Spóirt na hÉireann (FIS), Gradam an Tionscail Spóirt dár gClub Rannpháirtíochta sa Spórt tríd ár nOifigeach Forbartha Rannpháirtíochta sa Spórt agus Gradam Chumann Chomhaltaí an Údaráis Áitiúil (LAMA) mar aitheantas ar an tionscadal Beat the Street.

Bhain an rath ba mhó i 2017 leis an tionscadal Beat the Street a raibh os cionn 14,000 duine rannpháirteach ann le linn tréimhse 7-seachtain de chluichí. Bhí an leibhéal rannpháirtíochta i Luimneach ar an leibhéal ab airde de na 3 láthair a aithníodh in Éirinn maidir le soláthar an chláir seo.

Ar na cláir eile a sholáthair an LSP i 2017 bhí:

- An clár Women on Wheels – 128 bean idir 25-65 bliana d'aois;
- Clár Lúthchleasaíochta Spórtlainne – 1,545 leanbh;
- Traenáil Scoileanna do Rith Mór Luimnigh – 2,250 leanbh;
- Clár siúlóide Fitzkidz do 10 bunscoil, le 1921 leanbh ag logáil a gcuid siúlóide thar thréimhse 5 lá;
- Rith Sport Kids OL – 3,300 duine rannpháirteach;
- Men on the Move;
- 2 lá ábaltachta spóirt – 600 duine faoi mhíchumas rannpháirteach;
- Clár VIP (Rannpháirtíocht Spreagtha go Deonach) – 32 dalta IB ag freastal ó 15 scoil;
- Cúrsa traenála cóiteseála do chuardaitheoirí poist i gcomhar le BOOLC – 15 duine rannpháirteach;
- Cúrsaí garchabhrach spóirt do chlubanna agus grúpaí pobail; agus
- Grúpaí siúlóide pobail ar fud Luimnigh.

## TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE

Tugann na táscairí seirbhíse is déanaí don Chomhairle agus PPN imlíne ar an eolas seo a leanas:

### COMHAIRLE NA NÓG

- Céatadán an scoileanna áitiúla rannpháirteach i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg: **48%**
- Líon iomlán na meánscoileanna i gceantar an ÚÁ ar an 31/12/2016: **29**
- Líon na scoileanna dara leibhéal i gceantar an ÚÁ ar fhreastal a n-ionadaithe ar CGB Chomhairle na nÓg: **14**

### PPN

- Líon na n-eagraíochtaí i gClár an Chontae ar 31/12/16 agus an sciar a roghnaigh an Coláiste Cuimsithe Shóisialta: **12%**
- Líon na n-eagraíochtaí ar Chlár an Chontae do cheantar an údaráis áitiúil: **442**
- Líon na n-eagraíochtaí a chláraigh den chéad uair i 2016: 7
- Líon na n-eagraíochtaí a roghnaigh dul leis an gColáiste Toghcháin Cuimsithe Shóisialta: **52**



*Fitzkidz Walking Programme for Primary Schools*



# CAIPITEAL TITHÍOCHTA

## ATÓGÁIL NA HÉIREANN – PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA DO THITHÍOCHT AGUS EASPA DÍDINE

Is príomhdhoiciméad polasaí é 'Atógáil na hÉireann – Plean Gníomhaíochta do Thithíocht agus Easpa Dídine' a chuireann taca faoi shaothar na Stiúrthóireachta Forbartha Sóisialta. I 2017, ar an bpríomh-nuashonrú ar an gclár seo bhí méadú ar chistiú ó €5.35 billiún go €6 billiún, agus meádú ar an sprioc de 47,000 aonad go dtí 50,000 aonad le soláthar go dtí 2021.

Tugtar achoimre mar a leanas ar na cúig cholún den phlean gníomhaíochta seo:

Colún 1 – Aghaidh a thabhairt ar Easpa Dídine;
Colún 2 - Luas a chur faoi Thithíocht Shóisialta;
Colún 3 - Níos mó Tithe a Thógáil;
Colún 4 - Feabhas a chur ar an Earnáil Chíosa; agus Colún
5 - an Tithíocht atá ann a Úsáid.

Is é sprioc Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh faoi Atógáil na hÉireann don tréimhse 2018-2021 ná 1,365 aonad a sholáthar le meascán de cheannach, léasú agus tógáil. Tá sprioc ar leith de 251 aonad leagtha síos so 2018. Déanfaidh líon na dtionscadal Tithíochta Ceadaithe ar fud Luimnigh ag Nollaig 2017 393 aonad tithíochta a sholáthar, ar scéimeanna Mearthógála iad 92 aonad acu.

## EASPA DÍDINE

Tá dúshlán náisiúnta ag baint le heaspa dídine agus i Luimneach i 2017 bhí méadú nach raibh a leithéid ann riamh ar líon na ndaoine gan dídean. Soláthraíodh meascán de chóiríocht shealadhach idirthréimhseach i moil theaghlaigh agus i dtithíocht bhuan i 2017 le 69 aonad cóiríochta a sholáthar do theaghlaigh gan dídean. Seo a leanas miondealú ar an gcóiríocht seo:

- Mol Teaghlaigh Twin Oaks - 10 aonad;
- Tionscnamh Teaghlaigh Bhóthar Childers – 30 aonad;
- Phoenix Lodge – 4 aonad; agus
- 25 teach buan breise a soláthraíodh trí athchóiriú na n-aonad folamh.

Tá deich n-aonad cóiríochta in-íosluchtaithe d'áititheoir aonair á dtógáil ag Brú Phádraig, Sráid an Chláir, Cathair Luimnigh, agus súil iad a bheith críochnaithe go luath i 2018.

## SOLÁTHAR TITHÍOCHTA 2017

Soláthraíodh 254 aonad Tithíochta i 2017 trí thógáil, ceannach agus leasú.

| | |
|---|---|
| - Clár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta (SHIP) Ceannacháin | 71 |
| - Cuid V Ceannacháin | 7 |
| - Léasanna Fadtéarma | 18 |
| - Saoráid Réamhíocaíochta Caipitil Léasa (CALF) | 37 |
| - Scéim Cúnaimh Caipitil (CAS) Ceannacháin | 32 |
| - Aonaid nua tithíochta a thógáil (Athghiniúint) | 89 |
| **IOMLÁN** | **254 aonad** |

## CAIPITEAL TITHÍOCHTA – AN CISTE BONNEAGAIR ÁITIÚIL UM SHEACHADADH TITHÍOCHTA A GHNÍOMHACHTÚ (LIHAF)

Is príomhchuid de Cholún 3 d'Atógáil na hÉireann é an Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú: Plean Gníomhaíochta do Thithíocht & Easpa Dídine. Is í aidhm an chiste infreastruchtúr a sholáthar ar phríomhláithreáin le bacanna ar infreastruchtúr riachtanach a scaoileadh. Ceadóidh seo luasghéarú ar sholáthar tithíochta ar phríomhláithreáin fhorbartha i gceantair uirbeacha ina bhfuil ardéileamh ar thithíocht.

I mí an Mhárta 2017, d'fhógair an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil go mbeadh maoiniú á fháil ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh do dhá thogra maidir leis an gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (LIHAF). Is iad na tionscadail sin:

Mungairit €10.5 milliún: Tá an láthair seo suite timpeall 5km siar ó dheas ó Chathair Luimnigh. Is comhúinéir ar na tailte seo í Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Ar na hoibreacha atá molta áirítear uasghrádú ar bhóithre le forbairt a cheadú ar ar 450 teach faoi 2021 le hacmhainn 2,700 teach a thógáil ar na tailte. Déanfaidh an bonneagar deimhin de go soláthraítear iar-bhunscoil sa cheantar laistigh de 3 bliana.



*Talamh forbraíochta ag Mungairit a bhainfidh leas as LIHAF*

Tailte ar fáil chun forbartha ag Mungairit, Luimneach Greenpark €4.93 milliún: Tá an láithreán seo suite idir Bóthar an Duga agus an Cuarbhóthar Theas i mbruachbhailte ionchathrach Chathair Luimnigh. Bhíodh na tailte sa cheantar seo á n-úsaid roimhe seo mar ráschúrsa, atá fós gan forbairt, le 44 heicteár ann. Ar na hoibreacha a moladh bhí uashrádú ar bhonneagar na mbóithre le tacú le forbairt timpeall 400 aonad faoi 2021, le hacmhainn os cionn 700 teach a sholáthar ar na tailte atá aitheanta sa bhfadtéarma. Is é fad iomlán an bhóthair cheangail nua ná 1,000 méadar.

## CLÁR UM GHNÍOMHACHTÚ TALÚN POIBLÍ

In éineacht le soláthar sonraithe na n-aonad tithíochta sóisialta faoi 2021 faoin gclár Atógáil na hÉireann, tá cuspóir eile ann do Luimneach maidir le méadú a dhéanamh ar an soláthar tithíochta príobháideach nua agus inacmhainne. Tá an Stiúrthóireacht Forbartha Sóisialta tar éis clár oibre uaillmhianach a leagadh síos maidir le soláthar tithíochta nua príobháideach a mhéadú agus tithe inacmhainne ach go háirithe do theaghlaigh atá ag tosú agus oibrithe bunriachtanacha ar phríomhláithreáin ar leis an gcathair iad. Bunaíodh Clár um Ghníomhachtú Talún Poiblí ar leith go luath i 2017 faoin Stiúrthóireacht le píolótú a dhéanamh ar roinnt láithreán inmharthana agus infhorbartha d'fhorbairt tionachta measctha i Luimneach. Cuirfidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh in ord tosaíochta sa chéad áit forbairt a dhéanamh ar láithreáin ar scála suntasach a bhfuil acmhainn ag baint leo an líon is mó tithíochta a chur ar fáil sa ghearr agus sa mheánteárma. Is iad na láithreáin atá á gcur chun cinn ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ná:

- An Chluain Mhór, Áth Dara;
- Láithreán Guinness, Bóthar Uí Chiara, Cathair Luimnigh; agus
- Láithreán Shráid Parnell, Cathair Luimnigh.

## POBAL CAREBRIGHT, AN BRÚ, CO. LUIMNIGH

Críochnaíodh an fhorbairt ar Phobal Carebright i 2017. Is é seo an chéad phobal a thóg Pobal Carebright na hÉireann le sainchuspóir do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu, agus áirítear ann 18 aonad cónaithe agus nuálaíocht mar Mhol Pobail agus seirbhísí comhtháite tacaíochta. Rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh cistiú ar sé aonad agus aithnítear acmhainn fhorbartha dá leithéid seo le héagsúlú a dhéanamh ar sholáthar tithíochta i Luimneach. Feidhmeoidh Pobal Carebright mar eiseamláir chúraim theaghlaigh, le cur chuige pearsanúlachta a chruthaíonn an timpeallacht agus an struchtúr fisiciúil le hatmaisféar teaghlaigh á chruthú dá réir.

Bhí Pobal Carebright ar Chlár Speisialta na Nollag ar RTÉ 1 de 'At Your Service' i mí na Nollag 2017, agus áiríodh i bhféile ailtireachta Open House Limerick é i nDeireadh Fómhair 2017.

## CUAN MHUIRE, BRUREE

Tosaíodh ar sé aonad a thógáil ag Cuan Mhuire, Brú Rí i 2017, agus súil iad a bheith críochnaithe i Q3 de 2018. Is é Cuan Mhuire an soláthraí is mó in Éirinn ar Sheirbhísí Cóireála Andúile deonach agus Athshlánúcháin Chónaithe agus é mar phríomhaidhm athshlánú a dhéanamh ar dhaoine atá ag fulaingt ó mhí-úsáid alcóil, drugaí agus andúil sa chearrbhachas. Mar an gcéanna le tionscadal Carebright i mBrú Rí, tá éagsúlú ag baint leis an bhforbairt seo maidir le soláthar tithíochta i Luimneach le freastal ar riachtanais éagsúla. Soláthraíonn Cuan Mhuire taithí chónaithe ar Bhaile, Teaghlach agus Muintearas, le seirbhís 'dorais oscailte' a sholáthar ann 365 lá in aghaidh na bliana. In éineacht leis na cláir chóireála ar leith, tá acmhainn ag Cuan Mhuire an tréimhse lonnaithe a athrú le freastal ar riachtanais ar leith na ndaoine a bhíonn ag fanacht ann.

## RAE RADHARC NA PÁIRCE

Tá an scéim tithíochta 20-aonad dea-shuite seo ina mhór-atógáil ar iar-árasáin Bhóthar de hÍde agus críochnaíodh í i mí na Nollag 2017. Rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh é a dhearadh go hinmheánach, agus rinne Cluid Housing Association an scéim a sholáthar faoin gClár Caiteachais Reatha Tithíochta Sóisialta (SCHEP). Léiríonn an scéim seo na buntáistí a bhaineann le comhoibriú idir an údarás áitiúil agus earnáil an Chomhlachta Ceadaithe Tithíochta (AHB).



*Foirgneamh Phobal Carebright a críochnaíodh i 2017*



*I mbun tógála ag Cuan Mhuire, Brú Rí*





*Rae Radharc na Páirce: Athchóiriú ar iar-Árasáin Bhóthar de hÍde ag soláthar 20 aonad nua.*

## TAIGHDE AGUS CEAPADH BEARTAIS

Rinne Stiúrthóireacht Forbartha Sóisialta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh roinnt aighneachtaí maidir le ceisteanna polasaí ar a n-áirítear:

- Atógáil na hÉireann;
- Cruinniú Mullaigh Tithíochta;
- Dréacht-Chreat Pleanála Náisiúnta;
- Plean Gníomhaíochta maidir le Tithe Folamh; agus
- Aighneacht ar Dhreácht-Treoirlínte maidir le Seirbhísí Uisce.

## LUASGHÉARÚ AR SHOLÁTHAR

**- Athzónáil ar Thalamh Phoiblí ó Spás Oscailte Príobháideach go hÚsáid Tithíochta**

Tá roinnt láithreán ar le Comhairle Ccathrach agus Contae Luimnigh iad aitheanta agus iad seirbhísithe, ar thailte tearcúsáidte agus oiriúnach do thithíocht ach gá acu le hathzónáil chuig Pleananna Forbartha reachtúla agus Pleananna Ceantair Áitiúil. Aithníodh seacht láithreán d'athzónáil i gcathair Luimnigh ar dtús le hacmhainn timpeall 80 aonad a sholáthar. Tá scrúdú á dhéanamh ar láithreáin eile, agus súil leis go dtosófar ar phróiseas Athraithe i Q2 de 2018.

## PLEAN STRAITÉISEACH FORBARTHA AGUS BAINISTÍOCHTA

Críochnaíodh Plean Straitéiseach Forbartha agus Bainistíochta do thalamh ar leis an gComhairle í i gCathair Luimnigh i 2017. Aithníonn an plean roinnt láithreán i gcathair Luimnigh atá zónáilte go cuí (.i. cónaithe), nach bhfuil suite i dtuilemhá ná i limistéar a bhfuil sonrúchán reachtúil chomhshaoil aige agus a bheadh oiriúnach d'úsáid chónaithe (úsáid shóisialta/tionachta meascthа) sa ghearr, sa mheán agus sa bhfadtréimhse. Tá Pleananna Straitéiseacha Forbartha agus Bainistíochta á dtabhairt chun críche do phríomhbhaile agus sráidbhailte i gContae Luimnigh. Beidh seo ag teach agus ag tacú le gníomhaíochtaí eile bainistíochta talún gníomhach.

## CUMASÚ FORBARTHA CONRAITHEORA PRÍOBHÁIDEACH

D'fhonn pobail atá measctha agus inbhuanaithe a sholáthar, cuirtear ar chumas conraitheoirí príobháideacha forbairt a dhéanamh ar thalamh ar leis an gComhairle í trí:

- Taobhach Forbartha Laghdaithe;
- A chur ar chumas chonraitheoirí príobháideacha forbairt a dhéanamh ar thailte le ceadúnas .i., Mungairit (Luimneach 2030); agus
- Méadóidh an Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (LIHAF) an soláthar tithíochta trí Fhorbairt Chonraitheora Phríobháideach. Úsáidfear ciste LIHAF le:
  - Bonneagar rochtana a sholáthar le héascú a dhéanamh ar fhorbairt a oscailt ar eastáit mhóra tithíochta ar son an ghné 'inacmhainneachta':
  - É mar aidhm an soláthar tithíochta a mhéadú go suntasach. Ba thionscadail rathúla LIHAF iad na tionscadail ag Greenpark agus Mungairit i Luimneach.

## MEARTHÓGÁIL

Bhunaigh an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) Creat-Phainéal le soláthar a dhéanamh ar thithe Mearthógála a thógáil. Ní mór do thionscadail Mearthógála:

- 50 aonad nó níos lú a bheith iontu;
- Úsáid a bhaint as mionghnéithe caighdeánacha tógála ar fud an tionscadail; agus
- Scéimeanna Tithíochta seachas árasáin a bheith iontu.

Tá cúig láithreán aitheanta le bheith oiriúnach do scéimeanna Mearsholáthair Tithíochta, a sholáthróidh 92 aonad. Rinne Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC) óstáil ar chuairteanna ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar an 2 Bealtaine 2017 chuig suíomhanna na dtrí Scéim Mearthógála Tithíochta i gCrann Phapáin, Ascaill Belcamp agus Céide San Eiléana, Fionnghlas..

## TITHE FOLAMH

**Scéimeanna Ceannaigh agus Athchóirithe agus Léasaithe**

Tá dhá scéim, a seoladh faoi Atógáil na hÉireann, ar a dtugtar an Scéim Cheannaigh agus Athchóirithe agus an Scéim Deisithe agus Léasaithe, dírithe ar úsáid a bhaint arís as tithe atá folamh. Aithníonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh acmhainn na scéimeanna seo tairbhe níos leithne a thabhairt i gcrích in éineacht le freastal ar riachtanais chóiríochta agus táthar gníomhach ag cur a bhforfheidhmiú chun cinn.

## COMHLACHTAÍ CEADAITHE TITHÍOCHTA

Is eagraíochtaí neamhspleácha, neamhbhrabúis iad Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBs), a dtugtar cumainn tithíochta nó cumainn tithíochta deonacha orthu freisin.  Soláthraíonn siad tithíocht ar cíos inacmhainne do dhaoine nach acmhainn dóibh cíos na hearnála príobháideach a íoc nó a dteach féin a cheannach, nó do ghrúpaí ar leith mar sheandaoine nó daoine gan dídean. Áirítear sna Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta seo freisin comharchumainn tithíochta, ar eagraíochtaí tithíochta iad atá faoi réir na mball/ tionóntaí a bhíonn rannpháirteach go gníomhach maidir lena bpolasaithe féin a shocrú agus cinntí a dhéanamh.

Bhí Cruinniú Speisialta de Cheantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola, a tionóladh in Aibreán 2017, dírithe ar ról na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBs), agus bhí cur i láthair i gceist mar ar tugadh imlíne ar ról na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta maidir le tithíocht a sholáthar mar chuid d'Atógáil na hÉireann, sonraí ar ról reath AHBs i Luimneach, agus na meicníochtaí atá ar fáil do AHBs le haonaid tithíochta sóisialta a cheannach, a thógáil nó a fháil ar léas, go háirithe an 'Scéim

Deisithe agus Léasaithe' agus 'Scéim Cheannaigh agus Athchóirithe'.
Tá os cionn 40 AHB gníomhach i Luimneach le os cionn 1200 aonad.

## CÓIRÍOCHT DO THAISTEALAITHE

Fuarthas faomhadh (céim 1) ón DHPLG i 2017 d'Oibreacha Caipitiúla ag ceithre láithreán Cóiríochta do Thaistealaithe i gCathair Luimnigh faoin gClár Cóiríochta do Thaistealaithe 2014-2018 (TAP 2014-2018).
Is iad na láithreáin sin:

1) Láithreán Stad Nua an Chorráin, Bóthar Childers, Luimneach;
2) Grúpscéim Tithíochta agus Láithreán Stad Chluain an Longaigh, an Cnoc Theas, Luimneach;
3) Láithreán Stad Toppins Field, an Cnoc Theas, Luimneach; agus
4) Radharc Chill Mhuire, Grúpscéim Tithíochta agus Láithreán Stad Chaladh an Treoigh, Luimneach.

# ATHGHINIÚINT LUIMNIGH

## PLEAN FORFHEIDHMITHE CHREAT ATHGHINIÚNA LUIMNIGH

Ghlac baill thofa Chomhairle Cathrach Luimnigh le Plean Forfheidhmithe an Chreata Athghiniúna do Luimneach (LRFIP), a seoladh i Meán Fómhair 2013, i mí Feabhra 2014. Le buiséad de €300 milliún geallta thar thréimhse deich mbliana (2013-2023), leagann an plean seo amach fís do cheithre limistéar athghiniúna: Béal Átha na Cora (Weston), An Cnoc Theas, Páirc Mhuire agus Maigh Rois.

Déanfar an plean a thabhairt i gcrích trí chur chuige ilghníomhaireachta, i gcomhpháirtíocht leis na pobail, agus tá trí cholún ann: Sóisialta, Fisiciúil agus Eacnamaíochta. Déanadh athbhreithniú ar an LRFIP i 2016 mar a bhfacthas dul chun cinn suntasach déanta ar an bplean go dtí sin. Gealladh os cionn €40 milliún faoin gclár i 2017.

## ATHGHINIÚINT EACNAMAÍOCH AGUS SHÓISIALTA

**An Ciste Idirghabhála Sóisialta (SIF)**

Lean an SIF le tacú le tionscadail shóisialta agus eacnamaíochta forbartha agus curtha i bhfeidhm ag pobal áitiúil, eagraíochtaí deonacha agus príomhghníomhaireachtaí reachtúla. I 2017, ba é an méid iomlán a faomhadh ná €3,912,842. Dánadh miondealú ar na tionscadail a faomhadh de réir na dtéamaí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Oideachas & Foghlaim | 40 |
| Sláinte & Folláine | 36 |
| Aosú go Folláin | 4 |
| Infhostaitheacht agus Obair | 12 |
| Teaghlaigh agus Óige i mBaol | 19 |
| Pobal | 30 |

Áiríodh tacaíocht leanúnach san príomhthionscadail ar scála níos mó d'Ionaid Fiontar Pobail, suite i nó in aice le pobail athghiniúna, le réimse leathan seirbhísí áitiúla a sholáthar (béilí, clubanna oibre baile, tionscnaimh oiliúna, seirbhísí faisnéise agus comhairle dlí, caifé, scéimeanna glanta comhshaoil) agus monatóireach tar CCTV a bhainistiú ó Ionad Fiontar Pobail Mhaigh Rois.

## EASTÁT TIONSCLAÍOCHTA NA GALLMHÓNA, AN CNOC THEAS

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag comhoibriú le páirtithe eile le hinfheistíocht agus foinsí nua fostaíochta a mhealladh chuig ceantair athghiniúna. I 2017, d'fhógair Clean Construchion, cuideachta déantúsaíochta Meiriceánach, go raibh an chéad ghnó i margadh na hÉireann á bhunú aici in Eastát Tionsclaíochta na Gallmhóna. Tógann an chuideachta tithe módúlacha. Beidh an gnóthas ag feidhmiú i 2018, le 50 duine fostaithe ann ar dtús, le hacmhainn ann méadú agus idir 300 agus 400 jab díreach agus indíreach a chruthú idir trí agus cúig bliana.



Bainfidh na jabanna le frámaí adhmaid na dtithe módúlacha a chur le chéile. Beidh gá le fostaithe le réimse scileanna ar a n-áirítear díonadóireacht, tíliú, pluiméireacht chomh maith le hobair thalún agus oibreoirí innill. Tá an Fhoireann Athghiniúna, laistigh den Stiúrthóireacht Sóisialta, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, ag obair leis an gcuideachta leis na scileanna atá ag teastáil a aithint, agus oiliúint oiriúnach a cheapadh agus a sholáthar le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (LCETB). Agus na folúntais oiliúna agus jabanna á líonadh, tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag obair leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (DEASP) le díriú ar dhaoine atá dífhostaithe, go háirithe na daoine sin a bhfuil cónaí orthu i gceantair athghiniúna, mar dhaoine a bhfuil acmhainn oiliúna agus fostaíochta ag baint leo.
Tá an cur chuige seo ag teacht leis an gcur chuige a bhaineann le hearnálacha scannán agus fáilteachais i Luimneach, a bhfuil éirithe thar barr leo.

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tar éis grúpa páirtithe leasmhara a bhunú d'Eastát Tionsclaíochta na Gallmhóna, mar a bhfuil na gnólachtaí atá suite san eastát, le treo na hidirghabhála forbartha geilleagrach san Eastát Tionsclaíochta a choimeád ar an eolas.  Ina theannta sin, tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tar éis infheistíocht a dhéanamh i bhfeabhsú an réimse poiblí ar an eastát agus i CCTV.
Tá cruinnithe le grúpa na bpáirtithe leasmhara tar éis ganntanas scileanna a aithint sna gnólachtaí atá sa Ghallmhóin. Tá cúrsaí oiliúna á bhforbairt ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i gcomhar le LCETB agus grúpaí áitiúla dírithe ar áitritheoirí na gceantar athghiniúna a fhéadfadh riachtanais na bhfiontar seo a chomhlíonadh agus d'fhéadfadh fostaíocht a theacht as seo do dhaoine nach bhfuil gníomhach sa gheilleagar.

Tá na gníomhaíochtaí thuas ag cur leis na cuspóirí seo a leanas faoi mar atá leagtha amach i bPlean Forfheidhmithe an Chreata Athghiniúna do Luimneach:

1. A chinntiú go bhfásann acmhainn áitiúil trí dheiseanna oiliúna agus fostaíochta earnála ar leith a sholáthar;
2. Ardán rannpháirtíochta níos láidire a fhorbairt le gníomhaíocht gheilleagrach a chur chun cinn sna sprioc-cheantair idir gach grúpa de pháirtithe leasmhara agus acmhainní áitiúla;
3. Sraith mol a chruthú do chur chuige téamach maidir le forbairt gheilleagrach i ngach pobal;
4. Infheistíocht isteach a mhealladh chuig ceantair Athghiniúna trí bhonneagar feabhsaithe agus tacaíocht institiúideach;
5. Deiseanna fostaíochta a chruthú sa phróiseas Athghiniúna d'áitritheoirí áitiúla agus laistigh d'fhiontar nua atá bunaithe sa cheantar;
6. Comhtháthú eacnamaíoch cheantair Athghiniúint Luimnigh laistigh de na pleananna forbartha níos leithne eacnamaíochta agus spásúlachta do Chathair Luimnigh; agus
7. Forbairt a dhéanamh ar rannpháirtíocht fhadtéarmach leis an earnáil phríobháideach le leibhéal inbhuanaithe gníomhaíochta geilleagracha a fhorbairt i ngach ceantar athghiniúna.

## IONAD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA FÁILTEACHAIS (HETC)

Déanann an HETC réimse cúrsaí oiliúna a thairiscint do dhaoine dífhostaithe le haghaidh a thabhairt ar na riachtanais scileanna atá aitheanta san earnail fháilteachais agus le tacú le dul ar aghaidh chuig fostaíocht. I 2017, lean an Ionad le hearcú a dhéanamh ar sciar suntasach de dhaoine faoi oiliúint ó cheantair athghiniúna (timpeall 50% go foriomlán). Cuireadh cúrsaí nua leis ar a n-áirítear ardchúrsa oiliúna gairme do dhaoine ar mhian leo tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a scileanna agus a bhforbairt gaime a chur chun cinn. Is é an HETC an t-aon soláthraí ar an gcúrsa nua náisiúnta Printíseachta mar Commis Chef.  Rinne sé comhpháirtíochtaí nua a fhorbairt le fostóirí, ach go háirithe, an Longcourt Hotel nua, an Caisleán Nua leis an Ionad ag cur oiliúna ar 16 duine dífhostaithe le dul i mbun oibre san óstán i mí na Nollag 2017, agus Óstán Adare Manor a athosclaíodh le déanaí. Mar aitheantas ar an rath a bhí ar shamhail na gcosán chuig fostaíocht do dhaoine dífhostaithe go fadtéarmach, ba é an Ionad Oideachais agus Oiliúna Fáilteachais an tionscadal a fuair an bua sa chatagóir forbartha geilleagrach i nDámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil ag Comhlachas na hÉireann.

## TROY STUDIOS

Le Troy Studios ag tosú ar a gcéad sraith teilifíse a léiriú, cuireadh clár oiliúna "dianchampála" ar siúl do PAs na foirne léirithe scannán do 40 duine faoi oiliúint le 8 ionad líonta ó chónaitheoirí na gceantar athghiniúna (Nollaig 2017). Aimsíodh oiliúnaithe ionchasacha i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus an tSeirbhís Fostaíochta Áitiúil.

## ICELAND, CROIS THEACH NA FORAIRE, MAIGH ROIS

Osclaíodh siopa miondíola Iceland ag Crois Theach na Foraire san ionad miondíola ina raibh Eurospar roimhe sin, ag cruthú 40 jab lánaimseartha. D'eagraigh an Fhoireann Athghiniúna i gcomhar le St. Mary's AID go ndéanfaí oiliúint ar sheirbhísí miondíola a sholáthar do lucht cónaithe an cheantair athghiniúna, a chuirfí san áireamh d'fhostaíocht dá réir sin. D'fhostaigh Iceland roinnt de na daoine sin ar éirigh leo an cúrsa oiliúna a chríochnú.

## FORBAIRTÍ IONAID OILIÚNA

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, ag obair le foireann Phlean Gníomhaíochta Fostaíochta an Iarthair Láir agus i gcomhar le LCETB tar éis réimsí ina bhfuil ganntanas scileanna agus bearnaí sa tsoláthar oiliúna a aithint. Tá easpa scileanna maidir le jabanna atá ar fáil i Luimneach le feiceáil i measc na n-áitritheoirí i gceantair athghiniúna, go háirithe i measc na ndaoine idir 18 agus 25 bliana d'aois nach bhfuil ag obair, nó nach bhfuil gafa leis na deiseanna oideachais agus oiliúna atá ar fáil faoi láthair. Tá sé ar intinn cúrsaí oiliúna faoi thionchar an tionscail a sholáthar le béim ar leith ar earnáil na tógála sa Chnoc Theas agus i Maigh Rois araon. Is éi an sprioc maidir le jabanna a sholáthar as na cláir oiliúna seo ná 200 jab thar 3 bliana.

## RIALACHAS NA STRUCHTÚR POBAIL

Thosaigh Comhairle Cathrach agus Contae ar athbhreithniú a dhéanamh i 2017 ar struchtúir phobail i gceantair athghiniúna le béim ar leith ar na hIonaid Phobail. Is í aidhm an athbhreithnithe seo ná oibriú i dtreo inbhuanaitheachta na n-oibríochtaí seo sa bhfadtéarma. Tógfaidh an t-athbhreithniú seo ceann den struchtúr rialachais agus de na múnlaí gnó atá ann faoi láthair agus molfar straitéisí agus gníomhaíochtaí a chuireann dea-chleachtas i bhfeidhm. Críochnófar an próiseas seo i 2018 agus déanfaidh an Chomhairle iarracht ar na moltaí seo a chur i bhfeidhm i gcomhar leis na hIonaid Phobail.

## PRÓIFÍL SHOCHEACNAMAÍOCH NA GCEANTAR ATHGHINIÚNA, 2016

I 2017, déanadh anailís ar shonraí ó Dhaonáireamh 2016 le próifíl shocheacnamaíoch a ullmhú agus athruithe ar an gcathair agus ar na ceantair athghiniúna thar thréimhse na dtrí Dhaonáireamh is déanaí (2006-2011 agus 2016) a mhapáil. Agus úsáid á bhaint as tacar de phríomhtháscairí ar dhul chun cinn socheacnamaíoch agus Inneács an HP ar Dhíothacht / Rachmas, ullmhaíodh próifíl ar an ceantair athghiniúna. Cuireadh iad seo faoi bhráid na bpríomhpháirtithe leasmhara in athghiniúint ag úsáid struchtúir na nGrúpaí Comhairleacha agus Monatóireachta Straitéiseacha Áitiúla agus gach ceann de na Coistí Áitiúla Athghiniúna.

# ATHGHINIÚINT FHISICIÚIL

## ATHRÚ AR PHLEAN FORBARTHA CHATHAIR LUIMNIGH 2010-2016 (MAR ATÁ BREISITHE)

Cuireadh roinnt seisiún eolais ar siúl do na coistí athghiniúna i mí Feabhra 2017 ar an athrú atá molta ar Phlean Forbartha Chathair Luimnigh 2010-2016 (mar atá breisinte) le cuimsiú a dhéanamh ar chuspóirí Chreatphlean Forfheidhmithe Athghiniúna Luimnigh (LRFIP) a bhfuiltar tar éis glacadh leis. Cuireadh an tAthrú ar taispeáint don phobal ar 25 Feabhra 2017 agus déanadh aighneachtaí a lorg go dtí 27 Márta 2017. Cheadaigh na baill thofa an tAthrú ag cruinniú iomlán de Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a tionóladh ar an 29 Bealtaine 2017. Déann an t-athrú atá beartaithe daingniú de réir reachtaíochta ar chuspóirí lárnacha an LRFIP i bPlean na Cathrach.

## TÓGÁIL TITHE NUA

Tugann an LRFIP imlíne ar riachtanas maidir le 593 teach nua a sholáthar agus athchóiriú a dhéanamh ar 1504 de na tithe atá ann. Tá faomhadh faighte ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil d'os cionn 80% den chlár tógála nua.

Go dtí seo, críochnaíodh 204 teach nuathógtha faoi LRFIP, agus i 2017 ba iad na haonaid nua a tógadh ná

- Sráid an Tiarna Éadbhard (79 aonad)
- Páirc Chlíona Céim 2 (10 aonad)
- 8-10 Lána an Phríosúin (3 aonad)

Thug Simon Coveney, TD, Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail & Rialtais Áitiúil, cuairt ar Luimneach ar an 24 Aibreán 2017. Le linn na cuairte seo, d'fhéach an tAire ar an dul chun cinn ag an láithreán tógála ar Shráid an Tiarna Éadbhard, ar é an tionscadal tógála tithíochta sóisialta nua sa tír é. Tá an fhorbairt tógtha ar láithreán iar-Mhonarcha Éadaí Luimnigh.





*Thug Simon Covney, TD, Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail & Rialtais Áitiúil, cuairt ar láithreán tógála na Scéime Tithíochta ar Shráid an Tiarna Éadbhard i 2017*



*Sholáthair Scéim Tithíochta Shráid an Tiarna Éadbhard, a críochnaíodh i mí na Nollag 2017, 81 aonad nua tithíochta*

I Maigh Rois, soláthraíodh 10 aonad nua nuair a críochnaíodh Céim 2 de Pháirc Chlíona i mBealtaine 2017. In éineacht le tithíocht nua a sholáthar, cruthaíonn an scéim seo imeall comhtháite sráide ar Ascaill Mhaigh Rois agus soláthraíonn sé tithíocht inlíonta ar roinnt de na láithreáin bheaga, rud a chuireann feabhas ar chruth foriomlán uirbeach an eastáit.

Sa chéad chéim den tógáil tithíochta atá ar bun ag Páirc an Teampaill, An Cnoc Theas, déanfar 42 aonad a sholáthar i 2018. Déanfaidh an tionscadal Tithíochta Inlíonta atá á thógáil faoi láthair ag Páirc Mhuire 19 teach nua a sholáthar i 2018.

## CLÁR UASGHRÁDAITHE TEIRMEACH

Is é príomhchuspóir an Chláir Uasghrádaithe Teirmeach feabhas a chur ar fheidhmíocht teirmeach thithe na n-áitritheoirí in éineach le feabhas a chur ar thaithneamhacht an amhairc agus aghaidh a thabhairt ar thearcrochtain fuinnimh. I 2017, rinne an Clár Uasghrádaithe Teirmeach dul chun cinn le huasghrádú teirmeach déanta ar 226 aonad chuig Ráta Fuinnimh Foirgnimh (BER) 'C' ar a laghad agus tosaithe ar 223 aonad eile ar an láthair agus súil iad a bheith críochnaithe faoi 2018, agus tá 616 teach ag staideanna ullmhúcháin (m.sh., tá suirbhéireachtaí ar a riocht agus eile ar siúl) le súil le dátaí tosaithe ar an láithreán i 2018.

## OIDHREACHT AGUS SEANDÁLAÍOCHT

Ag teacht leis an gcur chuige iomlánaíoch a dtugtar imlíne air san LRFIP, soláthraíodh maoiniú faoin gClár Athghiniúna le hoidhreacht na Cathrach agus foirgnimh inspéise ó thaobh na staire, na seandálaíochta, na hailtireachta agus na healaíne de a chosaint agus a chur chun cinn.

Ar na tionscadail sin áirítear athchóiriú ar an Turner Vinery, Tait House, An Cnoc Theas, atá aitheanta mar struchtúr a bhfuil suntas náisiúnta ag baint leis. Soláthróidh an tionscadal athchóirithe, a fuair cistiú i 2017, tairbhí eacnamaíocha mar chuid d'athchóiriú champais Tait House agus tosófar i 2018.

## BÓTHAR Ó CUANACH – CHNOC AN LISÍN

Tosaíodh ar an mbóthar seo a bhfuil tábhacht straitéiseach leis a thógáil i 2017. Déanfaidh an bealach seo Coonagh Cross a nascadh le Bóthar Chnoc an Lisín trí Mhaigh Rois. Leis an mórthionscadal bonneagair seo cuirfear le hAscaill Mhaigh Rois le bealach isteach ón Iarthar chuig Maigh Rois a chruthú, ag cur deireadh dá réir sin le leagan amach cul-de-sca an cheantair seo agus feabhas á chur ar nascacht agus ar na nascanna iompair idir é agus an chathair máguaird.

## ÁISEANNA POBAIL

### IONAD UM FHIONTRAÍOCHT PHOBAIL MHAIGH ROIS

Thug an tAire Simon Coveney cuairt ar Mhaigh Rois agus d'iompaigh sé an fód ag Ionad um Fhiontraíocht Phobail Mhaigh Rois le linn dó cuairt a thabhairt ar Luimneach ar 24 Aibreán 2017. Tá an tionscadal €3 mhilliún seo, ar infheistíocht shuntasach í maidir le huasghrádú agus cur leis an áis atá ann, ríthábhachtach maidir le geilleagar Mhaigh Rois sa todhchaí agus léiríonn sé tiomantas maidir le háiseanna pobail ar ardchaighdeán sna ceantair athghiniúna. Bainfidh an foirgneamh seo leas as tionscadal Ó Cuanach-Chnoc an Lisín, mar a mbeidh sé i ngreásán sráide dea-nasctha sa chathair.

### IONAD UM LEANAÍ AGUS AN TEAGHLACH

Tosaíodh ar an Ionad um Leanaí agus an Teaghlach a thógáil sa Chnoc Theas i mí Iúil 2017. Is cuid de Champas Oideachais an Taobh ó Dheas é an tIonad um Leanaí agus anTeaghlach, agus tá sé ár fhorbairt i gcomhar le cuibhreannas ar a bhfuil Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach), BOO Luimnigh agus an Chláir, DES agus Comhairle Seirbhíse Sóisialta Luimnigh. Soláthróidh an FSS Seirbhísí For-rochtana do leanaí san luathbhlianta san ionad seo, ar a n-áirítear Teiripe Urlabhra agus Teanga, seirbhísí Síceolaíochta agus Diaitéitice. Déanfaidh Tusla cistiú ar an gClár Críochnaithe Scolaíochta, agus ar sholáthar iarscoile agus ar chlub brisfeasta, agus déanfaidh an LCETB cistiú ar Sheirbhísí Tacaíochta do Theaghlaigh ar a n-áirítear oideachas aosach.

## SRÁID SAN NIOCLÁS AGUS SRÁID MHUIRE

Chruthaigh Sráid San Nioclás agus Sráid Mhuire an phríomhais idir Caisleán an Rí agus Baal's Bridge i Luimneach meánaoiseach. Is é cuspóir Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an tsráid tábhachtach seo a athbheochan agus úsáid nua a chur chun cinn, a chuirfeadh le hacmhainn turasóireachta an cheantair stairiúil seo.

### 27 SRÁID SAN NIOCLÁS

Déanadh athchóiriú ar 27 Sráid San Nioclás i 2017 le húsáid mar Bhothán na bhFear i bParóiste Mhuire. Nocht na hoibreacha an t-íoslach meánaoiseach agus an comhbhalla meánaoiseach atá ann. Agus í ag obair go dlúth leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, thaifead Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh na gnéithe seo agus chuir ord ar an gclár oibre le híoslaghdú a dhéanamh ar an gcur isteach ar an ailtireacht atá ann.






*Tithíocht Chéim 2 Pháirc Chlíona, a críochnaíodh i mBealtaine 2017, ag soláthar 10 aonad nua tithíochta*



*Beidh Céim 1 ag Páirc an Teampaill críochnaithe go luath i 2018, le 42 aonad nua tithíochta á soláthar*



*Grianghraf stairiúil den Turner Vinery, Tait House, ag fanacht ar athchóiriú (Íomhá le caoinchead Bhailiúchán Kemmy)*



*Tógáil Bhóthair Ó Cuanach – Chnoc an Lisín*



*An tIonad um Leanaí agus an Teaghlach á thógáil i gCampas Oideachais an Taobh ó Dheas*




*An tAire Simon Coveney ag iompú an fhóid ag Ionad um Fhiontraíocht Phobail Mhaigh Rois*



*Críochnaíodh athchóiriú ar 27 Sráid San Nioclás i Meán Fómhair 2017.*



*Íomhá 3D den Ionad um Leanaí agus an Teaghlach*

## LÁTHAIR TINTEÁIN – 36-39 SRÁID SAN NIOCLÁS

Déanadh oibreacha achrannacha cobhsaithe ar an mballa lárnach, mar a bhfuil tinteán suntasach meánaoiseach, ag tosú sa Bhealtaine agus ag críochnú i Meán Fómhair 2017. Toisc an tábhacht seandálaíochta a bhaineann leis an láthair seo, d'oibrigh CCCL go dlúth leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta le Cead a fháil ón Aire roimh thosú air.

## 8-10 LÁNA AN PHRÍOSÚIN, SRÁID MHUIRE

Críochnaíodh mór-athchóiriú ar na tithe tréigthe ag 8-10 Lána an Phríosúin, Sráid Mhuire i 2017. Bhí trí theach ann, a tógadh ag deireadh an 19ú hAois, a bhí tréigthe le fada. I ndiaidh athchóiriú cúramach a dhéanamh, tá cónaí ar dhaoine sna tithe anois, le beatha nua tugtha chuig Oileán an Rí agus chuig Sráid Mhuire ach go háirithe.

## 24 AGUS 25 SRÁID SAN NIOCLÁS

I ndiaidh pleanála agus úsáid oiriúnach a aithint, tá oibreacha ag tosú ar an láithreán i 2018 d'oibreacha réamhligin do na hiar-aonaid tráchtála sin atá cóngrach do Chaisleán an Rí. Aistreoidh cuideachta atá bunaithe i Luimneach chuig an foirgneamh nuair a bhíonn na hoibreacha críochnaithe, rud a bheidh chun leasa eacnamaíoch Sráid San Nioclás agus Oileán an Rí.

## CUR I LÁTHAIR AN CHOISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA (SPC) FORBARTHA BAILE AGUS SÓISIALTA AR SHRÁID SAN NIOCLÁS

Thug Maria Donoghue achoimre ar an obair a déanadh go dtí seo ag Sráid San Nioclás ag cruinniú an SPC Tithíochta a tionóladh ar an 27 Feabhra 2017. Tugadh léiriú ar na tionscadail atá ar siúl i réadmhaoin fholamh, ar áititheoirí na sráide sa todhchaí agus ar an luach a bhaineann le hacmhainn oidhreachta a fhorbairt mar thiománaí eacnamaíoch.

I ndiaidh an chur i láthair ag an gCoiste um Beartais Straitéiseacha (SPC) ar an 27 Feabhra 2017, cuireadh Cuairt ar Shuíomh chuig rionnt tionscadal ar Shráid San Nioclás ar siúl do chomhairleoirí áitiúla agus do Theachtaí Dála ar an 10 Aibreán 2017.

## PÁIRCÍNÍ PHÁIRC NA PARÁIDE AGUS SHRÁID AN DROICHID

Cuireadh tionscadal athnuachana láithreán folamh ar siúl ar Pháircín Shráid an Droichid agus ar Pháirc na Paráide i gcomhar le hIontaobhas Cathartha Luimnigh. Áiríodh sna hoibreacha tírdhreachtú crua agus bog, claíocha a bhaint as, agus saothar ealaíne poiblí a chruthú.



*Saor cloiche ag obair ar Láthair an Tinteáin le linn Chéim 1 de na hOibreacha Cobhsaithe i 2017*





*An mór-athchóiriú ar 8-10 Lána an Phríosúin*

## CÉATADÁN D'EALAÍN

Is tionscnamh de chuid an rialtais é an scéim Céatadán d'Ealaín, a tugadh isteach i 1988, mar a ndéantar céatadán de chostas aon fhorbairt chaipitil, infreastruchtúir nó tógála a bheadh maoinithe go poiblí, a leithdháileadh ar shaothar ealaíne a choimisiúnú. Ó 1997 i leith, tá an scéim seo ar fáil do gach tionscadal caipitil i ngach roinn rialtais. D'úsáid Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an maoiniú seo i 2017 d'fhonn na tionscadail seo a leanas a sholáthar:

## "A STITCH IN TIME: A HISTORY OF LIMERICK CLOTHING FACTORY"

Is leabhar é "A Stitch in Time: A History of Limerick Clothing Factory", a ndearna Forbairt Shóisialta, CCCL coimisiúnú air le doiciméadú a dhéanamh ar scéal an Limerick Clothing Factory. Bhí an monarcha suite ar láthair an Tionscadail Tithíochta ar Shráid an Tiarna Éadbhard a críochnaíodh le déanaí. Rinne údar an leabhair seo, Sharon Slater an taighde don leabhar freisin. Fuair na háitritheoirí nua cóip dea-mhéine den leabhar in éineacht le heochracha a dtithe nua.



*An t-údar Sharon Slater le duine d'iar-fhostaithe an Limerick Clothing Factory*



*Maura Stapleton, iar fhostaí an Limerick Clothing Factory a sholáthair léargas sárluachmhar ar shaol an Limerick Clothing Factory.*

## SAOTHAR EALAÍNE POIBLÍ MHÚRPHICTIÚR NA SIONNA, SRÁID AN DROICHID

Is saothar ealaíne é Múrphictiúr na Sionna a rinne ealaíontóirí áitiúla Luimnigh, Bold Details, a bhí coimisiúnaithe do bhalla binne ar láithreán folamh ar Shráid an Droichid agus a críochnaíodh i mí na Samhna 2017. Is cuid de thionscadal athnuachana láithreáin atá san obair seo a déanadh i gcomhar le hIontaobhas Cathartha Luimnigh, agus bhí an-dúil ag an bpobal ann.

Thug an Stiúrthóireacht Forbartha Sóisialta tacaíocht d'imeachtaí sna healaíona i mblianta roimhe seo. Bhí suntas ar leith ag baint le léirithe Sopráin Luimnigh, Sarah Shine, i Láthair an Ionaid Ceoldrámaíochta i rith Oíche Chultúir 2015 agus 2016. Tacaíoch le Open House Limerick freisin ó bunaíodh é i 2012.

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag féachaint ar láithreacha eile do thionscadail ealaíne poiblí i 2018, agus ar fhoirgnimh phoiblí atá folamh a úsáid go sealadach do na healaíona..

## COMHDHÁIL

### Grúpa Taighde Acadúil Uile-Éireann 2017

Ar 25 agus 26 Eanáir 2017, chuir Sarah Newell agus Maria Donoghue páipéir faoi bhráid Chomhdháil an Ghrúpa Taighde Acadúil Uile-Éireann (AIARG) 2017 a tionóladh i Scoil na hAiltireachta, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Chuir Maria Donoghue páipéar i láthair dírithe ar an bpróiseas a bhaineann le hoibriú leis an Straitéis Forbartha agus Seandálaíochta d'Oileán an Rí, Luimneach (DASKIL) sa seisiún dar teideal 'Design versus Conservation and the Value of Time'. Sa seisiún 'Concealed or esposed? Ireland and Concrete', rinne Sarah Newell cur i láthair ar an ábhar 'The Fair Force of Brutalism'.

## COMHDHÁIL CHOMHPHÁIRTEACH TITHÍOCHTA

Rinne Seamus Hanrahan agus Sarah Newell ó Stiúrthóireacht Fhorbartha Sóisialta cur i láthair ar 'Design Quality through Development Codes' ag an gComhdháil Chomhpháirteach Tithíochta a d'eagraigh an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DHPLG) agus Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI) agus a tionóladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar 13 agus 14 Feabhra.

## COMHDHÁIL DHEARTHÓIREACHTA AGUS CHOMHFHORBARTHA ÁITE

Rinne Sarah Newell cur i láthair ag Comhdháil Bhliantúil Chumann Pleanála Choláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC) ar 24 Feabhra 2017 ar an ábhar 'Design and Place-making: Reasserting the Public Good Through a People- led Approach'.



*Dealbh Bhráid den Bhandia Sionna, Sráid an Droichid, maoinithe faoi chéatadán an Chláir Ealaíne. Grianghraf le caoinchead Bold Details.*

# SEIRBHÍSÍ CUTAIMÉARA, STIÚRTHÓIREACHT CHULTÚIR AGUS EALAÍON





# SEIRBHÍSÍ CUSTAIMÉARA

## SEIRBHÍSÍ CUSTAIMÉARA

I 2017, bhí comhchaidreamh ag timpeall 38,000 custaiméar ag ár gcuntair ag Tuar an Daill agus Cé na gCeannaithe, le hiarratais rochtain a fháil ar na mionseirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle.

Lean Seirbhísí Custaiméara le méid na seirbhísí a sholáthair siad a mhéadú i 2017, le comhtháthú á dhéanamh ar ghlaonna Mótarchánach. Tá seo ag teacht leis na prionsabail atá i 'Daoine a Chur sa Chéad Áit' mar a ndéantar iarracht ar sheirbhísí a sholáthar don chustaiméir ag an bpointe teagmhála is cóngraí.

I 2017 bhí Lárionad Glaonna na Seirbhísí Custaiméara beo sa Mheán Fómhair faoi uimhir theagmhála amháin don Chomhairle. Bhí 750 glaoch in aghaidh an lae á bhfreagairt mar mheán agus iad á bhfreagairt laistigh de 11 soicind mar mheán. Úsáideadh an Lárionad Glaonna le linn Stoirme Ophelia, nuair a bhí foireann Seirbhísí Custaiméara ag feidhmiú mar lárionad glaonna éigeandála le linn na stoirme le síneadh curtha leis na huaireanta oscailte le tacú leis an bpobal'.

D'oibrigh Seirbhísí Custaiméara go dlúth freisin leis an Rannóg Straitéise Digiteach ar an gcuid den suíomh greásáin a bhaineann le MyLimerick a chur ar fáil, www.limerick.ie. Cheadaigh seo don phobal agus d'ionadaithe poiblí rochtain a fháil ar sheirbhísí ar líne. Áirítear anseo iarratas a dhéanamh ar cheadúnas madraí agus logáil/athleanúint ar iarratais ar sheirbhís. Ceadaíonn ardán MyLimerick dár gcuataiméirí féachaint ar stádas na n-iarratas seo agus ar nuashonrú ábhartha ag am ar bith.


Déanadh dul chun cinn freisin i 2017 ar chomhtháthú foirmeálta a dhéanamh ar Chothabháil Tithíochta i Seirbhísí Custaiméara. Beidh feabhas láidir ar ghnó ag an gcur chuig comhtháthaithe seo. Déanfaidh sé eolas a sholáthar láithreach bonn ó chonraitheoirí a bhíonn ag feidhmiú thar ceann na Comhairle agus beidh níos mó sonraí ar fáil freisin maidir le sócmhainní na Comhairle. Cuirfidh seo tuilleadh feabhais ar an seirbhís a bhíonn á sholáthar againn do chustaiméirí, chomh maith le nuashonrú níos rialta ar iarratais ar chothabháil. Tugann na figiúirí seo a leanas sonraí ar líon na n-iarratas ón bpobal agus ó ionadaithe tofa ar déanadh taifed orthu ar SugarCRM, córas Bainistíochta ar Chaidreamh le Custaiméirí na Comhaile, i rith 2017.

- Fuarthas 29,220 Iarratas le 81.91% dúnta agus 76.41% réitithe.
- Fuarthas 4,589 uiríoll ó 40 Comhairleoir, 7 TD, 2 Aire agus 3 Sheanadóir, le 86.94% dúnta agus 70.84% réitithe.


## AN FADA A THÓGANN SÉ?

- 7 lá oibre le formhór na n-iarratas a réiteach (meánach)
- 21 lá oibre (ar an meán)

## CAD IAD NA RÉIMSÍ ARDÉILIMH?




## CAD IAD NA RANNÓGA IS MÓ A FUAIR AN LÍON IS MÓ AIGHNEACHTAÍ Ó IONADAITHE POIBLÍ?




*Aighneachtaí i 2017*


## SUIRBHÉ CUSTAIMÉIRÍ

Leanadh le Suirbhéanna Custaiméirí i 2017 agus ceadaíodh d'aiseolas neamhspleách ó chustaiméirí maidir le soláthar seirbhíse na Comhairle. Ceadaíonn seo freisin, agus spreagann sé an pobal le moltaí a dhéanamh agus a dtuairimí a thabhairt ar na seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle rud a chuireann ar ár gcumas ár seirbhísí a fheabhsú.

Bunaithe ar na freagraí a fuarthas i 2017:

- Bhí 65% de na custaiméirí sásta leis an seirbhís a fuarthas
- Cheap 65% de chustaiméirí go raibh sé éasca cabhair a fháil
- Aontaíonn 83% de chustaiméirí go bhfuil comhairleoirí seirbhísí do chustaiméirí fóinteach
- Aontaíonn 60% de chustaiméirí gur éirigh linn a gceist a réiteach.

## BEALAÍ CUSTAIMÉARA A ÚSÁIDEADH I 2017






# SEIRBHÍS LEABHARLAINNE

## IMEACHTAÍ CULTÚRTHA, POBAIL AGUS STAIRIÚLA:

- Rinne Leabharlann an Chaisleáin Nua óstáil ar oscailt oifigiúil Éigse Michael Hartnett 2017 i mí Aibreáin. Bhí Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Kieran O'Hanlon i bhfeighil na hoscailte, agus déanadh Gradam Filíochta Michael Hartnett a bhronnadh ar Sheosamh Ó Murchú. Ba í Philomena Lee aoi speisialta na hoíche agus rinne Seamus Hennessy agallamh léi.
  Bhain an t-agallamh le saol Philomena, a dtugtar cuntas air sa leabhar The Lost Child of Philomena Lee le Martin Sexsmith.
- Thug an n drámadóir, scríbhneoir scripte agus an t-ealaíontóir cónaithe in Amharclann Belltable, Luimneach, Mike Finn, cuairt ar leabharlanna na Gráinsí, an Chaisleáin Nua, Chrois Theach na Foraire agus Chill Mocheallóg le labhairt faoi Shóivéid Luimnigh i 1919 agus a chur chuige maidir le taighde agus scríobh a dhráma nua, Bread Not Profits, a dhéanfar a léiriú in Aibreán 2019 le marcáil a dhéanamh ar chomóradh céad bliain an mhóir-imeachta seo i stair Luimnigh.
- Rinne Leabharlann Chill Mocheallóg ceiliúradh ar chomóradh 150 bliain ó d'ionsaigh na Fíníní Beairic an RIC i gCill Mocheallóg sa Mhárta. Thug daltaí ó Scoil Náisiúnta Chill Mocheallóg cuairt ar an Leabharlann don cheardlann Irish History Live, ar spléachadh mear agus bríomhar ar stair na hÉireann é, agus a chuireann ionsaí na bhFíníní i gCill Mocheallóg i gcomhthéacs stairiúil. Léirigh an Leabharlann roinnt déantán iontach stairiúil ón tréimhse seo freisin mar chuid den gcomóradh seo.
- Mharcáil Leabharlann Thuar an Daill 20 bliain chinniúnach le sraith d'imeachtaí saor in aisce le buíochas a ghabháil lena léitheoirí díograiseacha agus fáilte a chur roimh léitheoirí nua chuig an leabharlann gnóthach agus cairdiúil seo. Bhain stair, drámaíocht, draíocht agus scéalaíocht leis an gceiliúradh le cuairt á thabhairt ann ag an údar Roisin Meaney, ag an saineolaí Michael Moylan agus ag an draíodóir Myster Magic chuig imeachtaí do leanaí agus do dhaoine fásta de gach aois.
- Rinne Leabharlann Mhainistir na Féile óstáil ar oscailt Fleadh by the Feale 2017 san Aibreán le duaiseanna á mbronnadh don Chomórtas Póstaeir Ealaíne, taispeántas, agus siamsaíocht traidisiúnta ag daltaí ó Scoil Mháthair Dé.
- Lean an rath a bhí ar shraith Léachtaí Oíche na Gráinsí i 2017, le clár éagsúil agus spéisiúil de chainteanna, ar a n-áirítear Ammemorium: an illustrated talk le John Hyatt agus Sam Windrim, Jim Kemmy: 20 years in hindsight leis an Dr. Brian Callanan, agus Using the 1911 Census for Writing History: A Case Study le Janet Moody.
- Rinne Leabharlanna Áth Dara, An Caisleán Nua agus Mainistir na Féile óstáil ar shraith de chúrsaí oiliúna ar Scileanna Digiteacha dírithe ar thosaitheoirí agus úsáideoirí nua. Ceapadh na cúrsaí seo le heolas, scileanna agus muinín a thabhairt do rannpháirtithe an t-idirlíon a úsáid agus bunchúramaí a dhéanamh ar líne mar r-phost, baincéireacht agus Skype.

## IMEACHTAÍ LITEARTHA:

Rinne an Leabharlann óstáil ar sheoladh roinnt leabhar agus ar údair ag léamh i gcaitheamh 2017.

Ar an buaicphointí bhí:

- Chuir Lárleabharlann na Gráinsí fáilte roimh na húdair sárdhíola Carol Drinkwater i mí Dheireadh Fómhair agus Jo Spain sa Bhealtaine. Léig an dá údar ón leabhar is déanaí acu agus labhair faoina gcuid oibre le lucht éisteachta leabharbhách.



*Agallamh á chur ag Seamus Hennessy ar Philomena Lee ag seoladh oifigiúil Éigse Michael Hartnett 2017 i Leabharlann an Chaisleáin Nua, 6ú Aibreán, 2017*



*Philomena Lee ag bualadh le cuid den lucht éisteachta ag seoladh Éigse Michael Hartnett 2017 i Leabharlann an Chaisleáin Nua, 6ú Aibreán, 2017*

- I gcomhpháirt le Féile Litríochta Luimnigh i mí Feabhra in onóir do Kate O'Brien, bhí an-áthas ar Leabharlann na Gráinsí óstáil a dhéanamh ar an bhfile Martin Dyre agus ar an úrscéalaí Donal Ryan le léamh agus síniú leabhair a dhéanamh i dteannta a chéile.
- Ar an 26ú Aibreán, d'fhreastal grúpa beag, ach díograiseach, de dhaoine ar spéis leo filíocht, ar Aithris am Lóin ag Leabharlann an Ghleanna le ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Filíochta Náisiúnta na hÉireann. Ar an leabhair a seoladh i rith na bliana áirítear Messy play for Babies leis an scríbhneoir áitiúil Denise Croucher ag Leabharlann Chrois Theach na Foraire i mí Feabhra, bailiúchán gearrscéalta Tom McElligott, A Table for Two, ag Leabharlann Thuar an Daill sa Mhárta agus Limerick and Kerry Railway: The Twilight Years le Liam O'Mahony ar seoladh i Leabharlann an Chaisleáin Nua é mar chuid de cheiliúradh a nOíche Chultúir sa Mheán Fómhair.

## IMEACHTAÍ DO LEANAÍ:

- Déanadh ceiliúradh ar Spring into Storytime san Aibreán le líon mór daoine ag freastal ar na seisiúin scéalaíochta ar fud leabharlanna brainse Luimnigh. Tá an clár Spring into Storytime dírithe ar theghlaigh a spreagadh le léamh le chéile agus tá sé mar phríomhchuid den bhfeachtas náisiúnta Right to Read a thacaíonn le litearthacht sa phobal.
- D'éirigh thar barr arís leis an dúshlán bliantúil léitheoireachta Summer Stars i 2017. Sheol an t-údar sárdhíola Róisín Meaney Summer Stars go hoifigiúil i Leabharlann Chill Mocheallóg le cabhair leanaí ó Scoil Mocheallóg. Ghlac os cionn 2,200 páiste páirt sa dúshlán ó gach cearn de Chathair agus de Chontae Luimnigh agus déanadh ceiliúradh ar a ndearna siad i mBrainsí Leabharlainne le clár imeachtaí, gníomhaíochtaí agus searmanais bhronnta duaiseanna ag gabháil leo.
- Is am an-tábhachtach i bhféilire na Leabharlainne é **Féile Leabhar na Leanaí** agus bhí clár iomlán imeachtaí ann i 2017 le siamsaíocht agus gníomhaíochtaí bunaithe ar leabhair ar siúl i gcaitheamh na míosa.

Ar an buaicphointí bhí:

- Leigh Marita Conlon-McKenna, an scríbhneoir Éireannach a bhfuil duaiseanna buaite aice, ar fearr aithne uirthi de bharr a sraithe Children of the Famine, do na céadta leanaí i leabharlanna na Gráinsí agus Chrois Theach na Foraire.
- Spreag Michael Moylan ó Irish History Live grúpaí scoile ar tugadh cuireadh dóibh chuig leabharlanna na Gráinsí, Thuar an Daill agus Chrois Theach na Foraire lena thuiscint siamsúil ar leith ar an saol meánaoiseach agus an Dara Cogadh Domhanda le déantáin, fíricí suimiúla agus rannpháirtíocht an lucht éisteachta.
- Thug an scéalaí den scoth Niall de Búrca cuairt ar leabharlanna Chrois Theach na Foraire agus na Gráinsí agus bhí an tóir ar sheó PigNut Porductions "The Trouble with Fairies" sa Chaisleán Nua.
- Leigh Gabriel Fitzmaurice óna shaothar do lucht éisteachta léirthuisceanach i leabharlanna Chill Mocheallóg, an Chaisleáin Nua agus Áth Dara.
- Rinne Leabharlann Chill Mocheallóg óstáil ar roinnt imeachtaí ar a n-áirítear cuairt ó aoi an-speisialta – an Big Friendly Giant ó scéal iomráiteach Roald Dahl, the BFG.




*Daltaí ó Scoil Náisiúnta Chill Mocheallóg ag foghlaim i dtaobh ionsaí na bhFíníní ar Bheairic an RIC i gCill Mocheallóg le linn na ceardlainne Stair na hÉireann Beo ag Leabharlann Chill Mocheallóg, 14ú Márta, 2017*





*Daltaí ó Scoil Mocheallóg ag bualadh leis an BFG agus cuairt á thabhairt aige ar Leabharlann Chill Mocheallóg le linn Féile Leabhar na Leanaí, Deireadh Fómhair 2017*



*Am Scéalaíochta agus Véarsaíochta ag Leabharlann Áth Dara*

Ar chuid de na himeachtaí eile a bhí ar siúl do leanaí i 2017 áirítear:

- D'éirigh thar barr leis an óstáil a rinne Leabharlanna an Chaisleáin Nua agus Áth Dara, i gcomhar le hAcmhainní Iarthar Luimnigh, ar Am Scéalaíochta agus Véarsaíochta ag an Leabharlann, sraith seisiún saor in aisce, idirghníomhach de scéalta agus ranna a léamh do pháistí suas go dtí sé bliana d'aois.
- Déanadh ceiliúradh ar an Lá Domhanda um Leabhair i leabharlanna Thuar an Daill agus Chrois Theach na Foraire ar an Déardaoin, 2ú Márta. Rinne an dá cheann óstáil ar thráth na gceist boird agus thug cuireadh do scoileanna freastal ar sheó puipéad idirghníomhach The Rubbish Monster le tábhacht athchúrsála a mhúineadh.
- I mí na Samhna, déanadh ceiliúradh ar an nGaeilge i Leabharlann an Chaisleáin Nua ar bhealaí éagsúla ar a n-áirítear filíocht, amhránaíocht agus scéalaíocht. Bhain daltaí ó gach ceann den trí iar-bhunscoil sa Chaisleán Nua taitneamh as an lá. Choinnigh Gabriel Fitzmaurice na daltaí faoi gheasa le scéalta ag an imeacht seo, ar thacaigh Foras na Gaeilge leis.
- Le ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain na Rothar, chuir Taisteal na Scoileanna Glasa agus Tionscadal Scoile Taistil Níos Cliste Luimnigh Comórtas Mionrothar ar siúl mar ar tugadh cuireadh do dhaltaí ó ar fud na cathrach a mionrothar féin a dhéanamh as ábhar athchúrsáilte. Bhí freagra ollmhór ar an gcomórtas le breis agus 50 iontráil ó scoileanna ar fud na cathrach. Bhí iontrálacha ón gcomórtas mar chuid de thaispeántas, a bhí ar taispeáint i Leabharlann na Gráinsí.



*Soláthraíonn Myster Magic siamsaíocht don tslua le linn cheiliúrtha 20 bliain Leabharlann Thuar an Daill ar an 12ú Bealtaine, 2017*




*Daltaí ó Scoil Mháthair Dé ag soláthar siamsaíochta ag oscailt Fleadh by the Feale i Leabharlann Mhainistir na Féile, Aibreán 2017*



*Daltaí ó Scoil Náisiúnta Mocheallóg leis an údar Róisín Meaney ag an seoladh Summer Stars Reading Challenge bliantúil ag Leabharlann Chill Mocheallóg, Meitheamh 2017*



*Marita Conlon-McKenna, an scríbhneoir Éireannach a bhfuil duaiseanna buaite aige, ag Leabharlann Chrois Theach na Foraire le linn Fhéile Leabhar na Leanaí, Deireadh Fómhair 2017*



*Na húdair Carol Drinkwater agus Róisín Meaney le hiar-Leabharlannaí na Cathrach, Dolores Doyle agus an Leabharlannaí Cathrach agus Contae, Damien Brady ag Leabharlann na Gráinsí, 5ú Deireadh Fómhair, 2017*



# CULTÚR AGUS NA HEALAÍONA

## TAISPEÁNTAIS:

- Bhí taispeántas iontach d'earraí criadóireachta dar teideal Kiln Time le mic léinn 3ú bliana Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh ar siúl sa Mhárta ag Leabharlann na Gráinsí. Ag Leabharlann na Grainsí freisin bhí taispeántas i mí Dheireadh Fómhair dar teideal "Conrad: The Nostromo Passenger" le léiriú á dhéanamh ar ghnéithe de shaol, de shaothar agus de leagáid Joseph Conrad Korzeniowski.
- Rinne Leabharlann Thuar an Daill óstáil ar roinnt taispeántas i rith 2017 ar a raibh Basement Artists sa Mhárta, Inis Artists i mí Lúnasa, Cumann Ealaíne Luimnigh i mí Dheireadh Fómhair agus Jean Ryan Hakizimana i mí na Nollag.
- Bhí bliain an-ghnóthach ag Leabharlann an Chaisleáin Nua freisin le taispeántais ar "Obair na mBan", pictiúir ó Ealaíontóirí ICA Chill Ollta sa Mhárta, taispeántas ealaíne "No Limits" cruthaithe ag Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais Sheanghualann sa Mheitheamh, agus "Scenes of Celtic Nature" leis an ealaíontóir áitiúil Ian i mí Dheireadh Fómhair.
- Bhí Aonach Ceardaíochta na Cásca, "Threads", ag grúpa Mhaigh Rois i leabharlann Chrois Theach na Foraire san Aibreán, ag léiriú a scileanna cniotála, cróise agus cardála.

## IMEACHTAÍ CEOIL:

- Ina sraith cheoil mhóréilimh, chuir Leabharlann na Gráinsí roinnt taispeántas ceoil bheo ar siúl i 2017. Bhí rogha iontach de cheol traidisiúnta á sheinm ag an Clonlara House Session Group do lucht éisteachta a bhain an-taitneamh as i mí an Mhárta. Bhí ceolchoirm le Mile O'Donovan in éineacht le Dave Keary agus James Hanley ar siúl sa Bhealtaine agus i mí Lúnasa thug an Modern Irish Quartet léiriú iontach ar Shnagcheol agus Rac-cheol Clasaiceach.
- Bhí "Oíche Amhránaíochta" i Leabharlann an Ghleanna in onóir Lá Fhéile Bríde agus tús an earraigh, faoi threoir an cheoltóra Paul O'Brien. Bhí baiIéid le Leonard Cohen, Bob Dylan agus mórán amhrán a bhfuil tóir orthu in Éirinn le clos ar na sráideanna agus bhí oíche thaitneamhach ag cách.
- Lean an Rock Record Round Table sa Ghráinseach le bheith mar bhuaicphointe ceoil mar ar déanadh agallaimh le díograiseoirí iomráiteacha ceoil maraon le píosaí óna mbailiúcháin leictreonach. Ar na haíonna i 2017 bhí D.J. Nicky Woulfe agus an t-iriseoir Alan English.

## GRÚPA OIBRE TRASPHÁIRTÍ CULTÚIR AGUS EALAÍONA

Thug an grúpa oibre Trasphairtí Cultúir agus Ealaíona a cheap na Baill Thofa, faoi thurais taighde ar Liverpool, Manchester, agus Glasgow d'fhonn foghlaim agus níos mó eolais a fháil ar mhodhanna seachadta do Chultúr sa todhchaí. Úsáideadh moltaí ó na turais seo le próiseas an mhodha nua seachadta a chur ar an eolas.

Thug Méara Chathair agus Chontae Luimnigh cuireadh do dhuine ar bith ar spéis leo infheistíocht straitéiseach a dhéanamh i gcultúr i Luimneach chuig World Café Consultation Event ar an 16ú Bealtaine. Bailíodh aiseolas ón imeacht seo agus tugadh moltaí faoi bhráid an Ghrúpa Oibre Cultúir agus Ealaíona le modh nua seachadta a chur ar an eolas.

Críochnaíodh obair an Ghrúpa Oibre Trasphairtí Cultúir agus Ealaíona. Ullmhaíodh tuarascáil le plé agus le faomhadh agus cuireadh faoi bhráid na Comhairle Iomlán é i Meitheamh 2017.

Ba iad príomh-mholtaí na tuarascála ná:

1. Moladh go mbunófaí Coiste um Beartais Straitéiseacha do Sheirbhísí Cultúrtha i Luimneach
2. Rannóg Seirbhísí Cultúrtha i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a áireodh Leabharlanna, Músaeim, Oifig Ealaíon Luimnigh agus Dánlann Ealaíne Chathair Luimnigh.
3. Go nglacfaí le haon mholadh déag an ghrúpa oibre

Faomhadh na moltaí seo agus tosaíodh ar an gCoiste um Beartais Straitéiseacha a bhunú. Ag an gcruinniú ceapadh an Comhairleoir Ó Ceallaigh mar chathaoirleach ar an SPC Cultúrtha nua. Tionóladh an chéad chruinniú de Choiste um Beartais Straitéiseacha Cultúrta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar an12ú Nollaig 2017.

## ÉIRE CHRUTHAITHEACH

Is Clár Leagáide an Rialtais é Éire Chruthaitheach d'Éire 2016 – tionscnamh cúig bliana, ó 2017 go dtí 2022, a chuireann cruthaitheacht i gcroílár an pholasaí poiblí. Bhí cruinniú poiblí ann i mí an Mhárta 2017. As an gcruinniú sin a ullmhaíodh Plean Cultúrtha agus Cruthaitheachta do Luimneach i ngach rannóg de Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Freagraíonn na tionscadail atá sa phlean do Cholún 2 den Chlár Éire Chruthaitheach – ag Cumasú Cruthaitheachta i nGach Pobal agus ag aimsiú na mbearnaí sna deiseanna agus sna seirbhísí reatha atá dírithe ar rannpháirtíocht ghníomhach trí chultúr agus trí chruthaitheacht. Sna céimeanna tosaigh fhorfheidhmithe seo, thógamar ar acmhainn na dtionscadal atá ann atá á dtiomáint ag rochtain agus rannpháirtíocht.

Tharla an chéad léiriú poiblí ar Chlár Éire Chruthaitheach i Luimneach ar Luan Cásca mar chuid de Chruinniú na Cásca-Luimneach ag Siúl, clár turas siúil faoi threoir saor in aisce a soláthraíodh i gcomhar le heagraíochtaí pobail áitiúla agus treoraithe turais atá gníomhach agus díograiseach maidir le spléachadh a thabhairt do dhaoine ar oidhreacht Luimnigh.

Eisíodh glaoch oscailte i gcomhar le Cartalnn Luimnigh agus Coláiste Mhuire gan Smál, ar léiriú spéise le clár faisnéise gearr a dhéanamh ar thraidisiúin Iascairí Bradán na Sionainne i Luimneach. Tá an clár faisnéise seo le teacht le mórthionscadal staire béil atá ar bun ag Coláiste Mhuire gan Smál agus Cartlann Luimnigh le cuimhní na n-iascairí agus ceirdanna gaolmhara eile a bhailiú agus a innéacsú. Soláthróidh an clár faisnéise seo cartlann a bheidh mar chéim tosaigh a bhíonn riachtanach le caomhnú a dhéanamh ar chomhcheangal Luimnigh leis an abhainn.

Chruthaigh Músaem Luimnigh tobmhúsaem i gcomhar le hÉire Chruthaitheach mar ar tugadh cuireadh don phobal nithe stairiúla a bhaineann lena bpobal a thabhairt isteach, ar a raibh seanchártaí poist, sean-ghrianghrafanna nó nithe a bhain le himeachtaí áitiúla spóirt nó gnó. Is í an aidhm atá leis an tobmhúsaem seo go mbeadh daoine de gach aois agus gach cúlra páirteach i machnamh agus i gcomhrá maidir le brí na nithe seo inár saol agus inár stair.

Bhí an tionscadal ar siúil thar thréimhse sé seachtainí i mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna sna trí Cheantar Bardasach.

## MAOINIÚ AGUS GLAOCHANNA OSCAILTE

- Fógraíodh Deontais bhliantúla faoi Acht na nEalaíon 2017 trí ghlaoch oscailte. Soláthraíodh seisiúin fhaisnéise le hiarratasóirí ionchasacha, le measúnú á dhéanamh ag painéal agus moltaí faofa ag an gComhairle ar an 27ú Márta. Déanadh 75 iarratas, agus d'éirigh le 41 acu, le leithdháileadh deontais iomlán de €20,000.
- Eisíodh Glaoch Amach do Dhátaí Fhéile Luimnigh 2018 i mí Dheireadh Fómhair lena chinntiú go mbeadh Limerick.ie mar phríomhphointe eolais d'fhéilte agus imeachtaí i Luimneach
- Glaoch oscailte do chleachtóirí le freastal ar scoil oiliúna ar feadh seachtaine – Acadamh Ealaíona Lasmuigh na hEorpa: Scoil Mhórthaibhseach Luimnigh 2017 ag comhroinnt agus ag foghlaim scileanna nua
- Glaoch oscailte ar sparánachtaí do cheathrar ealaíontóir le freastal ar 'Bhuncheardlann Ealaíona agus Sláinte' a bheadh ar siúl ag UHL i gcomhar le Waterford Healing Arts Trust
- Glaoch oscailte do Stiúideoanna Ealaíontóra i Sráid Shéamais, Cathair Luimnigh agus Stiúideoanna Ealaíne na Ceapaí Móire
- Glaoch oscailte do Ghradam Idirnáisiúnta Luaineachta a cheadódh d'ealaíontóirí taisteal go hidirnáisiúnta.

## FÉILTE AGUS IMEACHTAÍ

Bhí an glaoch oscailte seo mar chuid de na gníomhaíochtaí le tacú le forfheidhmiú Straitéise Cultúrtha Luimnigh - Creat 2016-2030. Creideann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh go bhfuil ról ar leith ag Féilte/Imeachtaí a bhíonn dírithe ar na hEalaíona, Cultúr agus Oidhreacht maidir le pobail bhríomhara, chruthaitheacha agus inbhuanaithe a fhorbairt.

Tionóladh dhá chlinic eolais, i gCathair Luimnigh agus sa Chaisleán Nua agus bhí freastal maith orthu. Sholáthair an glaoch oscailte iomaíoch seo deis do mhaoiniú fhéilte, imeachtaí agus imeachtaí oidhreachta faoi thrí Ghné.

Ba iad na Gnéithe sin:

1. Féilte/Imeachtaí Beaga agus Pobalbhunaithe a Sholáthar agus a Chlársceidealú
2. Féilte/Imeachtaí Meánmhéide agus ar Scála Mór a Sholáthar agus a Chlársceidealú
3. Forbairt agus Inbhuanaitheacht Fhéilte

## LEITHDHÁILEADH GINEARÁLTA CATHRACH (GMA) GLAOCH OSCAILTE D'FÉILTE AGUS IMEACHTAÍ

I ndiaidh an ghlaoch oscailte don GMA thug Dúiche Chathrach, Scéim Fhéilte agus Imeachtaí na Comhairle, Oifig Ealaíon Luimnigh, painéal measúnaithe comhaontaithe le chéile de bhaill thofa agus saneolaithe i réimse na bhféilte agus na n-imeachtaí. Bhí an Comhairleoir Sean Lynch, Méara Dhúiche Chathrach Luimnigh, mar chathaoirleach ar an bpainéal.

Sparánacht Ghné 1: Déanadh 12 iarratas, ag éileamh €116,600 ar fad, agus d'éirigh le cúig cinn acu, le leithdháileadh deontais iomlán de €10,000.

Sparánacht Ghné 2: Déanadh 27 iarratas, ag éileamh €430,694 ar fad, agus d'éirigh le 17 acu, le leithdháileadh deontais iomlán de €100,000. Ceapadh ceithre iarratas a bheith neamh-incháilithe.





*Léiriú Cheathairéad Nua-aimseartha na hÉireann ag Leabharlann na Gráinsí*



*Mike Finn ag plé a dhráma nua Bread Not Profits ag Leabharlann na Gráinsí, 28ú Samhain, 2017*

## FÉILTE POBAIL – FORBAIRT AGUS SOLÁTHAR

### FÉILE PÁDRAIG AGUS CRAOBHCHOMÓRTAS IDIRNÁISIÚNTA NA MBANNAÍ

Sheol Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Kieran O'Hanlon, Féile Pádraig go hoifigiúil ag an Workbench ag mBanc na hÉireann ar an 28ú Feabhra, le spléachadh beag ar a mbeadh ann le hAmharclannaíocht Sráide Lumen, Banna Ceolchoirme Ionad Oird an tSlánaitheora agus an Ceann Feadhna Luke Culhane.

In ainneoin na drochaimsire d'éirigh le Luimneach iad seo a leanas a chur ar fáil: dhá pharáid; 60 ealaíontóir/taibheoir coimisiúnaithe; 95 oibrí deonach; 17 banna máirseála; 1,000 ceoltóir; agus lucht féachana de 55,000.

### RIVERFEST

Bhí Riverfest ar siúl ón 28ú Aibreán go dtí 1ú Bealtaine le lucht féachana de 90,000 duine, suas 20% ar an mbliain seo caite. Mar chuid de na céimeanna le líon na ndaoine a mhéadú déanadh meastóireacht ar an lucht féachana le linn na féile le faisnéis sstaitistiúil a bhailiú maidir le déimeagrafaic lucht féachana na féile a fuair Maoiniú ó Fháilte Éireann i mbliana.

Ar na céimeanna nua don fhéile áiríodh:

- Ziplíne Phoiblí Saor in Aisce curtha leis
- Athlonnú ar an BBQ
- Méadú ar an seó Tine Ealaíne le léirithe uisce agus léasair a áireamh
- Méadú ar bhrandáil an láithreáin do lucht urraíochta agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
- Méadú ar an gclár uisce le rogha níos leithne d'eagraíochtaí agus clubanna áitiúla bunaithe ar uisce a áireamh.
- Cuireadh iarratas maidir le Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil don Fhéile is Fearr chuig Comhlachas na hÉireann.

### OÍCHE CHULTÚIR

Eisíodh glaoch oscailte maidir le hImeachtaí Oíche Chultúir Luimnigh a chlárú d'eagraíochtaí cultúrtha, do phobail agus do dhaoine indibhidiúla le páirt a ghlacadh i gclár spreagúil na bliana seo ar fud na Cathrach agus an Chontae. Bhí gach imeacht ar an gclár dírithe ar chultúr a chur i láthair faoi ghnéithe oidhreachta, leanaí, an teaghlach, na healaíona, dearadh, amharclannaíocht, scannánaíocht, ceol agus rince. Dúirt duine de na mílte duine a d'fhreastal ar an Oíche Chultúir, Gráinne Burrows, trí Twitter, go raibh Oíche Chultúir iontach ag a páistí Donnacha agus Cliodhna i Luimneach agus go raibh siad ag tnúth leis an '100 oíche chultúir atá le teacht'! sula ndúirt sí go raibh sí 'níos fearr ná an (Late Late) Toy Show.' Ar na buaicphointí áiríodh an t-údar iomráiteach Darren Shan; sa chúlra ag stáisiún raidió Spin Southwest; Comhmhalartú Oidis Dhomhanda ar Rae Bedford; Ceolchoirm le Kate agus Deirdre Cussen ag an Red Door Gallery, An Caisleán Nua. Rinne an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta €15,000 a bhronnadh ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i dtreo Oíche Chultúir Luimnigh, an deontas is mó d'aon údaráis áitiúil amháin

**Comhaireamh ar an Lucht Féachana Iomlán: 21,600 sa lucht féachana**
**Imeachtaí Iomlána: 94 imeachtaí pleanáilte**
**Iomlán na nIonad: 78 ionad/láthair**

Is ionann seo agus méadú 12% ar an lucht féachana ón mbliain seo caite

### AN NOLLAIG I LUIMNEACH

1. Ba é an imeacht **Light Up Limerick** i mí na Samhna a chuir tús le sé seachtainí de cheiliúradh ar an Nollaig i Luimneach. Rinne soilse na Nollag a chur ar siúl níos mó ná 15,000 duien a mhealladh chuig Sráid Uí Conaill le tús oifigiúil a chur le tréimhse na Nollag.
2. **Pléisiúr Ceoil ar Shráid Thomáis** – bhí lár cheantar siopadóireachta bríomhar Luimnigh lán de spleodar na féile le healaíontóirí áitiúla Luimnigh, ar a n-áirítear ceoltóirí carúl, bannaí agus cóir, a chuir siamsaíocht ar fáil do shiopadóirí agus daoine ag dul thart ón stáitse aisteach carbháin.
3. **Aonach Ceardaíochta na Féile** – ag Rae Bedford bhí ceardlanna do leanaí agus teaghlaigh mar cheardlanna déanta fleasc Nollag, ceardlanna 'pull a print' ag Déantóirí Priontaí Luimnigh, earraí criadóireachta agus obair phaistí.
4. **Bosca Poist San Niocláis le tacaíocht ó Chomhlachas Luimnigh** – ar Rae Bedford, bhí na sióga gnóthach ag bailiú mhianta agus aislingí na leanaí agus mar ar cuireadh litreacha chuig San Nioclás go maith in am don Nollaig. Ar an tsráid bhí siamsaíocht oiriúnach do theaghlaigh ar a raibh carachtair na Nollag, dul ar thimpeallán spraoi, ceol féiltiúil, seastáin bhia agus both grianghraf le téama speisialta na Nollag.

## FORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH D'EARNÁIL AN CHULTÚIR AGUS NA NEALAÍON

Fógraíodh sraith deiseanna maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach chleachtóirí chruthaitheacha faoi cúig sparánacht éagsúil. Cuireann na sparánachtaí seo le hacmhainn fáis Chultúrtha Luimnigh trí thacú le hoiliúint sainearnála, uas-sciliú agus infheistíocht do dhaoine cruthaitheacha ag dtaideanna eágsúla dá ngairmréim.

1. Sparánacht do Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta Blas
2. Sparánacht do Scoil Samhraidh Meitheal
3. Sparánacht do Chór Óige na hÉireann
4. Sparánacht do Scoil Samhraidh Chomhlachas Drámaíochta na hÉireann
5. Sparánacht Réigiúnach Ionad Tyrone Guthrie



Fógraíodh glaoch oscailte do chleachtóirí cultúrtha aitheanta le cur isteach ar cheann d'árasáin chónaithe fhóirdheontais Luimnigh i gCearnóg Eoin. Cruthaíonn Árasaín Ealaíontóirí na coinníollacha do spásanna cónaithe inacmhainne d'ealaíontóirí indibhidiúla agus meallann siad agus coimeádann siad ealaíontóirí ina gcónaí agus ag obair i Luimneach.

Tugadh cuireadh do Marie Le Sourd, Comhairleach Cistithe agus Bainistíochta Cultúrtha an AE teach go Luimneach i gcomhar le hAcadam Domhanda na hÉireann ag Ollscoil Luimnigh mar chuid den tsraith léachtaí MA sna hEalaíona Féiltiúla.
Thug sí léargas dóibh sin a d'freastal ar dheiseanna maoinithe maidir le soghluaiseacht Ealaíontóirí. Um thráthnóna ag Teach an Chultúir bhí cúig sheisiún duine le duine aice le cleachtóirí cruthaitheacha agus Eagraíochtaí Cultúrtha Luimnigh ar ghairmeacha beatha san Eoraip/go hidirnáisiúnta, ar mhaoiniú a fháil agus ar líonrú.

Tháinig seacht n-eagraíocht litríochta Éireannach le chéile i gcomhar le Words Ireland le Clár Meantóireachta Náisiúnta a chruthú, le hobair ar luach saothair a sholáthar do mheantóirí gairmiúla agus le tacú le scríbhneoirí atá ag teacht chun cinn. Ba í Catriona Quirke meantóir litríochta Luimnigh ó ghlaoch oscailte agus ba é an scríbhneoir a bhí ag fáil meantóireachta ná Niall Williams.

Eisíodh Litreacha Tacaíochta d'ealaíontóirí indibhidiúla agus d'eagraíochtaí ealaíona le cur chuig glaochanna oscailte náisiúnta - 'Scéim Saotharspáis d'Amharc-Ealaíontóirí' na Comhairle Ealaíon agus 'Scéim Infheistíochta i bhFéilte' na Comhairle Ealaíon.

## CISTIÚ BRONNTA AR OIFIG EALAÍON LUIMNIGH

Bhí Oifig Ealaíon Luimnigh i gcomhpháirtíocht maidir le dhá iarratas chuig an gComhairle Ealaíon ar chistiú faoina scéim deontais "Cuireadh le Comhoibriú". Tacaíonn an scéim maoinithe seo le tionscnaimh i réimse forbartha na n-ealaíona faoi threoir údaráis áitiúil agus tá sí neadaithe sna polasaithe a leagadh síos i straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon (2016-2025), Saothar Ealaíne Iontach a Dhéanamh: Forbairt na nEalaíon in Éirinn a Threorú.

Ba é an chéad cheann ná tionscadal taighde mar a raibh comhpháirtíocht straitéiseach idir ceithre Údarás Áitiúil, Liatroim, Cill Dara, Fine Gall agus Luimneach le comhoibriú le measúnú a dhéanamh ar ról agus feidhm ár seirbhísí, le moltaí á ndéanamh le freastal ar riachtanais na hearnála. Chuir seo aidhm agus cuspóir a seacht de Straitéis Chultúrtha Luimnigh chun cinn – le bheith mar lárionad taighde gníomhach agus réitithe fadhbanna.

Bhain an dara iarratas le tionscadal idirdhisciplíneach ar scála mór le fócas láidir ar an óige le hilpháirtithe áitiúla, ar tugadh The Autonomy Project air agus é faoi threoir an ealaíontóra rince Lisa McLoughlin. The Autonomy Project. Sheol an Comhairleoir Frankie Daly The Autonomy Project i mí na Nollag.

Is comhthionscadal iontach é seo idir ilpháirtithe ar a n-áirítear Amharclannaíocht Óige Luimnigh, Dance Limerick, Acadamh Ceoil agus Rince Domhanda na hÉireann, Muisc Generation agus GOSHH. Is í aidhm an tionscadail seo rochtain ar, agus rannpháirtíocht leis na healaíona a chur chun cinn, agus iarrtar ar dhaoine óga – cén gaol atá idir an duine indibhidiúil agus an sochaí. Conas is féidir le healaíontóirí cabhrú le daoine óga a neamhspleáchas, a saoirse agus a bhféinchinntiúchán a scrúdú agus a fhorbairt.

Fuair Oifig Ealaíon Luimnigh €10,000 ó Fháilte Éireann ó Scéim na bhFéilte Réigiúnacha agus na nImeachtaí Rannpháirtíochta. Déanadh dhá leithdháileadh ar leith do Riverfest agus Craobhchomórtas Idirnáisiúnta na mBannaí Máirseála, le €5,000 ar a laghad á fháil ag an dá cheann.

## AN CHOMHAIRLE EALAÍON

Cuireadh an t-iarratas bliantúil chuig an gComhairle Ealaíon faoi Dheontas Comhpháirtíochta na Comhairle Ealaíon le hÚdarás Áitiúil ar an 15ú Meán Fómhair. Ba í aidhm Dheontas Comhpháirtíochta Údaráis Áitiúil tacú le clár leanúnach agus le gníomhachtaí straitéiseacha sheirbhísí ealaíona an údaráis áitiúil maidir leis na healaíona a fhorbairt go háitiúil.

Bhí tiomantas ag baint le socrú na Comhairle Ealaíon / CCMA, A Framework for Collaboration 2016-2025' - plean oibre TRÍ bliana (2016 – 2018) i 2017 ceadú d'Údaráis Áitiúla agus An Chomhairle Ealaíon dul i mbun Creat-Chomhaontú indibhidiúil a fhorbairt.
D'fhreagair Oifig Ealaíon Luimnigh don ghlaoch maidir le léiriú spéise a bheith áirithe sa chéad chéim de na creat-chomhaontuithe seo.

## CLÁR NA HOIFIGE EALAÍON

Áiríodh ar sholáthar leanúnach chláir na hOifige Ealaíon:

Bhí Séipéal na Naomh Uile i gCaisleán Uí Chonaill á úsáid arís don 12ú eagrán de **Shraith Ceolchoirmeacha an Fhómhair i gCaisleán Uí Chonaill**. Ba í aidhm na gceolchoirmeacha seo ná deis a thabhairt do mhuintir Luimnigh taitmeamh a bhaint as ceol clasaiceach beo, á sheinm ag ceoltóirí ardoilte Éireannacha agus idirnáisiúnta ag ionad iontach atá cairdiúil agus áitiúil ag an am gcéanna. Bhí an-áthas orainn fáilte a chur roimh Liz Nolan ó LyricFM RTÉ mar chomhoibrí ar an gclár agus mar láithreoir ar an tsraith.

Tá forbairt déanta ar chomhpháirtíocht straitéiseach le Féile Litríochta agus Ealaíona **Éigse Michael Hartnett** mar chuid dár gclár méadaithe acmhainne d'fhéilte agus d'imeachtaí. Dá bharr sin, táimid tar éis Meabhrán Tuisceana a ullmhú, i gcomhpháirtíocht, le tosaíocht a thabhairt do thuairisciú soiléir ar thorthaí agus d'athbhreithniú bliantúil. Tuarascáil Bhliantúil 2017 Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

Bhí Féile na hÉigse ar siúl i rith an Aibreáin sa Chaisleán Nua in ionaid éagsúla mar Leabharlann an Chaisleáin Nua, an Red Door Gallery, Oifig Ceantair Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus tithe tábhairne áitiúla.

Thaisteal **Amharclannaíocht Óige Chontae Luimnigh** chun na Fionlainne leis an Méara, an Comhairleoir Stephen Keary. Ba í aidhm an turais cumarsáid idirchultúrtha a chur chun cinn agus plé a dhéanamh ar dhea-chleachtas maidir le hAmharclannaíocht Óige. Tháinig an cuireadh do Luimneach trí Amharclannaíocht Óige Chontae Luimnigh ó Chomhairle Loimaa. Rinne Coimisiún na hEorpa cistiú ar an malartú agus é mar chuid de Erasmus+. Tá an tionscadal malartaithe amharclannaíochta 'Acting Out 100!' ann do dhaoine óga le féachaint ar cheisteanna a bhaineann le héirí amach na hÉireann i 1916 agus réabhlóid na Fionlainne i 1917. Ceadaíonn an tionscadal do dhaoine óga a dtuiscint ar a stair féin agus ar a gcumas féin a chomhroinnt, agus soláthraíonn sé spás sábháilte do dhaoine óga le bualadh le chéile, le forbairt agus le foghlaim agus bíonn sé gníomhach maidir le caipiteal sóisialta a thógáil i measc na ndaoine óga.

**Acadamh na hEorpa Faoin Aer – Scoil Taispeántais**
Tugadh beatha do stair agus oidhreacht cheantar an Ospidéil i gContae Luimnigh le tóstal iontach ar a raibh rince aerga, tarraingt lasrach, déanamh lóchrann agus ollghluaiseacht ar an Satharn 18ú Samhain 2017. Ba iad Walk the Plank ón RA agus Fidget Feet atá bunaithe i Luimneach a chruthaigh an imeacht eatarthu. D'eachtraigh cúigear leanbh is fiche agus ealaíontóirí áitiúla, in éineacht le cleachtóirí cruthaitheacha ón nGréig, ón gCipir,ón Liotuáin, ón mBulgáir, ón RA, ón Iodáil, ón Airgintín agus as Éirinn, an scéal trí léiriú de Glen Áine Alight. Ba thoradh a bhí sa léiriú seo ar 'scoil' hocht lá i Luimneach mar a raibh 25 ealaíontóir cruthaitheach rannpháirteach (18 áitiúil agus seachtar idirnáisiúnta) a roinn a gcuid eolais agus a d'fhoghlaim scileanna nua sna healaíona lasmuigh d'imeachtaí oíche. Thug coiste na féile ealaíona san Ospidéal leanaí agus daoine fásta le chéile le bheith páirteach san eispéireas seo trí lóchrainn a dhéanamh agus ceardlanna agus léiriú chnaguirlisí. Bhí club áitiúil CLG an Ospidéil / Bhaile Hiobaird mar bhunáit do gach gníomhaíocht le linn na seachtaine chomh maith leis an léiriú poiblí. Déanadh comhchistiú ar an tionscadal trí Eoraip Chruthaitheach agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

## CLÁR EALAÍONTÓRA I SCOILEANNA

| Scoileanna | Dátaí | Ceantar | Líon na Gceardlann | Líon na ndaltaí | Cleachtóirí Cruthaitheacha |
|---|---|---|---|---|---|
| Scoil Náisiúnta Chúil Cheapach | Eanáir/Feabhra 2017 | Áth Dara – Ráth Caola | 4 | 26 | **Teach Oscailte: Caelan Bristow agus Mary Conroy** |
| Scoil Náisiúnta Chill na Fíonaí | Eanáir/Feabhra 2017 | Áth Dara – Ráth Caola | 4 | 12 | **Teach Oscailte: Caelan Bristow agus Mary Conroy** |
| Scoil Náisiúnta Chill Díoma | Eanáir/Feabhra 2017 | Áth Dara – Ráth Caola | 4 | 30 | **Teach Oscailte: Caelan Bristow agus Mary Conroy** |
| Scoil Náisiúnta Chathair Fhlainn | Bealtaine 2017 | An Cheapach Mhór-Cill Mocheallóg | 4 | 30 | **HearSay: Diarmuid McIntyre agus Michael Umney** |
| CBS Dhún Bleisce | Bealtaine 2017 | An Cheapach Mhór-Cill Mocheallóg | 4 | 40 | **HearSay: Diarmuid McIntyre agus Michael Umney** |
| Scoil Náisiúnta Bhaile Mháirtín | Bealtaine 2017 | An Cheapach Mhór-Cill Mocheallóg | 4 | 30 | **HearSay: Diarmuid McIntyre agus Michael Umney** |
| **Iomlán: 6 scoil** | | | **Iomlán: 24 ceardlann** | **Iomlán: 168 dalta** | **Iomlán: 2 fhéile, 4 Cleachtóirí Cruthaitheacha** |



*Caption?????*

# STIÚRTHÓIREACHT OIBRÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE





# SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA POBAIL

Tá na Seirbhísí Tacaíochta Pobail ar cheann de na príomhghníomhaireachtaí seachadta seirbhíse na Comhairle a sholáthraítear do gach pobal ar a bhfuil Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag freastal. Tá freagracht ar an rannóg seo, atá bunaithe ag Cé na gCeannaithe, as formhór na seirbhísí tithíochta a sholáthraíonn an Chomhairle in éineacht le réimsí mar Reiligí agus Feasacht Chomhshaoil. Athbhreithniú é seo a leanas ar an obair a rinne na Seirbhísí Tacaíochta Pobail i 2017.

## SCÉIM FHÓIRDHEONTAIS MAIDIR LE TÁILLÍ BAILITHE BRUSCAIR

Lean Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh le scéim tharscaoilte a sholáthar i rith 2017.
Seo a leanas critéir cháilithe le bheith san áireamh sa scéim:

- Ní mór don iarratasóir a bheith in aois phinsin, .i. 66 bliana d'aois nó os a chionn.
- Ní mór don iarratasóir a bheith ag fáil Pinsin Ranníocach Stáit/Pinsean Neamh-Ranníocach/Pinsean Baintrí amháin.
- Ní mór don iarratasóir a bheith ina c(h)ónaí ina (h) aonar nó le céile/páirtí ar OAP incháilithe iad freisin.
- Ní mór Liúntas Míchumais a bheith á fháil ag an iarratasóir.

Déanadh seirbhís na scéime tarscaoilte a thairiscint do 3,071 teaghlach incháilithe ar bhonn ioncaim i 2017. Seo a leanas leibhéal na seirbhíse a soláthraíodh:

- 18 ardú Araid Bhruscair Iarmharach nó 180 kg ar fad cibé is túisce a bhaintear amach
- 18 ardú Araid Athchúrsála Tirim nó 180 kg ar fad cibé is túisce a bhaintear amach
- 18 ardú Araid Bhruscair Orgánach nó 180 kg ar fad cibé is túisce a bhaintear amach.

## DLÍ

| | |
|---|---|
| **Toiliú le Díolachán 2017** | |
| Líon na n-iarratas faighte | 79 |
| Líon na gceadanna eisithe | 64 |
| Líon na gceadanna ag feitheamh ar a t huilleadh eolais ó dhlíodóirí/ceannaitheoirí | 16 |
| **Gníomhais Urscaoilte** | |
| Líon na n-iarratas faighte | 156 |
| Líon na ngníomhas eisithe | 147 |
| Líon na ngníomhas ag feitheamh ar a thuilleadh eolais | 18 |
| **Blianachtaí Ceannaithe Tí 2017** | |
| Líon na n-iarratas faighte | 33 |
| Líon na n-iarratas eisithe | 25 |
| Líon ag feitheamh ar a thuilleadh eolais | 9 |

Tabhair faoi deara nach ionann líon na a dtoilithe eisithe mar aon le líon na dtoilithe atá ag feitheamh ar a thuilleadh eolais agus líon na n-iarratas a fuarthas i 2017 toisc go bhfuarthas iarratais ag deireadh 2016 nár eisíodh go dtí 2017. Baineann seo freisin le Tíolachais Chomhlíonta agus Blianachtaí Caennacháin Tí.

## IASACHTAÍ

| | |
|---|---|
| **Líon na n-iasachtaí eisithe i 2017** | **50** |
| Iasachtaí Blianachta | 37 |
| Iasachtaí Athstruchtúraithe Úinéireachta Roinnte | 13 |

Thug an Roinn Scéim Athstruchtúraithe d'Iasachtaí Úinéireachta Roinnte isteach i 2016 le deis a thabhairt do dhaoine comhdhlúthú a dhéanamh ar fhuilleach na hiasachta úinéireachta roinnte a bheadh fágtha in éineacht le fuíollach an chothromais chíosa (.i. an sciar den teach atá fós in úinéireacht na Comhairle) in aon iasacht bhlianachta amháin.

## SCÉIM CHEANNAIGH AG TIONÓNTAÍ (INCRIMINTEACH) 2016

Ón 1ú Eanáir 2016, bhí deis ag tionóntaí reatha Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh a dtithe a cheannach trí Scéim Cheannaigh Incriminteach a tugadh isteach faoi Chuid 3 d'Acht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014.Provisions Act 2014.

| | |
|---|---|
| **Líon na nIarratas faighte i 2017** | **73** |

## REILIGÍ

I 2017, tharla 557 adhlacadh i gCnocán San Labhrás, Cnocán Naomh Oilibhéar, Cill Mhuire agus Caisleán Mhungairit. Tharla 380 adhlacadh mar mheán i Reiligí an Chontae.

**Tharla Searmanas Bronnta Bliantúil na Reiligí ar an 22 Samhain 2017.**

Bronnadh 24 duais ar an oíche, mar sin féin bhí dhá bhuaiteoir foriomlán in dhá chatagóir ar leith mar a leanas:

1. Bronnadh an Catagóir Ársa ar Reilig Mhaigh Thamhnach Bheag agus
2. Bronnadh an Catagóir Nua-Aoiseach ar Reilig Pobail Mhóin na Gaoithe.





*Coiste Searmanas Bronnta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh*

## CLÁIR FHEABHSÚCHÁIN TÍ

Tá trí chineál deontais feabhsúcháin tí ann. I mbliana bhain 453 líon tí leas as iomlán de €2.28m, de réir an tábla seo a leanas:

| Ceantar | Méid2017 | Líon na nDeontas |
|---|---|---|
| Ráth Caola | €205,941.74 | 47 |
| An Caisleán Nua | €68,709.91 | 145 |
| Cill Mocheallóg | €261,149.67 | 42 |
| Cathrach | €1,128,077.00 | 219 |
| **Iomlán** | **€2,280,879.21** | **453** |

Seo a leanas sonraí ar na deontais:

**Deontas Oiriúnaithe Tí:** Cabhraíonn an Deontas seo le hoibreacha atá riachtanach chun críche tí a bheith níos oiriúnaí do chóiríocht dhuine a bheadh faoi mhíchumas. Ar na cineálacha oibre a cheadaítear áirítear rampaí rochtana, saoráidí leithreas thíos staighre, cathaoireacha staighre, cithfholcthaí inrochtana, oiriúnú le héascú a dhéanamh ar bhealach isteach do chathaoireacha rothaí agus síntí.

**Deonats d'Áiseanna Soghluaisteachta:** Tá an Deontas seo ar fáil le bunoibreacha a chlúdach le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna soghluaisteachta, agus is iad sin greimráillí, rampaí rochtana, cithfholcthaí inrochtana ar leibhéal agus cathaoireacha staighre.

**Deontas Tithíochta do Dhaoine Breacaosta** Tá an Deontas seo ar fáil le cabhrú le seandaoine atá ina gcónaí i ndroch-thithíocht go ndéanfaí deisiúcháin nó feabhsú a bheadh riachtanach, ar na cineálacha oibre a gcabhraítear leo áirítear athdhíonadóireacht, ath-shreangú, fuinneoga agus doirse nua a sholáthar agus teas lárnach a sholáthar (nuair nach ann dó).

## DEONTAIS DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS -

I mbliana fuair 81 teaghlach deontas do dhaoine faoi mhíchumas de €654,002.36 ar fad le tacú le maireachtáil neamhspleách do dhaoine faoi mhíchumas, féach an tábla thíos le do thoil:

| District | Amount 2017 | No. of Grants |
|---|---|---|
| Rathkeale | €87,277.20 | 5 |
| Newcastle West | €106,182.99 | 14 |
| Kilmallock | €333,098.67 | 44 |
| Metropolitan | €127,443.50 | 18 |
| **Total** | **€654,002.36** | **81** |

Tá na scéimeanna go léir thuas faoi réir chritéir cháilitheachta.

## ÍOCAÍOCHT CÚNAIMH TITHÍOCHTA (HAP) LUIMNIGH/ SCÉIM CÓIRÍOCHTA CÍOSA (RAS)

Tugadh Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) Luimnigh isteach le córas níos comhtháite a sholáthar do thacaíochtaí tithíochta leis an aidhm:

- go gceadófaí rochtain ar gach tacaíocht tithíochta sóisialta tríd an údarás áitiúil
- go gceadófaí don fhaighteoir fostaíocht lánaimseartha a ghlacadh agus a dtacaíocht tithíochta a choimeád.

Go mbíonn aon teaghlach a bhíonn incháilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta incháilithe do HAP. Déanfar daoine a fhaigheann Liúntas Cíosa a bhíonn incháilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta a aistriú chuig HAP ar bhonn céimnithe.

Tá réimse feidhmeanna ag HAP Luimneach, ar iad na príomhchinn:

- Tionóntachtaí HAP a bhunú agus a thosú i gCathair agus i gContae Luimnigh.
- Cíos difreálach a ríomh do gach tionóntacht HAP i gCathair agus i gContae Luimnigh
- Leasuithe ar thionóntachtaí reatha HAP Luimnigh

Ar an 31Nollaig, 2017 bhí 1,948 tionóntacht HAP i Luimneach. Is méadú de 422 tionóntacht ghníomhach é seo i gcaitheamh 2017.

## SCÉIM CÓIRÍOCHTA CÍOSA (RAS)

Faoin Scéim Cóiríochta Cíosa (RAS), socraíonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh cóiríocht do theaghlaigh incháilithe le tiarnaí talún príobháideacha agus comhlachtaí deonacha/faofa tithíochta.

D'fhonn cáiliú do RAS, ní mór do theaghlach Forlíonadh Cíosa a bheith á fháil acu ar feadh 18 mí ar a laghad. Íocann an Chomhairle cíos go míosúil leis an tiarna talún, agus íocann an tionónta RAS cíos difreálach leis an gComhairle in aghaidh na seachtaine.

Ar 31 Nollaig 2017 bhí 1,110 tionóntacht RAS ann, ar a n-áirítear 55 tionóntacht nua i rith na bliana féilire.

## AN TAONAD INIÚCHTA CÓIRÍOCHTA PRÍOBHÁIDEACH AR CÍOS

Tá freagracht ar Údaráis Thithíochta, trí chigireacht a dhéanamh, maidir le cinneadh a dhéanamh ar cibé an sásaíonn réadmhaoin na caighdeáin do chóiríocht ar cíos agus, nuair nach ndéanann, as a chinntiú go mbítear comhlíontach trí fhógraí feabhsaithe, toirmisc agus imeachtaí dlí a úsáid.

Tá soláthar déanta ar na bunchaighdeáin a bhfuil gá leo sna Rialacháin um Thithíocht (Caighdeáin do Thithe ar Cíos) 2017, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2017.

Faoin reachtaíocht reatha, tá sé riachtanach de réir dlí go soláthródh an tiarna talún réadmhaoin don tionónta a sholáthraíonn timpeallacht sábháilte agus sláintiúil, agus tá freagracht air maidir le cothabháil agus deisiú an áitribh agus an trealaimh a sholáthraítear ann, faoi réir gnáthchaitheamh agus cuimilt.



*Radharc ón aer ar an bhForbairt Tithíochta nua ag Sráid an Tiarna Éadbhard, mar a bhfuil 81 aonad leithdháilte sa bhforbairt seo.*



Ní mór don tionónta cúram ceart a ghlacadh agus an áit chónaithe agus an trealamh inti á úsáid, le tuairisciú pras á dhéanamh don tiarna talún maidir le deisiúcháin, agus é/í freagrach as damáiste (de thaisme nó d'aon ghnó) a dheisiú lasmuigh de ghnáthchaitheamh agus cuimilt.

| | |
|---|---|
| Líon Réadmhaoin ar déanadh Cigireacht orthu i 2017 | 926 |
| Líon Iomlán na gCigireachtaí i 2017 | 1,052 |
| Fógraí Feabhsúcháin Eisithe | 5 |
| Fógraí Toirmisc Eisithe | 1 |

## RANNÓG MEASÚNAITHE AGUS LEITHDHÁILTE TITHÍOCHTA

1. Líon na leithdháiltí i 2017 - **254**
2. Líon na dtairiscintí a déanadh - **385**
3. Líon na dtairiscintí ar glacadh leo agus a diúltaíodh – **254** agus **35** faoi seach.
4. Líon iomlán na gcásanna CRM a tugadh don Fhoireann Leithdháilte - **1023**
5. Líon iomlán na gcásanna CRM a tugadh don Fhoireann Mheasúnaithe - **636**
6. Líon iomlán na gcásanna CRM a dhún an dá fhoireann – Leithdháiltí **1008** & Measúnuithe **634** faoi seach.

## AONAD LEASA TITHÍOCHTA

Tá trí phríomhghné ag baint leis an Aonad Leasa Tithíochta:

- Measúnuithe & Leithdháiltí do Thaistealaithe
- Ceisteanna Leasa Tithíochta
- Iarratais ar Dheontas Tithíochta

Leanann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le Clár Cúig Bliana Cóiríochta do Thaistealaithe na Comhairle a chur i bhfeidhm trí aonaid nua a sholáthar do theaghlaigh agus bainistiú a dhéanamh ar an stoc cóiríochta sonrach atá ann do Thaistealaithe. Tá 11 scéim tithíochta á gcoimeád ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh go sonrach do Thaistealaithe. Déanadh athbhreithniú ar an gClár Cóiríochta do Thaistealaithe i mí na Nollag 2016 agus leanfaidh an Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht do Thaistealaithe le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an chláir.

I 2017, bhí 597 cás ar CRM; bhí 556 dúnta faoin 31 Nollaig 2017

Déanadh 42 DPG agus 15 iarratas Príobháideach ar Dheontas a thagairt don Aonad Leasa Tithíochta. Rinne an tAonad Leasa Tithíochta measúnú ar riachtanais na n-iarratas agus thug cúnamh dóibh faoi mar ba ghá é.

**Clinic do Thaistealaithe:** Bhí 28 Clinic ann ó Mhárta 2017 agus d'fhreastal 253 cliant ar na clinicí seo.
**Tithe Soghluaiste:** 20 Ceannaithe
**Leithdháileadh Tithíochta do Thaistealaithe:** 25
**Aistriú Tithíochta do Thaistealaithe:** 7
**Diúltú Tithíochta do Thaistealaithe:** 5



*Léiriú ar an gclár faisnéise a bhfuil iliomad duaiseanna buaite aige – Just Eat It: Scéal Maidir le Bia a Chur Amú le hAmharclann Mhílaoise Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh*

# FEASACHT CHOMHSHAOIL

## DRAMHAÍL A CHOSC

I 2017, tionóladh dhá imeacht, ar éirigh go maith leo, le feasacht a mhúscailt maidir le dramhbhia a chosc:

**1. Catherine Fulvio**
D'fhreastal os cionn 200 duine ar Thaispeántas Cócaireachta le Catherine Fulvio ar dhramhbhia a chosc. Cuireadh an imeacht seo ar siúl i gcomhar le Life 95fm agus LIT.

**2. Léiriú ar an gclár faisnéise a bhfuil iliomad duaiseanna buaite aige – Just Eat It: Scéal Maidir le Dramhbhia le Millennium Theatre LIT.**

## DÚSHLÁN GLAD RAGS

Dúshlán a Thabhairt do Thuiscintí: Tionóladh imeacht iomráiteach "Glad Rags Challenge" ar éirigh thar barr leis i gcomhar le Live 95fm Luimnigh le cúnamh ó Celia Holmen Lee agus Richard Lynch ó I Love Limerick.
Bhí an Dúshlán Glad Rags ar siúl mar Imeacht le Dramhaíl a Chosc ag teacht leis an mBeartas Dramhaíola Náisiúnta agus Plean Bainistíthe Dramhaíola an Réigiúin Theas.

## MÓRCHRAOBH GOING FOR GOLD LUIMNIGH

Tionóladh Mórchraobh Going for Gold Luimnigh ar 10 Deireadh Fómhair 2017 le duaischiste iomlán de €76,000. Bronnadh an príomhdhuais de €10,000 i gCatagóir an Dúshláin ar Bhailte Slachtmhara Áth Dara, le Bailte Slachtmhara Mhainistir na Féile sa 2ú áit le duais €7,000 agus bhí Bailte Slachtmhara Úlla sa 3ú háit le duais €5,000. Chuimsigh an comórtas grúpaí ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh le Duaiseanna Luimnigh faoi Bhláth á n-áireamh faoi bhratach Going for Gold Luimnigh.

Bhuaigh Bailte Slachtmhara Chill Tíle mórghradam Luimneach faoi Bhláth agus duais €5,000. Ar na buaiteoirí eile a bhí ann an oíche sin bhí Bailte Slachtmhara Chill Churnáin ar bronnadh €2,000 orthu i gCatagóir Dreasachta na mBailte Slachtmhara, Cathair Dháibhín a bhuaidh Catagóir na gCeantar/Eastát Cónaithe agus a fuair duais €2,000 agus le ceiliúradh a dhéanamh ar an Mhí Náisiúnta Athúsáide. Bhuaigh Coiste Comhshaoil Ollscoil Luimnigh agus Pobal Mhuire Lourdes duais dá dtionscadal athúsáide.

# SCOILEANNA GLASA

## SEIMINEÁR BLIANTÚIL NA SCOILEANNA GLASA

Bhí breis agus 70 Múinteoir ó scoileanna ar fud Luimnigh rannpháirteach i Seimineár Bliantúil na Scoileanna Glasa ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh inniu sa Maldron Hotel. Cuireadh réimse ceardlanna ar fáil do mhúinteoirí ar sé Théama Comhshaoil, Bruscar agus Dramhaíl, Fuinneamh, Uisce, Bithéagsúlacht, Saoránacht Dhomhanda agus Bruscar Mhuirí.

- 40 cuairt ar scoileanna críochnaithe
- 33 measúnú Bratach Uaine (in éineacht le 9 ar théamaí taistil ag An Taisce)
- 42 Scoil i Luimneach ar bronnadh Bratach Uaine orthu i 2017

## BAILTE SLACHTMHARA NÁISIÚNTA

Bhí 54 Grúpa rannpháirteach i g Comórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara i 2017. Bronnadh Bonn Airgid ar Áth Dara in éineacht le duais Chontae Luimnigh i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara 2016. Bronnadh Bonn Cré-umha ar Chathair Luimnigh, An Gallbhaile, Ard Pádraig, Cill Mocheallóg agus An Caisleán Nua i gComórtas na bliana seo, le hÁth Dara ag fáil Gradam an Chontae agus ardmholadh á fháil ag Ard Pádraig agus moladh á fháil ag An Gallbhaile.
Fuair Bailte Slachtmhara Chill Churnáin Duais d'Iarracht Speisialta.

Bhí Seimineár Bliantúil Bhailte Slachtmhara na Comhairle ar siúl i mí Feabhra. Tá rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn i bhfeabhsú na timpeallachta áitiúil mar phríomhchuspóir ag an gComhairle. Deántar feabhas ar rannpháirtíocht an phobail i gcothabháil a gceantar a sholáthar trí thuiscint don mhaith choiteann agus tionscnamh an ngrúpaí pobail, coistí na mbailte slachtmahra, cumainn áitritheoirí agus gnólachtaí áitiúla. Tagann spiorad seo an phobail i réimsí mar an Feachtas TLC, Glantachán Náisiúnta Earraigh agus Deontas & Comórtas Feabhsúcháin Chomhshaoil Going for Gold Luimnigh.

## MOLTÓIREACHT CHOMÓRTAIS NA MBAILTE/ SRÁIDBHAILTE SLACHTMHARA

2017 - 145 Grúpa ar tacaíodh leo agus ar déanadh moltóireacht orthu

- Tacú le Duaiseanna Bhailte Slachtmhara Bhealach Eabhra
- Comórtas agus Moltóireacht Going for Gold
- Moltóireacht ag Oifigeach Feasachta Comhshaoil ar Eastáit na Ceapaí Móire
- Tionscnaimh LA21 (cúig)

Tacaíocht, comhairle agus cúnamh ginearálta a thairiscint do ghrúpaí RAS & TT.

## FEASACHT AR SHALÚ AG MADRAÍ

Chuaigh an t-údarás áitiúil i gcomhar Street Boy Live 95fm Luimnigh, a chuaigh amach ar na sráideanna sa Chaisleán Nua, Eas Géitine, Cathair Luimnigh, Cill Mocheallóg, Cathair Chinn Lis, Áth Dara agus An Brú.






*Glantachán 3 ag Foireann Luimnigh i mBaile Uí Bhricín*

Ba í an teachtaireacht ná:

- Glan suas i ndiaidh do mhadra i gcónaí
- Cuir ina luí ar do ghaolta, do chomharsana agus do chairde an rud céanna a dhéanamh
- Tóg roinnt málaí leat ar shiúilóid, ar eagla na heagla
- Úsáid aon mhála agus aon bhosca bruscair poiblí, do bhosca bruscair féin nó cuir sa leithreas é

Fógra Pictiúrlainne in Aghaidh Salú ag Madraí i mí na Nollag 2017

## SEASTÁN FEASACHTA COMHSHAOIL AG SEÓ NA CEAPAÍ MÓIRE

Caitheann an gnáth-theaghlach timpeall €700 amach in aghaidh na bliana. Cuireadh cosc ar dhramhbhia chun cinn i measc na gcuairteoirí ar Seó na Ceapaí Móire.

## TLC3 TORTHAÍ AR SHAINTRÉITHRIÚ DRAMHAÍOLA FÓGARTHA

Déanadh bailiú bruscair le linn fheachtais TLC 2017 a shaintréithriú den chéad uair.

- Tá an Staidéar ag teacht leis an Staidéar Náisiúnta um Shaintréithriú Dramhaíola.
- Is é an cuspóir atá leis seo ná eolas a bhailiú ó ghlanadh suas le cabhrú le polasaí áitiúil agus náisiúnta a chur ar an eolas.

.

## LÉARGAS AR NA TORTHAÍ

- Ba 10% chumdaigh bhoga plaisteach (pacaístiú) an t-ábhar ba choitianta
- 9% éadaí
- 8% plaisteach PET
- 7% canna Alúmanaim
- 5% pacáistiú páipéir/cairtchláir
- < 2% cupáin pháipéir aonúsáide ar a n-áirítear cupáin chaife
- 0.6% Toitíní agus ábhair a bhaineann leo

## STAITISTICÍ FÍORSPÉISIÚLA

Bhailigh Oibrithe Deonacha TLC3 iad seo a leanas ar Aoine an Chéasta 2017

- 46,526 Buidéal Gloine
- 123,636 Cupán páipéir
- 319,463 canna Alúmanaim
- 549,495 buidéal PET

## GLANTACHÁN FHOIREANN LUIMNIGH

- Bhí os cionn 16,500 oibrí deonach rannpháirteach i TLC3 ar Aoine an Chéasta.
- Déanadh soláthar TLC3 a leithdháileadh thar thrí lá leithdháilte TLC sa chéad sheachtain san Aibreán. Láithreacha – An Caisleán Nua, Cill Mocheallóg, Ráth Caola agus Cathair Luimnigh.
- Os cionn 244 ball bailithe bruscair ar fud na Cathrach agus an Chontae.
- 68 tonna bruscair bailithe, (timpeall 2,600 araid rothaí teaghlaigh). Fuarthas aiseolas ó roinnt grúpaí á rá go raibh níos lú bruscair ar bhealaí a clúdaíodh i 2014/2015.
- Naoi leoraí agus criú Mr. Binman.
- Níor tuairscíodh aon teagmhas Sláinte agus Sábháilteachta le linn imeachtaí Aoine an Chéasta.



*Dúshlán Glad Rags*




*Áth Dara ag glacadh lena ngradam mar bhuaiteoirí ar chomórtas Going for Gold Luimnigh 2017.*

## SEACHTAIN NA FOGHLAMA AR FEADH AN TSAOIL

- Éascaithe ag Seastán Comhshaoil Chomhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann ag Sárthaispeántas Foghlama ar Feadh an tSaoil na Féile i gColáiste Mhuire gan Smál.
- TLC curtha ar ghearrliosta do Ghradam LAMA agus táthar ag leanúint le hullmhúcháin do TLC.
- 15 Measúnú/Cuairt maidir le Scoileanna Glasa.
- Caint ar bhainistíocht agus ar mhúinínú dramhaíola do ghrúpa GIY i gCathair Chinn Lis
- Rannpháirtíocht i Líonra Iomlánach um Chosc Náisiúnt - Údaráis Áitiúil
- Fógraíodh Iarratas ar Dheontais Fheabhsúcháin Chomhshaoil agus Comórtas Going for Gold Luimnigh.

## TRÁDÁIL CHÓIR

Rinne Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Kieran O'Hanlon, Coicís na Cóirthrádála a sheoladh go háitiúil. Bhí an oibrí trádála cóir, Heydi Janeth Espino Mairena ón Soppexcca Coffee Co-operative, Nicaragua i measc na n-aíonna speisialta a d'fhreastal ar an seoladh. Thug Heydi cuntas óna taithí féin ar an mbrí atá le Trádáil Chóir dá pobal. D'éirigh go maith le Seimineár ar Bhailte Slachtmhara bliantúil Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a bhí ar siúl sa Woodlands Hotel, Áth Dara, Co. Luimnigh. Bhí léirithe/cainteanna ann do 120 rannpháirtí ar Bhailte Slachtmhara Lios Tuathail, Aip Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh maidir le Speicis Phlandaí Ionracha agus Smaointe maidir leis an gCatagóir Bainistíochta Dramhaíola agus Éifeachtúlachta Acmhainne agus plé oscailte le Moltóir na mBailte Slachtmhara, Lorraine Power, mar chathaoirleach.

## ESTATE MANAGEMENT UNIT

Tá trí phríomhchuid ag baint leis an Aonad Bainistíochta Eastáit:

1. Tacaíocht Eastáit
2. Tacaíocht don Tionónta Indibhidiúil
3. Forfheidhmiú Tionóntachta/Iompraíocht Fhrithshóisialta

## TACAÍOCHTAÍ EASTÁIT

- Is í príomhaidhm an chláir seo tacaíochtaí asholáthr d'fhonn feabhas a chur ar cháilíocht na beatha agus spiorad an phobail a fhorbairt in eastáit na Comhairle. Chuige sin, oibríonn an tAonad go dlúth le cumainn na n-áitritheoirí atá ann agus spreagann sé grúpaí nua a bhunú, ag tacú le forfheidhmiú na bpríomhghníomhachtaí a d'aithin siad le feabhas a chur ar a n-eastát. Bunaíodh dhá choiste nua i 2017, ceann acu sa Chaisleán nua le hionadaíocht a thabhairt d'áitritheoirí i gCorrán an tSeiceamair/ Corrán na Darach/Corrán na Fuinseoige agus Cúirt an Chaorthainn agus an ceann eile i gCathair Luimnigh le hionadaíocht a thabhairt d'áitritheoirí i bPáirc an tSáirséalaigh, Ros Uí Bhriain.
  Bhain an tacaíocht a soláthraíodh le cúnamh maidir le mionoibreacha bonneagair a sholáthar, mar fhálú, ballaí, comharthaíocht etc. go dtí céimeanna níos boige nar oiliúint ar scileanna choiste, cur le laethanta glanta, le himeachtaí do leanaí etc.
- Tionóladh dhá chruinniú d'Fhóram Ionadaithe na nÁitritheoirí Eastáit i rith na bliana a raibh an-rath orthu. Is í príomhaidhm an Fhóraim ardán a sholáthar mar ar féidir le hionadaithe ó gach cumann áitritheoirí bualadh le chéile agus le hoifigigh na Comhairle d'fhonn eolas agus taithí a chomhroinnt i spiorad comhpháirtíochta. Tugtar cuireadh d'aoichainteoirí le saineolas i réimsí éagsúla caint a thabhairt.
- Soláthraíodh tacaíocht maidir le bainistíocht eastáit sna heastáit mhóra uirbeacha, go háirithe trí an Oifig Athghiniúna agus/nó tró chomhlachtaí faofa le cúnamh deontais ón gComhairle. Bhí an t-aonad seo i ndlúthchaidreamh le Cumann Áitritheoirí an Chorráin sa Chaisleán Nua agus níos lú ná sin le háitritheoirí Chúirt Thuamhan, Sparr Thuamhan.

## TACAÍOCHT DON TIONÓNTA INDIBHIDIÚIL

- Soláthraíonn an tAonad seirbhís, le tacaíocht an Oifigigh Leasa Tithíochta, de dhian-tacaíocht do thionóntaí a aithneofaí a bheith leochaileach nó gá acu le cabhair dá leithéid ar aon chúis eile. Ina theannta sin, déantar monatóireacht ar thionóntachtaí indibhidiúla a mbeadh aire ar leith ag teastáil uathu le cosc a chur ar fhadhbanna a thiocfadh chun cinn.
- Soláthraítear oiliúint Réamh-Thionóntachta do gach tionónta nuacheaptha. I measc nithe eile, déantar téarmaí an Chomhaontaithe Ligin a bhíonn sínithe a mhíniú i dtreo is go dtuigter dualgais na dtionóntaí agus, go deimhin, na Comhairle, go soiléir. Ba é líon na gcruinnithe oiliúna dá leithéid i 2017 ná 211.

## FORFHEIDHMIÚ TIONÓNTACHTA -IOMPRAÍOCHT FHRITHSHÓISIALTA

- Déanann an tAonad déileáil le breis agus 400 gearán gach bliain, le timpeall leath acu seo bainteach le hiompraíocht fhrithshóisialta. Is é polasaí na Comhairle na ceisteanna seo a fhreagairt go tapaidh agus go láidir agus oibríonn sí go dlúth leis An Garda Síochána nuair is gá é.
- Fuair an t-aonad ceithre ordú eisiaimh nua in aghaidh dhaoine indibhidiúla sa Chúirt Dúiche i 2017, a raibh sé mar thoradh orthu go raibh cosc de réir dlí ar na daoine seo ar bheith in áiteanna a bhí ainmnithe. Thug sin líon iomlán na nOrduithe dá leithéid a bhí i bhfeidhm ag deireadh bliana go dtí 9. Féachtar ar Ordú dá leithéid a shárú mar chion coiriúil, inphionóis le fíneáil agus/nó príosúnacht.
  Bhí na Gardaí an-réamhghníomhach á gcur seo i bhfeidm agus fuair roinnt cionntóirí téarma príosúnachta de bharr iad a shárú. Tá Comhairle Cathrach agus Conate Luimnigh ar cheann de na húsaráis áitiúla is réamhghníomhaí sa tír maidir leis an uirlis chumhachtach reachtúil seo a úsáid.
- Tugadh forálacha nua dlí isteach le déileáil le sáruithe tionóntachta in Aibreán 2015 nuair a déanadh ailt ábhartha an Acht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) a achtú. Arís, bhí an Chomhairle an-réamhghníomhach maidir leis na cumhachtaí dlí seo a úsáid le déileáil le ceisteanna éagsúla.
- Déanann an tAonad seiceáil an Gharda Síochána ar thionóntaí nua ionchasacha, agus déanadh 1286 athbhreithniú foirmeálta i rith na bliana.

## SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE GAN DÍDEAN

Soláthraíonn Meitheal Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean, faoi threoir Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, cur chuige ildisciplíneach maidir le riachtanais dhaoine nó theaghlaigh gan dídean i Luimneach a réiteach.


Déantar an tseirbhís a sholáthar i gcomhar leis an Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus Comhlachtaí Deonacha Tithíochta.

Ar theacht i láthair an Meitheal Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean, déantar measúnú iomlán ar an duine nó an teaghlach atá gan dídean ag údáid Measúnú Riachtanas Iomlánaíoch lena chinntiú go ndéantar freastal ar a riachtanais uile i dtéarmaí eacnamaíochta, sláinte agus cóiríochta.

Rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh dul chun cinn suntasach maidir le haghaidh a thabhairt ar easpa dídine i 2017, ag laghdú dá réir ar an úsáid a bhaintear as cóiríocht éigeandála in óstáin agus Leaba agus Bricfeasta do theaghlaigh gan dídean. D'oscail Tionscnamh Teaghlaigh Bhóthar Childers i mí na Nollag, á oibriú thar ceann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag ár gcomhpháirtithe Focus Ireland. Is féidir leis an tionscnamh seo cóiríocht a sholáthar in aonaid ghlanscartha do suas le 30 teaghlach. Is féidir cóiríocht a sholáthar do cheithre theaghlach eile i mol teaghlaigh ag Phoenix Lodge, a críochnaíodh i mí na Nollag 2017 freisin. Leis na teaghlaigh seo á gcur san áireamh le Mol Teaghlaigh Twin Oaks, atá á fheidhmiú thar ceann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag Simon an Iarthair Láir, is é 44 líon na n-aonad mol teaghlaigh atá ar fáil do theaghlaigh i Luimneach. Ina theannta sin, chuir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh líon suntasach tithíochta sóisialta ar fáil i 2017, a cheadaigh teaghlaigh a bhaint den liosta easpa dídine agus iad a bheith i dtionóntacht tithíochta sóisialta, fadtéarmach agus inbhuanaithe.

Tá tacaíocht á fháil ag roinnt tionóntacht ónár gcomhpháirtithe Sophia Housing agus Peter McVerry Trust. Tharla seo in éineacht le hobair shuntasach le teaghlaigh agus daoine indibhidiúla gan dídean a roinnt roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha, mar Novas, DePaul, Respod, Associated Charities Trust agus Extern, i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle.

# SEIRBHÍSÍ OIBRÍOCHTAÍ AGUS COTHABHÁLA




**Mórcheantar Uirbeach Luimnigh.** *CISTIÚ DROCHAIMSIRE & FEABHSAITHE ATHCHÓIRITHE – SRÁIDBHAILE NA CEAPAÍ MÓIRE 2016/2017. Léiríonn an líníocht méid na n-oibreacha feabhsúcháin i sráidbhaile na Ceapaí Móire. Méid na n-oibreacha ar an tSráid Mhór Íochtarach agus ar Shráid Uí Mhóra chuig an Liachtlann.*



*Oibreacha críochnaithe ag Sráid an Droichid, An Cheapach Mhór.*




*Oibreacha Bóthair ar siúl ag Sráid Uí Mhaoltuile, Garraí Eoin, Luimneach. Oibreacha a rinne Roadstone. Plánáil a dhéanamh ar an gcosán iomlán coincréite atá ann. Dromchla Asfailt a chur ina ionad.*



*Oibreacha Bóthair ar siúl ag Áth an Choite, Luimneach. Oibreacha ar siúl ar an R445 ag Áth an Choite. Chosain an scéim €600,000. Rinne Roadstone Ltd na hoibreacha istoíche i mí na Samhna agus mí na Nollag 2017. Bhí dea-thionchar ag an scéim ar thrácht isteach agus amach as Cathair Luimnigh le linn an bhuaic-ama le laghdú ar fhad na scuainí.*







*Léiríonn na grianghrafanna an cosán a tógadh idir an Ionad Pobail sa Cheapach Mhór agus tailte CLG na Ceapaí Móire, 500m. Ba timpeall €100,000 costas na scéime seo agus déanadh í a chistiú tríd an Leithdháileadh Ginearálta Cathrach 2017 - €10,000, Bailte Beaga & Sráidbhailte 2016 - €30,000 agus scéim Chláir 2016 - €30,000, Deontais Fheabhsúcháin Athchóirithe - €20,000 agus acmhainní Féin - €15,000. Bhí tógáil talún i gceist sa tionscadal seo ó dhá úinéir talún, athrú ar ghréasán an BSL, soilsiú poiblí a sholáthar, cosán 500m a thógáil, draenáil uisce dromchla agus cóiriú dromchla chosán an bhóthair. Críochnaíodh an scéim i mí Iúil 2017.*

## CEANTAR BARDASACH NA CEAPAÍ MÓIRE 2017

### STIÚRTHÓIREACHT OIBRÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE -BÓITHRE

Déanadh maoiniú ar chaiteachas ar oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin bóithre i 2017 trí dheontais Rialtais agus acmhainní na Comhairle féin.

Ar na cláir chaiteachais ar bhóithre i rith 2017 bhí:

- 20 tionscadal cóirithe dromchla bóthair ar chostas €520,799
- Oibreacha atógála bóthair, 20 tionscadal ar luach €2,023,051
- Feabhsúchán Áitiúil, 4 thionscadal ar luach €98,941
- Oibreacha feabhsúcháin sábháilteachta ar chostas íseal, 3 thionscadal ar chostas €102,000
- 1.5km. de thógáil/deisiú cosán ar chostas €97,610
- Comharthaíocht, Marcanna agus Líneáil bhóthair ar chostas €11,191
- Deisiú droichead ag Baile an Phrútaigh agus Droichead Chúil Fhraoigh ar chostas €55,000
- Cothabháil Gheimhridh

### STIÚRTHÓIREACHT OIBRÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE – COTHABHÁIL TITHE

Rinne an criú tithíochta i gCeantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg cothabháil ar 722 teach sóisialta ar chostas €350,000.

Deisíodh sé theach is fiche agus ullmhaíodh iad le hathligean agus iad athligthe d'iarratasóirí ar thithíocht shóisialta i rith 2017.

Rinne Cothabháil Tithíochta déileáil le 988 iarratas ar sheirbhís.

### STIÚRTHÓIREACHT OIBRÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE – COTHABHÁIL REILIGÍ

Ba é an buiséad cothabhála reilige do Cheantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill mocheallóg ná €32,400 do 2017. Reilig Bhaile an Ghadaí – 699 áit uaighe á soláthar sa reilig nua, ar tharla an chéad adhlacadh ann i 2017.

### STIÚRTHÓIREACHT OIBRÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE – SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA POBAIL

I rith 2017, faomhadh 69 deontas tí phríobháideach ar luach €375,113 agus íocadh sin le hiarratasóirí incháilithe faoi na scéimeanna Oiriúnú Tithe, Scéimeanna Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta agus Cúnamh Tithíochta do Sheandaoine.
I 2017 freisin críochnaíodh 18 Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas do Thithe na Comhairle i gCeantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg le caiteachas iomlán de €127,443.50.

### BAILTE MÚRTHA CHILL MOCHEALLÓG

I mí na Samhna 2017, tosaíodh obair ar shiúlbhealach an Bhalla Thiar. Déanadh cistiú ar an dtionscadal seo trí Thionscnamh Chrios Forbartha Geilleagraí Ráth Luirc/ Chill Mocheallóg 2016, tríd an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

Nuair a bheidh sé críochnaithe, soláthróidh sé cosán 535m ar fhad lasmuigh de cheann de na ballaí meánaoiseacha bhaile is fearr sa tír, ag trasnú páirce 3.5 acra.

I 2017, deisíodh 50m de bhalla an bhaile, trí Líonra Bhailte Múrtha na Comhairle Oidhreachta, ó Blossom Gate go dtí an bealach isteach ag cúl SuperValu i gCill Mocheallóg.
D'éirigh freisin le hiarratas Chill Mocheallóg faoi scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2017 agus tacóidh seo le cúig thionscadal pobail, a bheidh críochnaithe i 2018.

### STIÚRTHÓIREACHT SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA – SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Bhí 13 cruinniú ag Ceantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg, in éineacht le ceithre cheardlann, i rith 2017. Ghlac said le toscairí ó Chomhairlí Pobail Bhrú Rí agus an Ospidéil, agus Amharclannaíocht Óige Chontae Luimnigh i rith na bliana.



*Ciste drochaimsire – cainéal coincréite ar an L1516 Baile an Tobair*



Cuireadh Fáiltiú Cathartha Cheantar Bardasach ar siúl ar dhá ócáid:

- Ar 20ú Bealtaine 2017, thug Baill Thofa Cheantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg onóir do Scoil Naomh Eoin Baiste, An tOspidéal, de bharr an rath a bhí ar cúig fhoireann scoile a fuair an bua i gcomórtais uile-Éireann.
- Ar an 12ú Nollaig 2017, bhí Fáiltiú Cathartha ag Baill Thofa Cheantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg dóibh seo a leanas mar aitheantas ar a raibh bainte amach acu i gcúrsaí spóirt i rith 2017:

- Foireann Iomána CLG na Féile F14 An tOspidéal-Baile Hiobaird;
- Foireann Spikeball Chluichí Pobail F14 An Brú-An Ghráinsigh-Méanas;
- Liam Donovan, Galf dhá Mhaide;
- Claire agus Maria Cronin, Cicdhornálaíocht;
- Foireann Peile CLG na Féile F14 na Ceapaí Móire;
- Joe Hargrow, foireann Cispheile Chathaoir Rothaí na hÉireann.



*Foireann Spikeball Chluichí Pobail F14 An Brú-An Ghráinsigh-Méanas;*




*Ocáid Bhronnta ar Claire & Maria Cronin, Cicdhornálaíocht*





*Ciste drochaimsire – cainéal coincréite ar an L1516 Baile an Tobair*



## LEAN MAOIR SCOILE SÓISEARACH SCOIL NÁISIÚNTA IÓSAF

Ráth Caola agus Bunscoileanna Bhaile an Londraigh le háiseanna sábháilte tarsnaithe a sholáthar dá gcomhscoláirí i rith 2017. Baineann an rath atá ar an scéim atá ag feidhmiú sa Chontae ó 1975 le tiomantas agus díograis na ndaltaí, na dutuismitheoirí, na múinteoirí agus na nGardaí.

## TIONSCADAL TARRTHÁLAÍ

Leanadh le tionscnamh an Tionscadail Tarrthálaí, faoi threoir An Garda Síochána agus le tacaíocht ó Sheirbhís Otharchairr Luimnigh, an FSS, Seirbhísí Dóiteáin Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Rannóga Sábháilteachta ar Bhóithre Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i rith 2017 le dhá chur i láthair ag an Southcourt Hotel, An Ráithín.

Leanann an clár seo le líon mór mac léinn ó institiúidí dara agus tríú leibhéil sa Chathair agus sa Chontae a mhealladh agus tá sé comhtháite mar chuid de chlár na hidirbhliana. Bhí rannpháirtíocht sa chlár seasmhach i rith 2017 le figiúirí freastail timpeall 1400. Is cuntas an-díreach atá sa Tionscadal Tarrthálaí ar fhírinne Shábháilteacht ar Bhóithre in Éirinn inniu le mic léinn a bhí rannpháirteach sa chlár ag fáil eolais agus chomhairle choscrach maidir le baol agus torthaí thimpistí bóthar.

## OILIÚINT SÁBHÁILTEACHTA ROTHAÍOCHTA

Cuireadh an clár nua Cycle Right i bhfeidhm i mí Eanáir 2017. Is clár nua oiliúna náisiúnta sábhaílteachta ar bhóithre do rothaithe é Cycle Right a ceapadh le heolas agus scileanna a thabhairt do rothaithe maidir le gluaiseacht ar bhóithre go sábháilte. Déantar an cúrsa a sholáthar i dtrí chéim mar chuid den churaclam scoile leis na rannpháirtithe ag fáil scileanna agus eolais ar bhonn céimnithe mar a ndéantar an duine indibhidiúil a ullmhú le rothaíocht i gcúinsí a éiríonn níos casta ar na bóithre. Bhí deich mBunscoil rannpháirteach sa chlár seo i rith 2017 agus fuair 252 dalta oiliúint.
This programme is subvented by Limerick City and County Council.

## SCÉIM ATHSHLÁNAITHE DROICHEAD 2017

Rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh obair dheisiúcháin agus athsholáthar iomlán ar sé dhroichead i gContae Luimnigh i 2017.

Déanadh athsholáthar iomlán ar dhroichead amháin, agus deisiúcháin ar struchtúr cúig dhroichead eile. Áiríodh ar na hoibreacha glanadh, athphointeáil, séalú (meascán de stiall cuimilte coincréite agus cóiriú dromchla).

Tá an cheardaíocht a thóg na droichid seo os cionn céad bliain ó shin le feiceáil arís anois agus tá curtha le saolré na srtuchtúr.

Deisíodh na struchtúir seo a leanas:

- Bóthar na Claise, Áth an tSléibhe
- An Tuar, Cill Mocheallóg
- Cill an Choillín, An Caisleán Nua
- Cúil Fhraoigh, Cill Mocheallóg
- Gleann Oisín, Cill Mocheallóg

Droichead iomlán a chur ar ais:

- Cúirt an Bhrúnaigh, Eas Géitine

Rinne Punch Consulting Engineers na Deisiúcháin/Athsholáthair a dhearadh agus rinne Cumnor Construction Ltd., na hoibreacha tógála. Rinne P and D Lydon athsholáthar ar an droichead.

Déanadh na hoibreacha i gcomhar le gach Údaras Reachtúil ábhartha agus rinne foireann na Comhairle agus Punch Consulting Engineers maoirseacht orthu. Tá samplaí den obair a déanadh le feiceáil sna grianghrafanna thíos.



*Maoir Scoile Sóisearacha Scoil Náisiúnta Bhaile an Londraigh 2017*



*Tionscadal Tharrthálaí ag an South Court Hotel, An Ráithín, mí na Samhna 2017*





*Cúil Fhraoigh (roimh ré agus ina dhiaidh)*

## CEANTAR BARDASACH ÁTH DARA/RÁTH CAOLA 2017

### STIÚRTHÓIREACHT OIBRÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE (THIAR) OIBRÍOCHTAÍ AGUS COTHABHÁIL - BÓITHRE

Déanadh maoiniú ar chaiteachas ar oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin bóithre i 2017 trí dheontais Rialtais agus acmhainní na Comhairle féin.

Ar na cláir chaiteachais ar bhóithre i rith 2017 bhí:

- Cóiriú dromchla bóthair ar 14kms de bhóthar ar chostas €348,927
- Oibreacha Atógála Bóthair ar 11.25kms de bhóthar ar luach €1.2 milliún.
- Oibreacha athshlánaithe droichead ar luach €90,000 ag Cúirt an Bhrúnaigh, Ráth Caola.
- Oibreacha feabhsaithe sábháilteachta ar chostas íseal ar an R518 ag Ard Toimín ar luach €136,000.
- Cothabháil Gheimhridh ar an N21 agus an N69 (maoinithe ag Bonneagar Iompair Éireann)

### GMA AGUS TIONSCADAIL AN CHISTE FORBARTHA

- Leithdháileadh Bardasach Ginearálta ón mBuiséad Tistil agus Iompair ar Luach €115,000 ar a n-áirítear uasghrádú ar oibreacha pábhála agus cosáin ag Áth Dara, Seanghualainn, Baile Dhá Thuile, An Chora agus An Bhánóg faoi seach.
- Sholáthair Tionscadail an Chiste Forbartha ar luach €70,000 uasghrádú ar chosáin, lámhráillí & athchóiriú ar charrchlós ag Pailís Chaonraí agus Ráth Caola.

### SCÉIMEANNA RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAIL

Dhá thionscadal ar luach €55,419 ag An Cheapach & Baile an Gharraí.

### SCÉIMEANNA FEABHSÚCHÁIN ÁITIÚLA

Sé scéim ar luach €159,873 críochnaithe ag Áth Dara, Eas Géitine, Baile Dhá Thuile, Cróch, Ráth Caola.

### OIBREACHA CAIPITIÚLA

Déanadh €216,000 a leithdháileadh le suiteáil a dhéanamh ar chéimeanna maolaithe tráchta i mbaile Ráth Caola.





*Bóthar na Claise, Áth an tSléibhe:*



*Athchóiriú ar dhroichead ag Cúirt an Bhrúnaigh, Ráth Caola*



*Cill an Choillín*



*Gleann Oisín*

## CUAN IASCAIGH AGUS BONNEAGAR CÓSTA

Críochnaíodh oibreacha ar luach €205,000 faoin gclár seo ar a n-áirítear seisiúcháin struchtúracha agus oibreacha pointeála ag Cé Choill Tíre in éineacht le hoibreacha dromchla agus sábháilteachta ag Cé Bhaile Stiabhna.

## TITHÍOCHT

Rinne Rannóg Tithíochta Áth Dara-Ráth Caola oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin ar a stoc tithíochta chomh maith le hoibreacha cothabhála ar Reiligí na Comhairle, láithreáin charbhán cónaithe agus leabharlanna sa Cheantar Bardasach i rith 2017.

Deontais Cúnaimh Tithíochta, mar an Scéim Deontais Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaine faoi Mhíchumas, an Scéim Cúnaimh Tithíochta do Sheandaoine agus Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta. Fuarthas leithdháileadh de €300,000 ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil i rith 2017 le 52 iarratas ag fáil deontais faoi na scéimeanna éagsúla.

# CEANTAR BARDASACH AN CHAISLEÁIN NUA 2017

## STIÚRTHÓIREACHT OIBRÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE – THIAR OIBRÍOCHTAÍ AGUS COTHABHÁIL - BÓITHRE

Déanadh maoiniú ar chaiteachas ar oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin bóithre i 2017 trí dheontais Rialtais agus acmhainní na Comhairle féin.

Ar na cláir chaiteachais ar bhóithre i rith 2017 bhí:

- Cóiriú dromchla bóthair ar 20km de bhóthar ar chostas €511,006
- Oibreacha atógála bóthair ar luach €1,451,000.
- Dromchla forleagtha ar bhóithre i Sráidbhaile Chnoc Uí Choileáin agus Sráidbhaile Dhrom Collachair.
- Deisiúcháin ar dhromchla an N21 i Mainistir na Féile
- Oibreacha athshlánaithe droichead ar luach €198,000
- Oibreacha feabhsaithe sábháilteachta ar chostas íseal ag acomhail sa bhFeothanach €25,000
- Oibreacha ar na cosáin ag Beechwood, Céide Chill Cholmáin, Sráid an Easpaig, An Caisleán Nua, Mainistir na Féile, Cnoc Uí Choileáin, Áth an tSléibhe, An Gleann, Cnoc an Doire, Drom Chllachair.
- Móroibreacha feabhsúcháin ar chosáin agus soilsiú sráide ag Baile Uí Argáin.
- Cothabháil Gheimhridh

## STIÚRTHÓIREACHT OIBRÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE – THIAR OIBRÍOCHTAÍ AGUS COTHABHÁIL – COTHABHÁIL TITHÍOCHTA

Tá an criú Cothabhála Tithíochta do Cheantar Bardasach an Chaisleáin Nua mar chuid d'oifig an Chaisleáin Nua freisin.

Déanadh uasghrádú ar aon teach deág de chuid na Comhairle le maoiniú faoi Chlár Réamhligin agus Folamh 2017. Tá siad seo ligthe le tionóntaí nua anois.

Tá gnáthcheisteanna cothabhála ar thithe mar chuid d'obair an chriú Cothabhála freisin. I 2017 bhí 1,117 iarratas ar sheirbhís ar fhreastal criú Cothabhála Tithíochta an Chaisleáin Nua orthu.



*Cé Bhaile Stiabhna*



## TIONSCADAIL CHEANTAIR

- **Mol Lúthchleasaíochta Réigiúnach an Chaisleáin Nua** Cheannaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 9.44 acra ag Cluain an Screatháin, An Caisleán Nua le forbairt a dhéanamh ar raon reatha hocht lána lúthchleasaíochta agus do na spóirt pháirce a bhaineann leo. Ceapadh foireann deartha lánpháirtithe ildisciplíneach d'fhonn an tionscadal a chur chun cinn chuig pleanáil Chuid 8.
- **Droichead Curlings agus Sráid na Maighdine, An Caisleán Nua**
- Déanadh móroibreacha uasghrádaithe ar Dhroichead Coise Curlings. Tógadh an droichead in 1866 agus soláthraíonn sé droichead tábhachtach thar an Arra ag nascadh limistéar theas an bhaile le Séipéal Caitliceach Mhuire agus limistéar lárnach gnó an Chaisleáin Nua.
  Cuireadh soilsiú nua oidhreachta ar Shráid na Maighdine rud a chuir feabhas ar an sráid-dreach. Déanadh cistiú ar na tionscadail seo faoi REDZ agus cistiú athnuachana baile agus sráidbhaile.
- **Plean do Réimse Poiblí an Ghleanna**
  Ceapadh comhairleoirí le plean don réimse poiblí a ullmhú don Ghleann.
- **Fullers Folly**
  Cheannaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh cuid de Fullers Folly i 2017. Cheannaigh an Chomhairle é mar mhol le hacmhainn turasóireachta don bhaile agus don cheantar máguaird.
- **Tionscadail CLAR**
  Faoin gclár CLAR déanadh oibreacha feabhsúcháin ag Scoileanna Náisiúnta Fíonach, Cill Míde, Ahalin, Cnoc na Sionnach, Cnoc Uí Choileáin, Mín na Cille agus Gleann an Ghoirt. Áiríodh ar na hoibreacha comharthaíocht sábháilteachta leanaí, comharthaí digiteacha sábháilteachta luais, marcanna bóthair agus cosáin rochtana.
- **Comharthaíocht**
  Cuireadh comharthaíocht nua "Fáilte" in airde ar bhealaí an N21 chuig An Caisleán Nua agus Mainistir na Féile.
- **Baile Mhainistir na Féile**
  Déanadh oibreacha feabhsaithe baile i Mainistir na Féile le plandóirí á dtógáil ag comharthaíocht chuig an mbaile, dromchlú i bpáirc an bhaile, mullaird shábháilteachta a chur in airde agus glanadh agus péinteáil chuaillí solais. Cuireadh plaiceanna oidhreachta in airde freisin, chomh maith le clár léirmhíniúcháin do thurasóirí agus mapa den bhaile sa chearnóg.
- **An Caisleán Nua – Fís 2023**
  Foilsíodh plean straitéiseach i 2017 le treoirphlean a sholáthar d'fhorbairt an Chaisleáin Nua sa todhchaí le fócas ar thionscnaimh tosaíochta a bhainfidh fís fhoriomlán amach don Chaisleán Nua nuair ar bheidh siad curtha i bhfeidhm: Pobal bríomhar, gníomhach le cónaí ann, le hoibriú ann agus le cuairt a thabhairt air. Rinne Comhairle Pobail agus Comhlachas Tráchtála an Chaisleáin Nua coimisiúnú air agus rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh cistiú air.

## STIÚRTHÓIREACHT OIBRÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE – THIAR OIBRÍOCHTAÍ AGUS COTHABHÁIL – COTHABHÁIL REILIGE

Ba é an buiséad cothabhála reilige do Cheantar Bardasach an Chaisleáin Nua ná €26,265 do 2017. Déanadh oibreacha cothabhála ag Reilig Íde Naofa, Mainistir na Féile, Reilig Theampall an Ghleanntáin, Caivaire sa Chaisleán Nua, Reilig Dhrom Collachair agus Cill Fherghasa, An Gleann.

## STIÚRTHÓIREACHT OIBRÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE – IOSTA BIOTÚMAN AGUS CLÓS INNEALRA BHAILE AN GHARRÁIN

Leanann an tIosta Biotúman ag Baile an Gharráin agus an clós Innealra bunaithe sa Chaisleán Nua le ról lárnach a bheith acu sa Chlár Oibrecha Bóthair. Déantar gach biotúman a úsáidtear sa chontae a dháileadh trí an iosta lárnach ag Baile an Gharráin agus coimeádtar flít feithiclí na Comhairle sa Chlós Innealra. Leanadh le huasghrádú a dhéanamh ar an bhflít feithiclí i rith 2017.

## STIÚRTHÓIREACHT OIBRÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE – SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA POBAIL

### Scéim Deontais Tithíochta Cheantar Bardasach an Chaisleáin Nua

I 2017, faomhadh seacht n-iarratas déag faoi Dheontais Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas ar chostas €112,615.50.
Faomhadh 53 iarratas faoi Dheontais na nÁiseanna Soghluaisteachta Tithíochta ar chostas €234,280.03.
Faomhadh 78 iarratas faoi Chúnamh Tithíochta do Sheandaoine ar chostas €350,493.53.
Ina theannta sin, críochnaíodh oibreacha ar 14 réadmhaoin leis an gComhairle sa cheantar do dhaoine faoi mhíchumas ar chostas €106,183.

## STIÚRTHÓIREACHT SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA – SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Bhí 13 cruinniú ag Ceantar Bardasach an Chaisleáin Nua agus bhí Fáiltiú Cathartha amháin don Cheantar Bardasach ann i rith 2017. Tionóladh an Fáiltiú Cathartha i mí Dheireadh Fómhair le haitheantas a thabhairt dá raibh bainte amach ag daoine óga sa Cheantar i gcúrsaí spóirt agus i gceol.
Ar na daoine sin ar bronnadh scrollaí orthu bhí Kori Goad, Niamh Foley, Sophie Meredith, Brian Scannell, James O'Connor agus Maura O'Connor.

## STIÚRTHÓIREACHT SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA - MÓTARCHÁIN

Bhí 23,291 gnáth-idirbheart i Rannóg Mótarchánach an Chaisleáin Nua i rith 2017.

### STIÚRTHÓIREACHT SEIRBHÍSÍ CUSTAIMÉARA – SEIRBHÍSÍ CUSTAIMÉARA

Leantar le méadú ar fhorfheidhmiú an tionscadail seirbhísí do chustaiméirí leis an gcóras Sugar CRM á thabhairt isteach. Déanann oifig Ceantair an Chaisleáin Nua gach glao maidir le cothabháil tithíochta, deontais tithíochta, cothabháil bóithre agus ceisteanna ginearálta comhshaoil a logáil ar an gcóras seo. Ina theannta sin cuireadh córas nua teileafóin isteach in Oifig an Chaisleáin Nua i rith 2017.

### STIÚRTHÓIREACHT SEIRBHÍSÍ RÉIGIÚNACHA – SEIRBHÍSÍ UISCE

Bunaíodh Uisce Éireann mar eagraíocht le freagracht fhoriomlán maidir le huisce agus fuíolluisce ar fud na hÉireann. Feidhmíonn an criú uisce sa Chaisleán Nua mar ghníomhaire don eagraíocht seo agus feidhmíonn thar a ceann agus déanann cothabháil ar líon mó scéimeanna uisce ar fud Iarthar Luimnigh.

## COTHABHÁIL TITHÍOCHTA

Ba bhliain ghnóthach eile í 2017 do Chothabháil Tithíochta mar ar tharla ailíniú ar an rannóg maidir le struchtúir an tsoláthair foirne idir gach Toghcheantar. Tá an struchtúr nua tar éis daingniú a dhéanamh ar chumas na rannóige déileáil le os cionn 13,000 iarratas ar sheirbhísí cothabhála i 2017. Tá na hiarratais se oar an réimse is mó iarratais ar an gCóras do Bhainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí. Tugadh teicneolaíocht nua isteach sa réimse seo freisin i 2017 le Feidhmchlár Digiteach nua píolótaithe a chuir ar chumas na foirne sa líne tosaigh déileáil le riar cásanna ó chian, rud a chuir feabhas ar fheidhmíocht i rith na bliana agus atá tar éis tagarmharc a leagadh síos d'fheabhsú leanúnach sa todhchaí.

Cé gurb é gnó lárnach Cothabháil Tithíochta freagra frithghníomhach a sholáthar dár gCustaiméirí, sholáthair an rannóg os cionn 200 ligean nua i gcaitheamh na bliana. Bhí a lán den réadmhaoin seo curtha ar leataobh do theaghlaigh gan dídean le Foirne Oibre Díreach na Comhairle agus Conraitheoirí ardoillte ag soláthar réimse de thithe cónaithe ar ardchaighdeán do theaghlaigh a raibh gá acu leo. Chabhraigh Cothabháil Tithíochta freisin leis an gcéad Mol do Theaghlaigh gan Dídean ag an Údarás a sholáthar, leaba agus bricfeasta athchóirithe. Chruthaigh an Mol Teaghlaigh seo dúshlán do chách a bhí rannpháirteach san athchóiriú agus baineadh úsáid as taithí agus saineolas Bhainisteoirí Teicniúla agus Tionscadail na Comhairle.

## PÁIRCEANNA AGUS TÍRDHREACADH:

Bhí clár fairsing bainte féir ag Foireann Pháirceanna & Tírdhreachtaithe Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i 2017, ag gearradh timpeall 220 heicteár féir idir Aibreán agus Deireadh Fómhair.
Fásadh bláthanna agus plandaí ceapaí inár bplandlann lena chinntiú go mbeadh dea-chuma ar na timpealláin, ar dhroichid, ar bhláthchiseáin ar crochadh agus ar spásanna poiblí an t-am ar fad. Deánadh prúnáil ar chrainn agus oibreacha tírdhreachtaithe idir Samhain agus Aibreán.
Thug an Rannóg Páirceanna agus Tírdhreachtaithe comhairle agus tacaíocht freisin do ghrúpaí na mBailte Slachtmhara, Going for Gold agus do ghrúpaí scoile, agus d'oibrigh sí go dlúth leis an Rannóg Pleanála le héascú a dhéanamh ar imeachtaí inár bpáirceranna poiblí.



*Droichead Curlings, An Caisleán Nua*



## GLANADH SRÁIDE:

Lean na criúnna glanta sráide le seirbhís 365-lá a sholáthar lena chinntiú go mbíonn na sráideanna scuabtha agus an bruscar bainte astu. Soláthraíonn na criúnna glanta sráide cúnamh ollmhór do Going for Gold agus Bailte Slachtmhara Luimnigh, chomh maith le seirbhísí breise a sholáthar d'imeachtaí mar chluicí Rugbaí agus CLG, Rás Mór Luimnigh agus deireadh seachtaine na Féile Pádraig.

## IONAID ATHCHÚRSÁLA AGUS BAINC BHUIDÉAL

Tá timpeall 64 banc buidéal ar fud Cathair agus Contae Luimnigh atá á mbainistiú ag an Rannóg Seirbhísí Oibríochtaí agus Cothabhála. Tá ceithre ionad athchúrsála ann atá suite sa Chaisleán Nua, Cill Mocheallóg, Mungairit agus Bóthar na Páirce, Luimneach. Tá clós dramhaíola glaise ag feidhmiú freisin in ionad athchúrsála Mhungairit le dhramhail ghlas a thabhairt isteach agus múirín a dhéanamh as. Bíonn laethanta speisialta ann freisin le dramhail a bhailiú, ar a n-áirítear diúscairt dramhaíola guaiseach agus lá stiallta discréideach.

## REILIGÍ:

Tá an fhoireann Cothabhála Reilige freagrach as cothabháil os cionn 250 reilig ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh. Tá gearradh féir, bailiú bruscair agus cláir chothabhála ag feidhmiú sna reiligí níos mó.

Déanadh oibreacha feabhsúcháin in Áth an tSléibhe, Caisleán Mhungairit agus Cnocán Naomh Oilibhéar le héascú a dhéanamh ar adhlacadh sa todhchaí agus déanadh oibreacha deisiúcháin/athsholáthar cosáin i reiligí Dhrom Collachair, Thobar Phádraig agus An Ghleanna. Déanadh roinnt measúnú láithreán freisin ar iarratas ó Choistí Pobail.



*Cosán agus Soilsiú ag Baile Átha Grean*

## SEIRBHÍSÍ RÉADMHAOINE

Bunaíodh an Rannóg Seirbhísí Réadmhaoine i 2015 agus cuimsíonn sí trí réimse ar leith:

- Bainistíocht Maoine
- Bainistíocht Saoráidí
- Uasghrádú Foirgneamh Corparáideach

Soláthraíonn **Bainistíocht Maoine** tacaíocht riachtanach do na stiúrthóireachtaí eile maidir le ceannach, diúscairt, léasú agus ceadúnú gach réadmhaoin de chuid na Comhairle. I rith 2017 leagadh cúram ar an bhfoireann seo maidir le próiseáil a dhéanamh ar gach sealbhú tithíochta sóisialta. Ceannaíodh 56 réadmhaoin tithíochta sóisialta i rith na bliana.

Rinne an Fhoireann Réadmhaoine próiseáil ar cheannach suntasach eile i rith 2017 ar a n-áirítear:

- Forbairt na Maldron Suites
- 25 acra ag Ros Uí Bhriain – le máistirphlean don todhchaí á cheapadh dóibh faoi láthair
- Meánscoil na Sailíseach
- Talamh do Mhol Lúthchleasaíochta An Chaisleáin Nua
- Fullers Folly An Caisleán Nua

Tá freagracht ar an rannóg freisin as gach diúscairt (ar a n-áirítear leasa i maoin ruílse agus léasachta) faoi Alt 183 d'Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (mar a leasaíodh). Cuireadh 15 Alt 183 faoi bhráid na Comhairle i rith 2017.

Críochnaíodh tionscadail eile i rith na bliana mar ar déanadh athchóiriú ar Sheanscoil na Gráinsí agus Ionad Thomas Fitzgerald sa Bhrú – a bhfuil an dá cheann ag tacú le grúpaí pobail áitiúla anois.
Críochnaíodh oibreacha ar urlár na talú ag 58 Sráid Uí Chonaill (seanleabharlann an chontae) – sampla den scoth dá bhfuil bainte amach ag infheistíocht i Luimneach Sheoirseach.

Críochnaíodh Céim 1 den Chlár Leasa i Maoin i rith 2017, mar ar cuireadh gach foirgneamh agus talamh suntasach de chuid na comhairle os cionn 0.2 heicteár ar chóras faisnéise maoine GIS bunaithe le cabhrú le taifead maoine údaráis áitiúil a choimeád.

Déanann an **Bhainistíocht Saoráidí** bainistíocht, cothabháil agus cosaint ar an bpunann tógála corparáideach. I rith 2017 cuireadh an 7ú foirgneamh le punann na saoráidí le hoscailt Mhúsaeim Luimnigh ar láthair sheanshéipéal na bProinsiasach ar Shráid Anraí. Tá méadú ar na dúshláin sa réimse seo, de bharr phróifíl aoise chuid de na foirgnaimh in éineacht le reachtaíocht agus caighdeáin nua do chóiríocht oifige agus éifeachtúlacht fuinnimh.

Déanann **Foirgnimh Chorparáideacha** an spás oifige laistigh de Struchtúr an Fhoirgnimh Chorparáideach a chur in oiriúint agus a athchóiriú. Ina theannta sin, déantar oibreacha maoirseachta ar thionscadail thógála i réadmhaoin eile de chuid na comhairle.

I rith 2017 déanadh athrú ó bhonn ar urlár na talún ag Cé na gCeannaithe nuair a déanadh an áit a athdhearadh le freastal ar an Rannóg Acmhainní Daonna agus ar ionad nua Seirbhísí Custaiméara. Ina theannta sin, cheadaigh an athfhorbairt seo in éineacht le haistriú an Mhúsaem chuig suíomh na bProinsiasach d'athoscailt Halla Istabraq. Tá seo tar éis ionad a sholáthar d'imeachtaí Cathartha agus Cultúrtha araon. Is i Halla Istabraq a bhí an searmanas sínithe do shaoráid iasachta an Bhainc Eorpach Infheistíochta i mí na Samhna ar fhreastal Móruaisle Eorpacha, Náisiúnta agus Áitiúla air agus é mar chúlra iontach do na himeachtaí stairiúla seo. Ina theannta sin, úsáideadh an áit seo le taispeántais a chur ar siúl d'ealaíontóirí agus do ghrúpaí áitiúla ó déanadh an t-athchóiriú air.



*Halla Istabraq do shíniú an Bhainc Eorpach Infheistíochta*



*Athchóiriú 58 Sráid Uí Chonaill*



## SEIRBHÍSÍ DEARTHA AGUS SOLÁTHAIR

Is rannóg Seirbhísí Deartha agus Seachadta atá ann laistigh den Stiúrthóireacht Oibríochtaí Seirbhíse. Is rannóg chorparáideach í atá freagrach as na nithe seo a leanas:

- Infreastruchtúr mór agus costasach a thógáil
- Cláir athnuachana nó athchóirithe ar scála mór, nach ar bhonn gnáthrialta iad, ar dhóichí conraitheoirí seachtracha a bheith i gceist leo
- Creataí nó Painéil de chomhairleoirí/conraitheoirí a chruthú a fhéadfaí a úsáid d'oibreacha ar scálaí éagsúla
- Conarthaí Innealtóireachta Sibhialta ar scála nach mbíonn á ndéanamh ag ár gcriúnna cothabhála féin
- Tithe nó oifigí nuathógtha d'úinéireacht na Comhairle
- Seirbhísí Seandálaíochta
- Comhairle maidir le soláthar agus próiseáil seirbhíse go corparáideach

Tá an Roinn freagrach as tionscadail ó thús go deireadh. Déanann sí a cuid oibre i gcomhar leis na Stiúrthóireachtaí Forbartha Geilleagrach, Sóisialta agus Fisiciúil.

Leagtar amach thíos na tionscadail ar a raibh sí ag obair agus staid a bhforbartha ag deireadh 2017.



*Oibreacha tógála ar Bhóthar Dáileacháin ó Uí Chuanach go Cnoc an Lisín*



*Bóthar áthógáil ag Coill Mhungairit*



*7 Ardán Shiol Bhroin*



*7 Shelbourne Terrace*



*Forbairt Tithíochta Shráid an Tiarna Éadbhard*

# SEIRBHÍSÍ DEARTHA AGUS SOLÁTHAIR

| Ainm Tionscadail | Cineál Tionscadail | Staid ag deireadh 2017 |
| --- | --- | --- |
| Cluain Maicín, Cathair Luimnigh | Tithíocht | Réamhdhearadh |
| An Chluain Mhór, Áth Dara | Tithíocht | Réamh-Dhearadh |
| Céide Radharc an Ghleanna, an tOspidéal | Tithíocht | Pleanáil Chuid 8 |
| Páirc na Lisíní, Tobar Phádraig | Tithíocht | Tairiscint |
| Céim 2 Wallers Well, Cathair Luimnigh | Tithíocht | Réamh-Dhearadh |
| Sráid Iósaif, Cathair Luimnigh | Tithíocht | Réamh-Dhearadh |
| Bóthar na Rátha Báine, Cathair Luimnigh | Tithíocht | Tairiscint |
| Ascaill an tSeiceamair, Cathair Luimnigh | Tithíocht | Pleanáil Chuid 8 |
| Sráid an Chláir, Cathair Luimnigh | Tithíocht | Pleanáil Chuid 8 |
| Bailtíní Uí Aisí, Sparr Thumhan | Tithíocht | Tairiscint |
| Cúirt Chill Mhuire, Garraí Eoin | Tithíocht | Tairiscint |
| Suíomh in aicle le Clúb Bádóireachta Áth Longfoirt, Luimneach | Tithíocht | Réamh-Dhearadh |
| Sráid Uí Sheasnáin Thuaidh & Cúirt Chill Liaile | Tithíocht | Réamh-Dhearadh |
| Sráid Musgrave, Luimneach | Tithíocht | Réamh-Dhearadh |
| Gough Place, Bóthar Ros Uí Bhriain, Luimneach | Tithíocht | Réamh-Dhearadh |
| CHAS, Sráid Mhuire, Luimneach | Tithíocht | Réamh-Dhearadh |
| 1-12 Ascaill an Bhúrcaigh, Luimneach | Tithíocht | Pleanáil Chuid 8 |
| Bailtíní Phádraig, Caisleán Uí Chonaill | Tithíocht | Réamh-Dhearadh |
| Sráid an Tiarna Éadbhard | Tithíocht | Staid chríochnaithe |
| Páirc an Teampaill, Céim 1, cathair Luimnigh | Tithíocht | Á thógáil |
| Páirc Mhic Cosgair, Cathair Luimnigh | Tithíocht | Cuid 8 Cead Pleanála Tugtha |
| Clós na Pailme, Cathair Luimnigh | Tithíocht | Cuid 8 Cead Pleanála Tugtha |
| Orchard Site, Oileán an Rí, Luimneach | Tithíocht | Réamh-Dhearadh |
| Páirc Chlíona Céim 2 | Tithíocht | Críochnaithe |
| Scéimeanna Inlíonta Pháirc Mhuire | Tithíocht | Á thógáil |



| Ainm Tionscadail | Cineál Tionscadail | Staid ag deireadh 2017 |
| --- | --- | --- |
| Páirc Chlíona Céim 3 | Tithíocht | Cuid 8 Cead Pleanála Tugtha |
| 45-46 Páirc Chlíona | Tithíocht | Tairiscint |
| Páirc Dhál gCais | Tithíocht | Réamh-Dhearadh |
| Scéim Maolaithe Tuilte Fhainge | Cosaint ar Thuilte | Críochnaithe |
| Faoiseamh ó Thuilte Oileán an Rí (An Plás Úrghlas) | Cosaint ar Thuilte | Críochnaithe |
| Faoiseamh ó Thuilte Oileán an Rí (Príomhscéim) | Cosaint ar Thuilte | Réamh-Dhearadh |
| Athnuachan Shráidbhaile Thobar Phádraig | Athnuachan Sráidbhaile | Á Thógáil |
| Bainistíocht Tráchta Mhainistir na Féile | Athnuachan Uirbeach | Pleanáil Chuid 8 |
| Oibreacha Bóthair Mhungairit | Feabhsú Bóithre | Críochnaithe |
| Bóthar Dáileacháin Chromadh | Tógáil Bóithre Nua | Pleanáil Chuid 8 |
| Lána Bus OL – Lár na Cathrach Droichead Thuamhain | Iompar Inbhuanaithe | Réamh-Dhearadh |
| Bóthar Dáileacháin Uí Chuanach go Choc an Lisín Céim 1 | Oibreacha Cosanta Droichead | Críochnaithe |
| Sráid Chaitríona/Sráid an Róistigh | Tógáil Bóithre Nua | Á Thógáil |
| Sráid Uí Chonaill | Athnuachan Uirbeach | Críochnaithe |
| Lynch's Corner, Cathair Chinn Lis | Athnuachan Uirbeach | Réamh-Dhearadh |
| Bóthar Bhaile Átha Cliath | Athnuachan Sráidbhaile | Cuid 8 Cead Pleanála Tugtha |
| Timpeallán Chill Mhuire | Iompar Inbhuanaithe | Réamh-Dhearadh |
| LIHAF Mungairit | Tógáil Bóithre Nua | Réamh-Dhearadh |
| Uasghrádú Teirmeach Sráid Parnell/Sráid | Athnuachan Uirbeach | Cuid 8 Cead Pleanála Tugtha |
| Wickham Sráid Parnell/Sráid an Dáibhisigh | Athnuachan Uirbeach | Críochnaithe |
| Uasghrádú Teirmeach | Tithíocht maoinithe ag Athghiniúint | 561 Críochnaithe |
| Uasghrádú Teirmeach | Tithíocht maoinithe ag Athghiniúint | 328 Ar an Láthair |
| Uasghrádú Teirmeach | Tithíocht maoinithe ag Athghiniúint | 566 Á Ullmhú |

# PLEANÁIL AGUS COMHSHAOL

Tá an Rannóg Seirbhísí Pleanála agus Comhshaoil ag feidhmiú le beagnach dhá bhliain anois. Bíonn sí ag déileáil le cead, ceadúnais, ceadanna, cigireacht agus forfheidhmiú maidir le ceisteanna pleanála agus comhshaoil.

### PLEANÁIL

Bainistíocht Forbartha
Ranníocaíochtaí Forbartha
Caomhantas Ailtireachta
Forfheidhmiú
Tógáil i gCúram
Táscairí Seirbhíse
Pleanáil
Príomhtháscairí Feidhmíochta

### COMHSHAOL

Dramhaíl
Bruscar
Torann Aeir agus Sceitheadh Uisce
Ceadúnú
Cigireachtaí ar Dhabhcha Séarachais
Athchoimre ar Ghníomhaíocht 2017

## BAINISTÍOCHT FHORBARTHA PLEANÁLA

Bhí méadú leanúnach ann maidir le gníomhaíocht phleanála i gcaitheamh na bliana seo, ó chruinnithe réamhphleanála, iarratais phleanála a fuarthas agus fiosruithe ginearálta ón bpobal.

Bhí méadú suntasach ar líon na móriarratas pleanála le cuid dá bhfuil liostáilte thíos áirithe i mbliana freisin:

16/1154 – Cead tugtha do Bloomfield Homes Limited maidir le 95 teach cónaithe a thógáil mar atá 17 scoite, 72 leathscoite agus 6 theach sraithe, naíolann aon stóir; bóithre rochtana inmheánacha, tírdhreachú, cóireáil teorann, carrchlós, seirbhísí agus oibreacha tánaisteacha láithreáin ag Bloomfield, Áth an Choite, Luimneach

16/1196 – Cead tugtha do Homely Developments Limited maidir le forbairt ilchineálach a thógáil ina mbeadh 201 aonad cónaithe, naíolann chomharsanachta, bóithre rochtana bainteach leo, ceangail nua leis an bpríomhphíobán uisce poiblí, draenáil uisce salach agus dromchla, cosáin, áiteanna páirceála, dramhaíola, tírdhreachú beartaithe agus gach obair choimhdeach ar an láithreán agus leis an struchtúr a bhíodh in úsáid mar theach cónaithe a leagadh. An togra maidir le 201 aonad cónaithe a thógáil ina mbeadh 150 teach leathscoite, 8 teach sraithe, 20 árasán dhá urlár agus 23 árasán. Beidh rochtain ar an bhforbairt trí bhóthar nua rochtana leis an acomhal ar an mbóthar R510 ag Bán an Chócaigh, Mungairit, Co. Luimnigh

17/295 – Cead togtha do ÚFT maidir le Sainfhoirgneamh Oifige trí Urlár (achar iomlán 4544 mcr). Tá soláthar sa togra forbartha do na hoibreacha forbartha go léir ar an láithreán ar a n-áirítear ceartú ar leibhéil an láithreáin, bóithre rochtana inmheánacha, páirceáil do charranna, páirceáil rothar, cosáin, spás oscailte, soilsiú poiblí, criosanna comharthaíochta ar fhoirgnimh, comharthaíocht ar ardán, tírdhreachú, seirbhísí, cóireáil teorann agus gach obair a bhaineann leo ar an láithreán ag an bPáirc Theicneolaíochta Náisiúnta, Plassey, Luimneach

17/383 – Cead togtha do Rockspring Developments Limited maidir le 54 teach cónaithe a thógáil, ina mbeadh 12 teach scoite, 34 teach leathscoite agus 8 teach sraithe, in éineach le gach bóthar, seirbhís, tírdhreachú agus na hoibreacha láithreáin a bhaineann leo ag Carrig Desmond, Bóthar Bhaile an Teampaill, An Caisleán Nua, Co Luimnigh

17/465 – Cead tugtha do Jana Developments Limited maidir le 56 aonad cónaithe a thógáil, naíolann, bóithre inmheánacha agus ceangal le seirbhísí poiblí agus gach obair choimhdeach ar an láithreán ag Eastát Ros Mór, Bóthar Chill Mocheallóg, Na Crosa Geala, Luimneach

17/1180 – Cead tugtha do Rugby World Experience Limited an struchtúr atá ann a leagadh agus foirgneamh nua a thógáil ina mbeadh bloc 7 urlár (32 m ar airde) le póirseáid 2 urlár le haghaidh ar Shráid Uí Chonaill, agus bloc 2-urlár/3-urlár ag a cúl le sloc staighre ag síneadh chuig na 7 urlár agus é go léir os cionn íoslaigh aon urláir; bloc 2 urlár/3 urlár ag an gcúinne de Shráid Uí Chonaill agus Sráid Shisil ina mbeadh 2 urlár os cionn siopa miondíola ar urlár na talún (Fines Jewellers), agus 3 urlár le haghaidh ar Shráid Shisil. Soláthróidh an fhorbairt eispéireas cúartaíochta ilmheáin, taispeántas agus spás oideachais don 'Eispéireas Rugbaí Idirnáisiúnta'; achar miondíola coimhdeach (81 m.cr) agus caifé coimhdeach (83 m.cr) ag leibhéal urláir na talún. Rochtain d'fheithiclí chun críche seirbhíse agus rochtain do choisithe agus do rothaithe ar an mbealach atá ann d'fheithiclí ar an lána ag cúl an láithreáin ag nascadh Sráid Shisil agus Sráid Chaitríona. Beidh saoráidí coimhdeacha d'innealra, áiteanna stórála agus saoráidí foirne áirithe sa bhforbairt freisin; soilsiú poiblí; comharthaíocht maidir le tógáil; seribhísí faoin talamh atreoraithe; agus gach obair a bhaineann le forbairt agus tochailt an láithreáin os cionn agus faoi bhun talún ag 40, 41, 42 Sráid Uí Chonaill/1 Sráid Shisil, Luimneach.



## RANNÍOCAÍOCHTAÍ FORBARTHA

| | |
|---|---|
| Airgead a fuarthas i 2017 maidir leis na Scéimeanna Ranníocaíochta Forbartha | €2,778,002 |

## CAOMHANTAS AILTIREACHTA

I rith na bliana rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh €335,493 a bhronnadh faoi fhorálacha na Scéime Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha a bhí á feidhmiú ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (DAHRR&GA). Dáileadh timpeall 29% den chistiú seo ar thionscadail laistigh den Dúiche Chathrach, leis an gcuid eile á dháileadh ar thionscadail ar fud an chontae. Tugadh cúnamh do 51 tionscadal ar fad.

Bhí dhá thionscadal sa chontae i dteideal chúnaimh faoi Scéim na Struchtúr i mBaol, a bhíonn á feidhmiú ag an gComhairle freisin thar ceann DAHRR&GA. Fuair siad seo deontais de €11,000 agus €10,000 faoi seach.

Gné den obair chaomhnaithe a rinne cuid de na húinéirí i 2017 ná an rath a bhí ar iarratais ar chúnamh faoi fhorálacha scéimeanna deontais eile, mar na cinn atá ar fáil ón gComhairle Oidhreachta nó á bhfeidhmiú ag Cumann Sheoirseach na hÉireann. Cabhraíodh le húinéirí eile réadmhaoine, a raibh foirgnimh acu a bhí cáilithe, leis an Scéim Deontais Tuíodóireachta atá á fheidhmiú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Go deimhin, fuair roinnt úinéirí tithe ceann tuí deontais ó thrí fhoinse éagsúil le cabhrú le híoc as costas athchóirithe a bhfoirgneamh.

Tá struchtúir i gceist le gach tionscadal ar tugadh cúnamh dóibh a chuirfidh leis an ngeilleagar foirmiúil trí chur leis an táirge turasóireachta, le háiteanna oibre feabhsaithe, nó árais chónaithe athchóirithe a sholáthar.

Rogha eile le cúnamh a thabhairt d'úinéirí a bhíonn i mbun oibreacha oiriúnacha, agus a bhfuiltear ag díriú níos mó air, ná an buntáiste cánach atá ar fáil d'árais chónaithe agus d'áitribh thráchtála i gcroílár stairiúla ar leith i Luimneach trí Thionscnamh na Cathrach Beo.

Níor cuireadh aon struchtúr le Taifead na Struchtúr atá faoi Chosaint. Baineadh trí struchtúr de Thaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint sa Chontae, le cinneadh a déanadh ag Cruinniú Cheantar Bardasach an Chaisleáin Nua ar 6ú Meán Fómhair 2017.

## FORFHEIDHMIÚ COMHSHAOL

| | |
|---|---|
| Gearáin a Fuarthas | 391 |
| Diúltaithe | 186 |
| Réitithe | 28 |
| Litreacha Foláirimh Eisithe | 162 |
| Fógraí Forfheidhmiúcháin Eisithe | 115 |
| Ionchúisimh a Tionscnaíodh | 45 |
| Urghairí | 0 |
| Ciontuithe | 7 |

Clúdaíonn Seirbhísí Comhshaoil réimse leathan freagrachtaí maidir le os coinn 100 píosa dlí Comhshaoil i dtrí phríomhréimse ar iad sin Infreastruchtúr, Rialachán agus Forfheidhmiú. Is iad na catagóirí ginearálta sna réimsí ná Dramhaíl, Bruscar, Uisce, Aer, Torann agus Sláinte Phoiblí ach áirítear freisin Struchtúir Chontúirteacha agus cúnamh a thabhairt d'fheidhmeanna Uisce Éireann maidir le sceitheadh Tráchtála chuig an gcóras Séarachais. Baineann an príomhréimse gníomhaíochta le Gearáin Chomhshaoil, Cead iomchuí Comhshaoil a Thabhairt. Cigireacht agus monatóireacht a dhéanamh ar chead tugtha agus oibleagáidí reachtúla.

## DDRAMHAÍL

### LÍONADH TALÚN

Tá dhá Líonadh Talún á mbainistiú go gníomhach le linn na tréimhse iarchúraim, cé go bhfuil siad dúnta do dhiúscairt.
Áirítear san iarchúram cóireáil láisteáit, bainistiú gáis agus comhlíonadh ginearálta ceadúnais. Ag Gort an Droma déantar gás Líonadh Talún a úsáid le leictreachas a ghiniúint. I rith 2017, déanadh 6,763,915 KWh leictreachais a tháirgeadh, agus nuair a dhíoltar é tugann sé ioncam don Chomhairle le fóirdheonú a dhéanamh ar chostais iarchúraim. Tá ionad conláiste cathartha i nGort an Droma agus stáisiún aistrithe dramhaíola a rinne láimhseáil ar 3679 idirbheart i 2017 mhuintir na háite agus d'larthar Luimnigh go ginearálta.

### RIALACHÁIN UM BHOINN NUA

Tháinig na Rialacháin seo i bhfeidhm i rith 2017. Is gá táille athchúrsála a íoc ar gach bonn nua do chárr a dhíoltar (leanfaidh táillí tráchtála i 2018) ag an díolphointe de €2.80 móide CBL agus €1.50 móide CBL do Ghluaisrothair. Go stairiúil níor déanadh athchúrsáil ar 50% de gach bonn. Cuireann na Rialacháin nua se oar chumas Eagraíochta Nua, PepakELT lorg gach boinn sas stat a leanúint agus cistiú a dhéanamh ar a n-athchúrsáil. Is é ról na Comhairle comhlíontacht a chinntiú.

## BAINISTÍOCHT BRUSCAIR

Lean Foireann Bainistíochta Bruscair na Comhairle le tabhairt faoi fhadhbanna maidir le caitheamh bruscair, póstaerbhuamáil, dumpáil neamhdhleathach i rith 2017 trí fhorálacha na nAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar agus na nAchtanna um Bhainistiú Dramhaíola a fhorfheidhmiú. Cuireann an Chomhairle Fodhlíthe 2011 Chomhairle Contae Luimnigh (Stóráil, Cur i Láthair & Scarúint chun críche dheireach chúrsa de Bháiliú Dramhaíola Tí agus Tráchtála) agus Fodhlíthe Chomhairle Cathrach Luimnigh maidir le "Cur i Láthair agus Bailiú Dramhaíola Tí agus Tráchtála". Baintear úsáid go leanúnach as meascán de chéimeanna feasachta / forfheidhmithe le deireadh a chur le diúscairt dramhaíola go neamhdhleathach sa chathair agus sa chontae.

Déanadh fiosrú maidir le 2,018 gearán a bhain le bruscar i rith 2017, ar réitíodh 1940 (96%) acu.

Eisíodh 476 fíneáil ar an láthair maidir le cionta a bhain le bruscar / cur i láthair dramhaíola.

Ba é an ioncam iomlán ó fhíneálacha ar an láthair ná breis agus €20,755.

Déanadh 53 cás a thagairt d'imeachtaí dlí faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar.

Eisíodh 337 forfheidhmiú "eile" i rith na bliana ar a n-áirítear Foláirimh, Fógraí agus Treoracha.

Déanadh suirbhéanna ar Dhiúscairt Dramhaíola Tí a eisiúint do thithe i gceantair uirbeacha / tuaithe d'fhonn a fháil amach an raibh socruithe cearta bailithe bruscair ag teaghlaigh.

Déanadh oibreacha glantacháin ar roinnt láithreacha sa chathair agus sa chontae ina raibh a lán bruscair faoi Scéim na dTionscnamh in Aghaidh Dumpála a bhí á riaradh ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Cuireadh comharthaí suas ag roinnt láithreacha agus déanadh aonaid shealadacha TCI a shuiteáil freisin, nuair a bhí sin indéanta.

Ar an bhFoireann Bruscair tá 5 (uimh) Cigire a dhéanann patrol ar bhruscar / dumpáil neamhdhleathach sa chathair agus sa chontae.

## TORANN AEIR AGUS UISCE

Tá freagracht ar an bhFoireann Aeir, Torainn agus Uisce as reachtaíocht chomhshaoil Rialtais Áitiúil a fhorfheidhmiú dírithe ar cháilíocht uisce agus aeir a chosaint agus a fheabhsú agus cosc a chur nó maolú a dhéanamh ar thorann agus núis eile.

Leanadh le hiarrachtaí suntasacha i 2017 feasacht a ardú maidir le Rialacháin um Breosla Soladach agus an cosc atá ar mhargaíocht, ar dhíol, ar leithdháileadh nó ar dhó bhreosla le toit i gceantar a bhfuil srian air. Cuireadh feachtais fheasachta ar bun ag úsáid phóstaeir agus na meáin shóisialta. Déanadh 39 cigireacht i 2017 faoi na Rialacháin um Breosla Soladach.
Tugadh Fógra um Pionós Socraithe isteach do chionta líomhnaithe faoi na Rialacháin. Beidh daoine a fhaightear ag déanamh margaíochta, ag díol nó ag leithdháileadh bhreosla coiscthe a sháraíonn na Rialacháin faoi dhliteanas fhógra um pionós socraithe idir €250 agus €1,000 a íoc. D'eisigh an Chomhairle fíneáil amháin maidir le sárú líomhnaithe ar na rialacháin i 2017.

## TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE MAIDIR LE TÓGÁIL I GCÚRAM 2017

| | | |
|---|---|---|
| A. | The number of residential estates for which the planning permission has expired, in respect of which formal written requests for taking in charge (from residents or developers), were on hands at the beginning of the year. | 60 |
| B | Number of estates that were taken in charge in the year in question | 15 |
| C | Number of dwellings in respect of column B | 436 |
| D | Number of estates in column A not completed to the satisfaction of the planning authority in line with the planning permission | 15 |
| E | Number of estates in Column D in respect of which enforcement action was taken in the year in question and/or the bond was called in | 1 |
| F | Number of estates in Column D in respect of which works were undertaken by the authority to bring the estate to taking in charge standard. | 10 |



## GNÁTHCHIGIREACHTAÍ DRAMHAÍOLA DÉANTA

| Cur síos ar an gcineál Cigireachta | Méid |
|---|---|
| Saoráidí Dramhaíola Ceadaithe | 55 |
| Comhchigireachtaí leis an Oifig um Sheoladh Trasteorann Náisiúnta | 7 |
| Cigireachtaí ar shuíomhanna Deimhnithe Cláraithe (príobháideach) | 6 |
| Seicphointí Fheithiclí | 2 |
| Comhchigireacht aontaithe go réigiúnach trí WERLA (an Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (Comhairle Contae Chorcaí)) | 2 |
| Láithreáin Tógála & Leagtha ag láimhseáil chigireachtaí ag láithreáin fhorbartha (m.sh. Pleananna Bainistíochta Dramhaíola, láimhseáil Gipsim etc.) | 110 |
| Suirbhéireachtaí ar Fhuíollábhar Teaghlaigh (ar a n-áirítear monatóireacht ar riachtanais maidir le scaradh a chomhlíonadh) | 667 |
| Cigireachtaí maidir le Líon Tí Íoc de Réir Meáchain | 12 |
| Cigireachtaí maidir le bailitheoirí Dramhaíola ag cur Araidí Donna ar fáil do theaghlaigh | 27 |
| Cigireachtaí eile ar shealbhóirí ceadúnais bhailithe dramhaíola ar a n-áirítear iniúchtaí ar shonraí bailíochtaithe ach nach mbíonn clúdaithe thuas sa chigireacht Íoc de Réir Meáchain nó Araidí Donn | 14 |
| Cigireachtaí ar Dhramhbhia Tráchtála | 24 |
| Cigireacht ar Asraonta Bhoinn –"Rialacháin um Dhramhbhoinn" | 70 |
| Cigireachtaí maidir le ELV (feithiclí a bhfuil a ré caite - carranna conamair) | 9 |
| **Iomlán na nGnáthchigireachtaí Dramhaíola** | **1021** |

## CEADÚNÚ DIÚSCARTHA

Tá an Chomhairle freagrach as ceadúnú diúscartha d'eisilteach trádála agus séarachais ag dul chuig uiscí ó thionscail gan séarach. Tá 32 ceadúnas dá leithéid ann faoi láthair a chlúdaíonn réimse saoráidí ar a n-áirítear óstáin, tithe altranais, cairéil agus áitribh thionsclaíoch. Déanadh na ceadúnais seo uile a scrúdú d'fhonn a chinntiú go mbeadh na coinníollacha a bhaineann leo ag teacht leis na dualgais maidir le cáilíocht ár n-uiscí faoin WFD á gcomhlíonadh. Déanadh 78 seiceáil chomhlíonta i 2016, ar a n-áirítear iniúchtaí ar an láthair agus athbhreithniú aighneachta.

## CIGIREACHTAÍ AR DHABHCHA SÉARACHAIS

Leanadh leis an gclár cigireachta ar dhabhcha séarachais i 2017, le cigireacht á dhéanamh i rith na bliana ar 42 córas.

| Total septic tanks inspection | Compliant | Non compliant | Registered | Un registered |
|---|---|---|---|---|
| 42 | 12 | 30 | 22 | 20 |

## ACHOIMRE AR GHNÍOMHAÍOCHT 2017

| Complaints Investigated | Investigated in Reporting Year |
|---|---|
| Litter | 2018 |
| Waste | 532 |
| Water/Wastewater | 128 |
| Air/Odour | 93 |
| Noise | 98 |
| **National Environmental Complaints Line** | 43 |
| **Totals** | **2912** |

| Inspection Activities | Completed End of Year |
|---|---|
| Waste /Litter Inspections | 5284 |
| Water/Wastewater Inspections | 1485 |
| Air/Noise Inspections | 95 |
| Environmental reviews of planning applications / permissions | 569 |
| **Totals** | **7433** |

| Environmental Enforcement Actions | Completed End of Year |
|---|---|
| Waste 'warning letters' | 255 |
| Waste Statutory Notices | 150 |
| Waste Fines(FPN €500) | 5 |
| Litter Fines – Include pres of waste | 219 |
| Water 'warning letters' | 111 |
| Water Statutory Notices | 15 |
| Air 'warning letters' | 8 |

# SEIRBHÍSÍ TREÍDLIACHTA

### SÁBHÁILTEACHT BIA

Sholáthair na Seirbhísí Tréidlaichta rialuithe oifigiúla tréidliachta i 19 áitreabh faofa próiseála feola i rith na bliana. Soláthraítear an tseirbhís seo faoi chomhaontú chonradh le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Ar na háitribh faoi mhaoirseacht bhí 6 seamlas, 13 áitreabh beag déantúsaíochta feola suite i gCathair agus i gContae Luimnigh.

Ag na seamlais, rinne cigire tréidliachta cigireacht ar gach ainmhí a bhí le marú mar bhia do dhaoine roimh agus tar éis é a mharú, faoi mar a éilíonn an dlí maidir le sábháilteacht bhia. Ba iad seo a leanas an líon iomlán ar déanadh cigireacht orthu i 2017: 7339 Eallach, 10,420 Caora, 173 Muc, 11 Gabhar. Tógadh 125 sampla agus cuireadh chun anailíse iad faoin gClár Náisiúnta Rialaithe Iarmhair, agus an Clár Náisiúnta Rialaithe Mhicribhitheolaíochta.

### RIALÚ MADRAÍ

Fuair na Seirbhísí Tréidliachta 551 gearán maidir le madraí ar strae agus ó smacht i 2017. Rinne ár maoir madraí déileáil le 527 madra ar strae agus nach raibh ag teastáil i rith 2017. Díobh sin, éilíodh ar ais 12% agus fuarthas baile nua do 73%. Tháinig feabhas suntasach ar na rátaí athshocraithe ó tugadh isteach leathanach Facebook do Dhídean Madraí Luimnigh, le húinéir nua faighte do 382 madra i 2017. Tá leathanach Facebook Dhídean Madraí Luimnigh ar cheann de na príomhphointí teagmhála leis an bpobal ó bunaíodh é i 2015 agus tá os cionn 12,000 'is maith liom' faighte aige. Lean na Seirbhísí Tréidliachta le cur chun cinn a dhéanamh ar mhicrishleasanna a chur i madraí ag teacht leis na Rialacháin iomchuí a achtaíodh i 2015.

Bhí 35 Gnó Póraithe Madraí ar Chlár Ghnóthaí Póraithe Madraí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag deireadh 2017. Déanann foireann na Seirbhísí Tréidliachta cigireachtaí rialta pleanáilte ar ghnóthaí póraithe madraí bunaithe ar mheasúnú riosca ar gach áitreabh.

### CAPAILL A RIALÚ

Rinne na Seirbhísí Tréidliachta déileáil le 163 cás/gearán maidir le capaill ar strae i 2017 Gabhadh 166 capall ar strae agus cuireadh i bpóna iad, agus ní dhearna a n-úinéirí ach 11 a lorg ar ais, agus fuarthas áit chónaithe nua do 17 acu.

# ATHNUACHAN UIRBEACH AGUS SRÁIDBHAILE

Bunaíodh an Rannóg Athnuachana Uirbeach agus Sráidbhaile i nDeireadh Fómhair 2017 laistigh den Stiúrthóireacht Oibríochtaí Seirbhíse.

Tá trí ghné ag baint le fócas oibríochtúil na rannóige nua seo:

1. **Fócas níos láidre ar bhainistíocht ghníomhach talún a sholáthar**

Áirítear ceithre réimse anseo – láithreáin atá folamh, tithe atá folamh, réadmhaoin tráchtála atá folamh agus láithreáin thréigthe.

Cuireadh cur chuige ceantar-bhunaithe i bhfeidhm agus tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tar éis baill den fhoireann a thabhairt do gach ceantar bardasach/cathrach le haghaidh a thabhairt ar áiteanna atá folamh agus tréigthe.

2. **Cabhrú le bainistiú agus le deiseanna a aithint do Réadmhaoin na Comhairle**

Tá cúlsoláthar suntasach talún agus stoc tógála nach mbaineann le tithíocht ag an gComhairle. Oibríonn an Rannóg Athnuachana Uirbeach agus Sráidbhaile go dlúth le Rannóg Seirbhísí Maoine agus soláthraíonn said tacar sainscileanna le cabhrú le féachaint ar dheiseanna a bhaineann le réadmhaoin atá tearcúsáidte nó nach bhfuil aitheanta maidir le feidhm ar leith cheana féin.

3. **Feabhas a chur ar an réimse poiblí agus scéimeanna athnuachana baile agus sráidbhaile**

Oibríonn an Rannóg Athnuachana Uirbeach agus Sráidbhaile in éineacht le grúpaí pobail ar fud na cathrach agus an chontae le réimse tionscadal feabhsaithe a fhorbairt ar féidir iad a sholáthar mar chuid den scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhaile agus tionscnaimh chistiúcháin eile. Lena chois sin, soláthraíonn an rannóg ionchur luath maidir le dearadh agus comhairle do na baill sin den phobal ar mhian leo leas a bhaint as Tionscnamh na Cathrach Beo agus scéimeanna eile.

# BUSINESS IMPROVEMENT DEPARTMENT

Ar leanúint na bhforbairtí eagraíochtúla i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh (CCCL) le blianta beaga anuas, táimid i riocht iontach anois maidir le feabhsú gnó agus é ar intinn oibriú níos cliste a chur chun cinn. Coimeádann athruithe polasaí agus polaitiúla, le forás digiteach agus seirbhíse ag titim amach, sinn ag gluaiseacht ar aghaidh maidir leis an seirbhís is fearr a thairiscint do chustaiméirí - idir chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha. Oibríonn an fhoireann sa Rannóg Feabhsaithe Gnó le comhghleacaithe le láthair oibre a chruthú ina mbíonn caighdeáin soiléire, leanúnacha agus dúshlánacha maidir le seirbhísí a sholáthar. Tá cúigear ar an bhfoireann lárnach a bhfuil scileanna agus saineolas acu i réimse inniúlachtaí feabhsaithe gnó. Leanann Líonra Idirchaidrimh na Foirne, ar a bhfuil ionadaithe ó mhórán rannóga, le tacaíocht a thabhairt do chumarsáid sa dá bhealach maidir le dul chun cinn ar an láthair. Déanann an Fhoireann Bhainistíochta obair na Rannóige Feabhsaithe Gnó a rialú ach tá Grúpa Comhordaithe curtha ann do Chur Chuige Feabhsaithe Gnó a dhéanann iarracht ar fheabhsuithe a neadú agus a thiomáint go corparáideach trí straitéis aontaithe agus plean gníomhaíochta d'fhonn iad a chur i bhfeidhm. Is é atá sa ghrúpa ná ionadaithe ó sheirbhísí custaiméara, straitéis dhigiteach, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, airgeadas, acmhainní daonna agus seirbhísí corparáideacha.

Más toil linn an chríoch ní mór toiliú leis an gcaoi sa chur chuige a ghlactar mar sin tá ceimeanna ann le tomhas a dhéanamh ar fheabhsuithe seirbhíse, sásamh custaiméirí, sásamh na foirne, éifeachtúlacht costais agus ama. Is gá dúinn an leibhéal céanna seirbhíse a dhearbhú dár gcustaiméirí agus a mbíonn súil againn féin leis ó dhaoine eile agus ár seirbhísí a fheiceáil trí shúile dhaoine eile. Ar an mbealach seo is féidir linn a chinntiú go mbíonn ár n-eagraíocht uaillmhianach agus aclaí go leor le freagairt do riachtanais Luimnigh de réir mar a athraíonn agus mar a fhásann siad.

### SEIRBHÍSÍ FEABHSAITHE GNÓ

Foireann bheag bhríomhar ar a bhfuil foireann ó réimse scileanna agus inniúlachtaí a dhéanann tiomáint agus a thugann tacaíocht do chur chuige feabhsaithe gnó san eagraíocht agus a chuireann cleachtais oibre níos cliste chun cinn inár n-eagraíocht. Is í ár bhfeidhm tacú le bainistíocht na heagraíochta tríd ár seirbhísí príomhúla:

- Forbairt Straitéise Feabhsaithe Gnó
- Cothabháil Chatalóige Seirbhíse
- Comhordú ar Dhearadh Seirbhíse
- Clárbhainistíocht
- Tacaíocht Fheabhsaithe Gnó do Rannóga

## TIONSCADAIL FHEABHSAITHE GNÓ

Trí oibriú leis an bhfoireann, táimid tar éis réimsí a aithind maidir le feabhsú gnó. Tá Straitéis Fheabhsaithe Gnó 2017-2019 againn ina dtugtar imlíne de na príomhthionscadail ar a bhfuil CCCL ag obair faoi láthair:

1. Ríomhchlár doThrasfhoirmiú Eolais Luimnigh LITe
2. Comhtháthú ar Sheirbhísí Cothabhála le Seirbhísí Custaiméara
3. Clár Feabhsaithe Bainistíochta Airgeadais
4. Clár Forbartha Foirne
5. Pleanáil Straitéiseach Lucht Saothair
6. Tionscadal Rialachais Sonraí Léargas Luimnigh
7. Creat Bainistíochta Tionscadail CCCL
8. ICT agus Pleananna Feabhsaithe Straitéise Digiteach

Cuireadh gach ball foirne chuig rannóg le hoibriú leo maidir lena chinntiú go mbíonn na hocht gCéimeanna chuig Feabhsú Gnó á nglacadh acu i dtreo is go mbíonn:

Céim 1. Seirbhísí agus feidhmeanna sainithe
Céim 2. Feabhsú na bPróiseas Gnó críochnaithe
Céim 3. Clár Rioscaí nuashonraithe
Céim 4. Cur Chuige Cumarsáide Foirne gníomhach
Céim 5. Comhaontú Leibhéal Oibríochta idir na ranna a bheith ann
Céim 6. Príomhtháscairí Feidhmíochta sainithe
Céim 7. Comhtháthú Seirbhíse do Chustaiméirí (nuair is cuí) agus Oiliúint CRM críochnaithe
Céim 8. Pleanáil d'Fhórsa Saothair gníomhach

## CUR CHUIGE MAIDIR LE FEABHSÚ GNÓ - DMAIC

Tugtar DMAIC ar an gcur chuige maidir le feabhsú gnó atá in úsáid againn i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
- Sainmhínigh, Tomhas, Déan Anailís, Feabhsaigh agus Rialaigh.I uirlis atá ann le rannóga a threorú maidir le Céim 2 thuas. Déanann sé sraith agus tacar leideanna a sholáthar don fhoireann le hoibriú tríd nuair a bhíonn aghaidh á thabhairt is ar cheisteanna a bhaineann le soláthar seirbhíse agus é ar intinn feabhas a chur ar an seirbhís. Is teicníc í a úsáidtear i dtionscail agus ar féidir í a chur i bhfeidhm ar an mbealach céanna i rialtas áitiúil. Déanfaidh an Fhoireann Feabhsaithe Gnó tacaíocht a sholáthar ag údáid DMAIC. Ar na tionscadail a bhfuilter ag obair orthu faoi láthair áirítear Trealamh Cosanta Pearsanta, Iarratais Phleanála Cuid V, bainistíocht doiciméad iHouse agus luacháil réadmhaoine gan ach beagán a lua.

## TIONSCADAL 18 - ÁR GCUR CHUIGE MAIDIR LE BAINISTÍOCHT TIONSCADAIL

Mar chuid den soláthar seirbhísí poiblí, baineann a lán dár gcuid oibre le réimse tionscadal a sholáthar chun leasa an phobail ó luach na mílte go dtí na milliún euro. Is é ár bpríomhdhúshlán spriocanna gach tionscadail a bhaint amach leis na srianta atá ar na dúshláin sin maidir le scóip, costas agus am. Tá an cur chuige bainistíochta tionscadail tábhachtach sa chomhthéacs a dtugtar imlíne thuas air ach tá an tábhacht chéanna leis maidir lena chinntiú go n-oibríonn ár samhail oibriúcháin ar an mbealach is fearr, go háirithe nuair atá na feidhmeanna straitéiseacha agus oibríochtúla scartha.
Is é atá i dTionscadal 18 ná:

1. 4.1 Struchtúr rialachais do bhainistíocht tionscadail
2. 4.2 Sreabhadh oibre do bhainistíocht tionscadail
3. 4.3 Pleananna agus doiciméid chaighdeánaithe
4. 4.4 Rialú airgeadais ar a n-áirítear riachtanais An Cód Caiteachais Phoiblí agus An Coiste Iniúchóireachta
5. 4.5 Córas rianaithe tionscadail shamhail Tionscadail CRM do mhaoirseacht na dtionscadal agus tuarascálacha maidir le stádas
6. 4.6 Gnás ainmnithe do thionscadail
7. 4.7 Rialú cáilíochta do thionscadail ar a n-áirítear measúnú aibíochta PM i CCCL
8. 4.8 Deiseanna foghlama agus forbartha don fhoireann

Go dtí seo, cuireadh oiliúint ar ochtó cúig ball foirne i mBainistíocht Fheidhmeach Tionscadail in OL. Tá comhairleoir seachtrach ann le treoir a thabhairt dúinn tríd an bpróiseas agus a chinntiú go mbíonn aird againn ar shláine na bainistíochta tionscadail. Tá tacaíocht á thabhairt ag an bhfoireann digiteach don chur chuige leis na riachtanais á gur i bhfeidhm againn inár gcóras reatha SugarCRM. Sa chéad chéim eile déanfar diantástáil ar an gcur chuige i dtionscadail de chineálacha éagsúla. Déanfaidh comhcheangal seo a chinntiú, de réir a chéile, go mbíonn greim ag an gcur chuige san eagraíocht agus go bhfeiceann an fhoireann a luachmhaire agus atá sé.

## CUMARSÁID

Faoi dheireadh, leanann Líonra Idirchaidrimh na Foirne, atá eascaithe ag an bhFoireann Feabhsaithe Gnó, le cumarsáid dhéthreo a sholáthar le hionadaithe ó gach réimse oibre le feabhsuithe éifeachtacha ar ghnó a chinntiú. Cuireadh grúpaí fócais foirne ar siúl i mí na Samhna le haiseolas a fháil ar an mbealach is fearr le feabhas a chur ar ár samhail oibriúcháin reatha, a tugadh isteach in Aibreán 2016. Beidh seo mar chuid de thuarascáil níos cuimsithí i 2018. Déanadh an dara suirbhé ar an bhfoireann i mí na Nollag 2017 agus tá anailís á dhéanamh air faoi láthair d'fhonn gur féidir an fhoireann a chur ar an eolas maidir leis na torthaí agus na moltaí. Téann nuachtlitir mhíosúil foirne amach le ceithre alt gearr trí r-phost i gcomhar leis an Oifig Cumarsáide d'fhonn an fhoireann a choimeád suas chun dáta maidir le dul chun cinn san eagraíocht.






*Foireann Feabhsaithe Gnó*



# STIÚRTHÓIREACHT UM SHEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

## SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Soláthraíonn an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha réimse leathan seirbhísí tacaícohta don Mhéara, do Chomhairleoirí, d'fhoireann agus do bhainistíocht Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh. Chuige sin is í príomhról nó feidhm na Seirbhísí Corparáideacha ná Riarachán Chruinnithe do Chruinnithe Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Cruinnithe Dúiche Chathrach, Cruinnithe Ceantar Bardasach, Cruinnithe an Chomhchoiste Póilíneachta agus Cruinnithe Faisnéise Toghlimistéar Áitiúil. Déanann an Rannóg déileáil freisin le Clár na dToghthóirí, Deontais Ardoideachais, Saoráil Faisnéise, Oifig an Ombudsman, seirbhísí tacaíochta don Mhéara, Caidreamh Nasctha / Comhchathrach, Fáiltiú Cathartha agus Méarachta, Plean Corparáideach, Scéim na Gaeilge, Polasaí agus Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí agus réimse leathan seirbhísí coimhdeacha a bhaineann le gnó na Comhairle.



## CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ 2017/2018

Déantar Clár na dToghthóirí a nuashonrú agus a chur ar fáil gach bliain agus is é atá ann liosta de gach duine os cionn 18 bliana d'aois a bhfuil cónaí orthu sa Chathair agus sa Chontae atá i dteideal vóta a chaitheamh i dToghcháin Dála, Toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, Uachtaránacha, i dToghcháin Áitiúla agus i Reifrinn. Is é an dáta foilsithe do Bheochlár na dToghthóirí ná 1ú Feabhara agus tagann an Clár i bhfeidhm ar an 15ú Feabhra gach bliain.

I 2017 bhí dhá Dháilcheantar i Luimneach. Ba mar seo a leanas a bhí na dáilcheantair agus líon na Suíochán Dála i ngach ceann acu:

- Cathair Luimnigh — 4 Shuíochán
- Contae Luimnigh — 3 Shuíochán

Bhí 136,152 Toghthóir Uachtaránachta agus 141,753 Toghthóir Rialtais Áitiúil ar Bheochlár na dToghthóirí 2016/2017 a foilsíodh ar an 1ú Feabhra 2016 agus tá na Toghthóirí Rialtais Áitiúil roinnte mar seo a leanas idir na sé Toghlimistéar Áitiúil:-

| | |
|---|---|
| Áth Dara – Ráth Caola | 22,886 |
| An Cheapach Mhór-Cill Mocheallóg | 27,443 |
| Cathair Luimnigh Thoir | 28,366 |
| Cathair Luimnigh Thuaidh | 21,259 |
| Cathair Luimnigh Thiar | €10,000 €30,000 |
| An Caisleán Nua | 21,644 |

Is féidir leis an bpobal a sheiceáil an bhfuil siad cláraithe i gceart ar Chlár na dToghthóirí le fiosrú a dhéanamh ar líne ag: www.checktheregister.ie. Má bhíonn a sonraí míchruinn nó mura mbíonn siad cláraithe, is féidir leo foirm iarratais a lorg ach r-phost a chur chuig: registerofelectors@limerick.ie

## DEONTAIS ARDOIDEACHAIS

Rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Deontais Ardoideachais a riaradh d'Athnuachan amháin don bhliain acadúil 2016/2017. Déanadh gach iarratas nua ar Dheontas Ardoideachais do mhic léinn a d'aistrigh chuig cúrsa eile a phróiseáil trí an údaras bronnta amháin Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI).

Rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh próiseáil ar 7 iarratas. Ba é iomlán an chaiteachais ná €30,555.00 agus áiríodh anseo €4050.00 a íocadh as Ráta Speisialta de Dheontais Chothabhála. Bronnadh an Ráta Speisialta de Dheontas Cothabhála ar 2 mac léinn i 2016/2017.

## AONAD OILIÚNA SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

Aistríodh feidhmeanna oiliúna Sláinte & Sábháilteachta go foirmeálta ó Acmhainní Daonna go Seirbhísí Corparáideacha i mí Iúil 2017. Ar ghníomhaíochtaí oiliúna Sláinte & Sábháilteacha Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh do 2017 bhí:

- Forbairt agus forfheidhmiú ar Oiliúint Sláinte & Sábháilteachta mar fheidhm lárnach laistigh de Sheirbhísí Corparáideacha.
- Polasaithe agus Gnásanna Oiliúna Sláinte agus Sábháilteachta a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm.
- Tugtar imlíne sa liosta seo a leanas ar an oiliúint sláinte agus sábháilteachta a sholáthraíodh don fhoireann i rith 2017:

| Ainm an Chúrsa | Iomlán |
|---|---|
| Uirlisí Cumhachta De Walt | 46 |
| CPC Tiománaí | 128 |
| Oiliúint ar Shábh Slabhrach | 30 |
| Síniú, Soilsiú agus Gardáil | 39 |
| An Chéad Fhreagróir Éigeandála | 9 |
| Freagróir Garchabhrach | 25 |
| Garchabhair ag an Obair | 10 |
| Cúrsa Athnuachana Garchabhrach | 3 |
| Oiliúint Mhaor Dóiteáin | 64 |
| Láimhsiú | 392 |
| Cúrsa Athnuachana ar Ghaireas Análaithe | 90 |
| Caiteoirí Tosaigh Ghaireas Análaithe | 3 |
| Pas Shábháilte | 59 |
| Roithleáin Scríobacha | 181 |
| Feasacht i leith Aispeiste | 53 |
| Oibreoirí Seirbhíse Geimhridh | 20 |
| Measúnóir Chóras Cóireála Dramhuisce | 21 |
| MEWP (Oiliúint Oibre Ardáin Ardaithe Soghluaiste) | 2 |
| Láimhseáil Chlóirín | 6 |
| Tiomáint Rollóra | 41 |
| Próiseas Íonaithe Uisce | 2 |
| Scileanna Cigireachta WERLA | 6 |
| Dearadh Sealadach Bainistíochta Tráchta | 16 |
| Sábháilteacht agus Measúnú ar Chóireáil Dramhuisce | 2 |
| Oilteoir Chathaoirligh EVAC | 1 |
| Teagascóir ar Roithleáin Scríobacha | 1 |
| Rialú Scéite Chaomhnaithe Uisce | 1 |
| Suirbhéir Innéacs Bhail Dhromchla Chosáin | 4 |
| Teagascóir Oibre ar Airde | 1 |
| Déileáil le Fadhbanna Cóireála Uisce | 1 |
| Maoirseoir Tionscadail Thógála PSCS | 11 |

## IARRATAIS SAORÁLA FAISNÉISE

Is é polasaí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh rochtain a thabhairt don phobal ar fhaisnéis atá ag an Údarás de réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014. Tá tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle https://www.limerick.ie/council/services/your-council/ saoráil faisnéise

I 2017 déanadh 197 iarratas faoi Acht um Shaoráil Fiasnéise 2014 chuig Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh:

Cinntí:

| | |
|---|---|
| Arna dheonú | 56 |
| Arna Dheonú i bpáirt | 90 |
| Diúltaithe | 36 |
| Aistarraingthe | 10 |
| Aistrithe | 2 |
| Cásanna beo ar an 31ú Nollaig 2017 | 15 |

## IARRATAIS CHUIG AN OMBUDSMAN

Bunaíodh Oifig an Ombudsman faoi Acht an Ombudsman 1980. Is é an ról atá aici iniúchadh a dhéanamh ar ghearáin faoi ghníomhaíochtaí riarachaín, moill nó easpa gníomhaíochta le drochthionchar ar dhuine nó ar chomhlacht ina ndéileáil le comhlachtaí stáit ar a n-áirítear Údaráis Áitiúla.

I 2017, rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh déileáil le 29 gearán a déanadh leis an Ombudsman maidir le cinntí/gníomhaíochtí a rinne an Chomhairle.

## ROCHTAIN AR FHAISNÉIS AR AN GCOMHSHAOL

Feidhmíonnn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh de réir na Rialachán um Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol 2007 go dtí 2014, mar a gcaithfear, faoi réir eisceachtaí áirithe, faisnéis a bhaineann leis an gComhshaol a chur ar fáil nuair a iarrtar í. I 2017, fuair Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh hocht n-iarratas.

## SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

Ar phríomhghníomhaíochtaí Sláinte agus Sábháilteachta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh do 2017 áirítear:

- Clár oibre bliantúil a chríochnú.
- Déanadh 58 eachtra a thaifead i 2016 ar bhain 19% acu le foréigean agus iompar bhagrach in aghaidh fhostaithe agus bhain 36% acu le trealamh a úsáid.
- Fuair os cionn 1268 fostaí oiliúint ar shláinte agus sábháilteacht a bhain lena gcuid oibre.
- Le feabhsú leanúnach agus bainistiú ar ár rioscaí suntasacha a léiriú tugadh deich bPolasaí agus Nós Imeachta nua Sláinte agus Sábháilteachta isteach.
- Le tomhas a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht sláinte agus sábháilteachta déanadh 541 cigireacht ar na gníomhaíochtaí ar fad.

## NASCADH

Tháinig toscaireacht oifigiúil de dhuine agus daichead ó Hohenlohekreis, An Ghearmáin, faoi threoir Landrat Hohenlohekreis, an Dr. Matthias Neth, go Luimneach ar thuras oifigiúil ón 30ú Meán Fómhair go dtí 3ú Deireadh Fómhair 2017.

Bhí Comhairle Contae Luimnigh nasctha le Hohenlohe do thréimhse 25 bliain roimh an gcónascadh agus lean an gaol idir Hohenlohekreis agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

Nuair a bhí siad i Luimneach thug an Toscaireacht cuairt ar mhórán áiteanna suntasacha m.sh. An Músaem Bád Aer, Faing, Aillte an Mhothair, Caisleán Bhun Raite, Caisleán an Rí, Ionad Oidhreachta Loch Goir agus Músaem John F. Kennedy sa Bhrú.
Bhí roinnt cruinnithe i gceist leis an gcuairt le neartú a dhéanamh ar na naisc eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha idir Hohenlohe na Gearmáine agus Luimneach. Bhí ceann de na cruinnithe sin leis an Dr. Briga Hynes, Ceann na Roinne Bainistíochta agus Margaíochta, Ollscoil Luimnigh. Tá Erasmus agus comhpháirtíocht fhoirmeálta ag an Rinhold Wurth Hochschule i Kunselsau, ar é Dámh na Teicneolaíochta agus na hEacnamaíochta in Ollscoil Heilbronn é, le hOllscoil Luimnigh ó Earrach 2017 agus anois is mian leis an Dámh i Kunselsau cur leis an gcomhpháirtíocht go n-áireofaí an réimse margaíochta agus ba mhaith leo caidreamh a bhunú idir Scoil Ghnó Kemmy agus a Roinn Bainistíochta agus Margaíochta d'fhonn comhoibriú agus cairdeas a bhunú agus a fhorbairt leis an Scoil.

Bhí cruinniú eile ann leo seo a leanas ag Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh – Paschal Meehan, Ceann na Dáimhe Eolaíochta Feidhmeach, Innealtóireachta agus Teicneolaíochta, an Dr. Frances Hardiman, Ceann Roinne agus Keith Moloney Léachtóir sa Roinn Innealtóireachta Leictreach & Leictreonach agus Garrett Greene, Oifigeach Idirnáisiúnta. Bhí an cruinniú ann le nasc innealtóireachta agus teicniúil a bhunú idir Hohenlohe agus Luimneach.

D'fhreastal baill den toscaireacht freisin ar chruinniú le hoifigigh ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le plé a dhéanamh ar mhéadú agus ar neartú na gceangal idir Luimneach agus Hohenlohekreis.






*Cuairt ar Luimneach ag an toscaireacht ó Cheantar Hohenlohe na Gearmáine. Tá Hohenlohe nasctha le Luimneach ó 1990 nuair a shínigh Comhairle Contae Luimnigh agus Ceantar Hohenlohe comhaontú comhpháirtíochta maidir le naisc a chothú agus a chur chun cinn idir an dá réigiún.*





*Fáiltiú á óstáil ag an gComhairleoir Stephen Keary, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, don toscaireacht ó Hohenlohe, an Ghearmáin.*

## COMHCHATHRACHA

Tá Gaol Chomhchathracha ag Luimneach le Spokane i Stát Washington, New Brunswick i New Jersey le blianta fada.

Ar phríomhchuspóirí an chaidrimh tá cairdeas a chothú agus a spreagadh chomh maith le comhthuiscint idir an dá chathair agus imeachtaí a bhaineann le cultúr na hÉireann a thabhairt chuig Spokane. Tharla go leor comhfhreagrais agus cuairteanna agus déanadh ceangail idir na cathracha a fhorbairt ó síníodh an chéad chomhaontú i 1990.

Thug an Méara Condon ó Spokane cuireadh do Mhéara Chathair agus Chontae Luimnigh cuairt a thabhairt ar Spokane le bheith mar Cheann Feadhna Oinigh ar an Lilac Festival Armed Forces Torchlight Parade agus freastal ar Dhinnéar an Uachtaráin. Ghlac Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, an Comhairleoir Kieran O'Hanlon le cuireadh an Mhéara Condon agus thaisteal sé chuig Spokane ón 17ú - 21ú Bealtaine, 2017. Agus é ann d'fhreastal an Méara O'Hanlon ar chruinniú Bricfeasta ag Eastern Washington University atá nasctha le hOllscoil Luimnigh. Ag freastal ar an gcruinniú sin freisin bhí Baill ón mBord Iontaobhaithe, an Cathaoirleach Jim Murphy (Ball de Bhord Luimnigh), Maureen Peterson agus Tim Higgins (Bord Luimnigh); an tUachtarán Oirthearach Mary Lynch Cullinan agus Catherine Dixon, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Oifig na dTionscnamh Domhanda. Chuaigh sé ar thuras freisin ar an Ionad Dramhail go Fuinneamh ag West Plains agus bhí cruinniú aige le Méara Spokane, David Condon. D'fhreastal sé ar Fháiltiú i Halla Cathrach Spokane freisin a bhí á óstáil ag an Méara, Uachtarán na Comhairle agus Comhairle Cathrach Spokane.

## LÁ NÁISIÚNTA COMÓRTHA

Rinne an Chomhairle óstáil ar Lá Searmanais Chomórtha ar an Domhnach 9ú Iúil, 2017 in onóir na nÉireannach sin, idir fhir agus mhná, a fuair bás i gcogaí nó ar seirbhís leis na Náisiúin Aontaithe. Ba í seo an seachtú bliain a tionóladh an sermanas ag Cé na gCeannaithe le breis agus 400 duine ag freastal air. Rinne an 12ú Cathlán Coisithe, Beairic an tSáirséalaigh, Garda Onóra a sholáthar agus chuir onóracha ar fáil agus an Bhratach Náisiúnta á cur in airde go barr crainn. Chuir ionadaithe ón Eaglais Chaitliceach Rómhánach, Eaglais na hÉireann, an Eaglais Aontaithe Phreispitéireach agus Mheitidisteach, an Pobal Giúdach agus na Pobal Ioslamach comóradh ilchreidimh ar siúl a raibh an Comhairleoir Stephen Keary, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh i gceannas air.

Bhí an ceol ag an imeacht an-chorraitheach a bhí á sholáthar ag Cór atá bunaithe i Luimneach "The Curraghgower Singers" faoi threoir an Stiúrthóra Cóir Timothy Schinnick. Rinne os coinn 80 Ball den Chór freastal ar an searmanas. Ar an hamhráin bhí "River in Judea" agus " Let the River Run" a bhí an-oiriúnach don ócáid. Rinne an píobaire uilleann – Michael O´Connell, an buabhallaí – Martin Doyle agus an drumadóir – Sadhbh Ryan, píosaí indibhidiúla a sheinm rud a chuir go suaithinseach leis an ócáid.



*Lá Náisiúnta Comórtha*



## CARTLANN

D'fhoilsigh Cartlann Luimnigh 'Pigtown: A History of Limerick's Bacon Industry' i mí Feabhra 2017 le sonraí á dtabhairt ar stair thionscal an bhagúin a raibh an-cháil air i Luimneach nuair a bhí ceithre mhonarcha bagúin ag feidhmiú i gcroílár na cathrach.

D'Oíche Chultúir 2017, rinne Cartlann Luimnigh óstáil ar thaispeántas a bhain le stair mhíleata Luimnigh, a lean go dtí deireadh Mheán Fómhair. Bhí a lán ábhair nua agus uathúil sa taispeántas, mar na fir as Luimneach a throid sa Dara Cogadh Domhanda, chomh maith leis an gCogadh i Vietnam.

Thug Cartlann Luimnigh faoi mhórthionscadal i 2017 a bhain le digitiú. Bhain trí phríomhghné leis an dtionscadal a bhí dírithe orthu seo a leanas. Sa chéad áit, déanadh athchóiriú iomlán ar an spás ar líne a bhí ag Cartlann Luimnigh ar Limerick.ie.

Cheadaigh an t-athchóiriú seo, ag teach le leagan amach an tsuímh nua, cruth nua a chur ar acmhainní ar líne Chartlann Luimnigh. Sa dara háit, rinneamar digitiú agus uaslódáil ar chuid de na bailiúcháin nach raibh ar fáil don phobal ar spás ar líne roimhe seo. Áiríodh orthu seo leabhair mhiontuairiscí Chomhairle Contae Luimnigh go dtí na 1970dí, agus leabhair mhiontuairiscí Chruinniú Speisialta Chomhairle Luimnigh. Sa tríú háit, d'éirigh linn acmhainn nua ar líne a chruthú a cheadaigh don úsáideoir féachaint ar gach tionscadal ar thugamar futhu ó 2010. Déanadh uaslódáil ar leaganacha digiteacha dár dtaispeántas ar Lása Luimnigh, Ranks Mills, agus a lán eile, agus ríomhleabhair nua á gcruthú freisin dár mbailiúchán fairsing foilseachán. Cuireadh lucht léite nua ar fáil do mhórán de na leabhair sin atá as cló nuair a foilsíodh go digiteach iad..



*William O´ Neill, Scoláire Chartlainne Luimnigh agus Jacqui Hayes, Cartlannaí*



*Ruth Guiry, Údar Pigtown, foilsithe ag Cartlann Luimnigh*

## PLEAN CORPARÁIDEACH

Glacadh le Plean Corparáideach 2015-2019 ar an 23ú Márta, 2015.


### ÁR STRAITÉIS

**Déanfaimid:**

- Muintir Luimnigh a chumasú le bheith rannpháirteach i bhforbairt a bpobal, idir uirbeach agus tuaithe.
- Timpeallacht ar son gnó a chruthú d'fhorbairt gheilleagrach inbhuanaithe agus do chruthú jabanna.
- Múnla nua a chruthú do rialachas áitiúil agus soláthar seirbhíse bunaithe ar bharr feabhais i gceannasaíocht na Comhairle.

**Ár nAidhmeanna:**

- Comhairle Cathrach agus Contae a thógáil a aithnítear a bheith uaillmhianach do mhuintir Luimnigh
- A bheith rannpháirteach go gníomhach lenár bpobail.
- Oibriú lenár gcomhleacaithe ar fud na hearnála poiblí agus lenár gcomhpháirtithe san earnáil phríobháideach le comh-thiomantas a sholáthar do Luimneach faoi mar atá leagtha síos i gCairt Luimnigh.
- Ár ngeilleagar a fhás agus deiseanna a sholáthar i Luimneach.
- A bheith éifeachtach agus tiomanta seirbhísí a sholáthar a thacóidh le Luimneach nuálach.
- Infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar Luimnigh agus a timpeallacht nádúrtha agus tógtha agus a hoidhreacht uathúil a chosaint.
- Cur chun cinn a dhéanamh ar Luimneach atá comhtháite go sóisialta, atá sláintiúil agus sábháilte.



2015-2019 CORPORATE PLAN

OUR VISION

Limerick City & County Council seeks to define the Limerick we all desire to live, work, invest in & enjoy over the coming five years.

Our Vision

- That the people of Limerick are supported by a professional, proactive and accessible local government structure which is at the heart of a wider public service.
- That Limerick is acknowledged for the inclusive participation of all citizens in the development of their community.
- That Limerick is the desired location for business development, cultural enrichment and educational opportunity.
- That Limerick and the Mid-West are competitive with other European locations in terms of business, tourism, quality of life and investment.


# Our Values

Democratic
Ethical
Respectful
Impartial
Accountable
Transparent
Participative
Open
Innovative
Efficient
Trust
Effective
Flexible
Ambitious
Equality
Fair
Accessible



## ÁR STRUCHTÚR

Táimid chun an rud ceart a dhéanamh trí na rudaí a dhéanamh i gceart.




| Costas & Úsáid Fuinnimh 2017 Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh | €uro |
|---|---|
| 2017 Caiteachas Iomlán ar Fhuinneamh | €3,541,977 |
| 2017 Leictreachas - Caiteachas Iomlán Bliantúil | €2,451,245 |
| 2017 Leictreachas - Caiteachas Bliantúil ar Sheirbhísí Uisce | €47,795 |
| 2017 Leictreachas - Caiteachas Bliantúil ar Shoilsiú Poiblí | €1,674,831 |
| 2017 Leictreachas - Seachas uisce & PL | €728,619 |
| 2017 Breosla don Bhóthar (díosal / peitreal / bithbhreosla) - Caiteachas Iomlán Bliantúil | €890,059 |
| 2017 Breosla do Théamh (gás / ola / bithmhais) - Caiteachas Iomlán Bliantúil | €193,295 |
| 2017 Breoslaí iontaise ilghnéitheacha eile (sml lpg etc) - Caiteachas Iomlán Bliantúil | €7,378 |

| 2017 Fuinneamh de Réir Úsáide | MWh |
|---|---|
| 2017 Eangach Leictreachais MWh | 16,451.3 |
| 2017 Breoslaí Iontaise MWh | 12,064.7 |
| 2017 Fuinneamh In-athnuaite - MWh | 44.7 |
| **Fuinneamh Iomlán MWh** | **28,560.7** |



# ACMHAINNÍ DAONNA




I rith 2017 lean an Rannóg Acmhainní Daonna le réimse tacaíochta a sholáthar dár n-acmhainn is luachmhaire – ár bhfoireann. Cuireadh tacaíocht ar fáil dár ndaoine ar mhórán slite, cibé acu ár gclár Foghlama agus Forbartha a bhíonn i gceist, ár bpolasaithe a Thacaíonn le Teaghlaigh nó comhchaidreamh bisiúil a chothú lenár gCeardchumainn.

## FOGHLAIM AGUS FORBAIRT

- Déanann an tAonad Foghlama agus Forbartha, a bunaíodh i rith 2017, bainistiú ar fhoghlaim agus ar fhorbairt agus ar iarratais ar bhreisoideachas a fhaightear ón bhfoireann tríd a bPlean Forbartha Pearsanta. Soláthraíodh na deiseanna seo a leanas don fhoireann i 2017. (Ag fágáil gach Oiliúint Sláinte & Sábháilteachta ar Lár)
  - Oiliúint Riachtanach – cuireadh 54 cúrsa ar siúl le 774 rannpháirtí.
  - Breisoideachas – tugadh tacaíocht dhíreach do 16 ball foirne.
- Tionscnaimh leasa/folláine – cuireadh 17 imeachtaí ar siúl le 322 duine ag freastal othru.
  - Machnamhacht.
  - Caint Shábháilte.
  - Ceardlann ar Aire a Thabhairt do do Shláinte Intinne.
  - Déileáil le Méala.
  - Faisnéisiú ar Chothú na Sláinte, .i. eolas ar scagthástáil sláinte;
  - BreastCheck – Seiceáil Cheirbheachais – Bowel Screen – Diabetic Retina.
- Pleanáil do Lucht Scoir – cuireadh 2 sheimineár ar siúl (2 x 2 lá). Déanadh freastal maith ar ár gcláir pleanála do lucht scoir agus soláthraíodh eolas tábhachtach agus úsáideach don fhoireann ar mhian leo pleanáil chun cinn le héascú a dhéanamh ar an athrú sin.
- 170 Dearbhán Radharc na Súl eisithe.
- Próiseáil déanta ar 3 iarratas faoin Scéim Sábhála Chánach.
- Próiseáil déanta ar 38 Scéim um Rothaíocht chun na hOibre
- 4 Chruinniú maidir le Comhpháirtíocht san Ionad Oibre.

## BEARTAIS MAIDIR LE COTHROMAÍOCHT OIBRE/SAOIL

Cuireadh réimse scéimeanna cothromaíochta oibre is saoil ar fáil dár bhfostaithe. Áirítear orthu seo Saoire Thuismitheoireachta, Comhroinnt Oibre, Bliain Oibre níos Giorra agus rogha maidir le Sos Gairme a thógáil. I rith 2017, bhain 245 fostaí leas as na scéimeanna éagsúla.

## CÓRAS BAINISTÍOCHTA ACMHAINNÍ DAONNA (CORE)

Thosaigh an Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna ag feidhmiú i rith 2017.

## SEIRBHÍSÍ COMHROINNTE

I rith 2017, leanadh le hobair ullmhúcháin maidir le riarachán phinsin na Comhairle a aistriú to MyPay, Seirbhísí Comhroinnte phárolla/aoisliúntais rialtais áitiúil, bunaithe i gComhairle Contae Laoise. Táthar ag súil leis go dtarlóidh an t-aistriú ag deireadh Bealtaine/go luath sa Mheitheamh 2018.

## OIFIGEACH ROCHTANA

Cuireadh le ról an Oifigigh Rochtana maidir le cabhrú le custaiméirí atá faoi mhíchumas rochtain a fháil ar sheirbhísí na Comhairle, ar fhoirgnimh agus ar eolas trí aontú ar chlár oibre le Cónaidhm na hÉireann um Míchumas, a chuirfear i bhfeidhm i 2018. Áirítear sa chlár oibre:

- Oiliúint fheasachta ar mhíchumas don fhoireann túslíne
- Tacaíocht a thabhairt agus cur chun cinn a dhéanamh ar an gclár Make Way Day.
- Rannóg mhíchumais a chur ar Limerick.ie
- Clár socrúchán oibre mar a aontaíodh le hInfhostaitheacht Luimnigh do dhaoine atá faoi mhíchumas.

Tosaíodh ar Mhóráireamh Míchumais na Foirne i 2017, de réir riachtanais an Údaráis Náisiúnta Mícumais maidir leis an gceist seo.

## EARCAÍOCHT

Ba bhliain ghnóthach eile í 2017 ó thaobh na hEarcaíochta de. Cuireadh 64 comórtas ar siúl.
Ar na comórtais a cuireadh ar siúl, bhí Luimneach mar phríomhúdarás i bpróiseas réigiúnach Oifigigh Chléireachais, ag obair le Comhairle Contae an Chláir agus Comhairle Contae Thiobraid Árann. Críochnaíodh mórphróiseas earcaíochta Oibrithe Ginearálta freisin i rith 2017.

Ciallaíonn an fócas láidir atá ar Earcaíocht go bhfuilimid i ndea-riocht maidir le pleanáil d'fhórsa saothair sa todhchaí, ag cur ar ár gcumas tógáil ar ár n-acmhainn agus sinn féin a chur sa riocht le freagairt do riachtanais ár bpobal a bhíonn ag síorathrú.

Leagann ár Sceideal Earcaíochta, a fhoilsítear go tráthrialta, ár bplean earcaíochta amach do na seachtainí agus na míonna atá romhainn. Do na daoine sin a bhíonn ag ullmhú iarratais, tá físeáin ullmhúcháin d'agallamh agus ár ár leabhrán le hullmhú d'agallamh ar fáil in aisce go chách, ag ár nArdán Foghlama agus Forbartha ag htt



# SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

## ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS

Ráiteas Bliantúil Airgeadais don Bhliain Airgeadais dar críoch 31ú Nollaig

## ATHBHREITHNIÚ AR AN GCLÁR COMHARDAITHE

Léiríonn an Clár Comhordaithe a chuirtear i láthair go raibh Sócmhainní Seasta de €3,266,124,381 ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Obair idir Lámha de €74,935, 749 ag an 31 Nollaig 2017.

Ba é an t-ioncam caipitiúil i 2017 ná €106.11m. Ba laghdú de €2.72m é se oar fhigiúr 2016 de €108.83m. B'ionann deontais agus 74% den ioncam caipitiúil i 2017, le 7.8% mar mhaoiniú trí mheán iasachtaí.

D'éirigh níos fearr leis na céatadáin bhailiúcháin do Rátaí Tráchtála agus Cíosanna Tithíochta i 2017 ná mar a rinne i 2016 le céatadán na mbailiúchán d'Iasachtaí Tithíochta faoi bhrú go leanúnach (féach Aguisín 7 den AFS do na figiúirí).

## ATHBHREITHNIÚ AR CHAITEACHAS IONCAIM

Ba é an caiteachas ioncaim don bhliain ná €340,672,244 roimh aistriú. B'ionann aistriú chuig cúlchistí agus €12,830,894 ag tabhairt figiúr don chaiteachas iomlán do 2017 de €353,503,138. Tá sonraí den chaiteachas breise thar an mbuiséad ar glacadh leis ag leibhéal Seirbhíse leagtha amach sa tuarascáil chuig an gComhairle faoi Alt 104 d'Acht Rialtais Áitiúil 2001 (mar a leasaíodh le hAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014), a dháilfear ar an gComhairle. Ba é ioncam na bliana ná €353,504,992 ar ar tháinig barrachas ioncaim do 2017 de €1,853. Nuair a chuirtear sin leis an mbarrachas oscailte de €810,407 tugtar barrachas carnach ag 31 Nollaig 2017 de €812,260.

Tá an párolla ar an gcostas is suntasaí i gcónaí le costas iomlán an phárolla i 2017 ag €68,598,836. Baineann an t-athrú a tharla idir 2016 agus 2017 den chuid is mó le méadú ar chaiteachtas oibríochtúil ó HAP agus méadú i bpinsin / aiscí. Leanfar le scrúdú a dhéanamh ar an gcostas pá agus ar líon na foirne i rith 2018 d'fhonn tuilleadh sábhála a aithint nuair is féidir é.

Tugtar achoimre ar chaiteachas de réir phríomhréimse caiteachais mar seo a leanas:

| | 2017 | % of Caiteachas | 2016 | % de Caiteachas |
|---|---|---|---|---|
| | € | % | € | % |
| Párolla | 68,598,836 | 19.4% | 66,339,116 | 29.0% |
| Costais oibriúcháin | 248,712,196 | 70.4% | 126,155,631 | 55.2% |
| Costais riaracháin | 11,427,313 | 3.2% | 9,074,655 | 4.0% |
| Costais bhunaithe | 2,796,870 | 0.8% | 2,677,393 | 1.2% |
| Costais airgeadais | 4,041,425 | 1.1% | 3,328,338 | 1.5% |
| Ilghnéitheach | 5,095,603 | 1.4% | 4,896,161 | 2.1% |
| Aistriú chuig cúlchistí | 12,830,894 | 3.6% | 15,907,053 | 7.0% |
| **Caiteachas Iomlán** | **353,503,138** | **100%** | **171,379,819** | **100%** |

## ATHBHREITHNIÚ IONCAIM

Ba é ioncam na bliana ná €353,504,992. B'ionann seo agus laghdú €125,076,129 ar an ioncam iomlán i 2016 (€228,428,863). Tugann an tábla seo a leanas achoimre ar an príomhfhoinsí ioncaim:

| | 2017 | | 2016 | |
|---|---|---|---|---|
| | € | % | € | % |
| Deontais & Fóirdheontais | 182,956,027 | 52% | 93,685,313 | 41% |
| Ranniocaíochtaí ó údaráis áitiúla eile | 3,098,927 | 1% | 2,699,688 | 1% |
| Earraí & Seirbhísí | 93,994,945 | 27% | 64,180,872 | 28% |
| | **280,049,899** | **79%** | **160,565,873** | **70%** |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 19,121,272 | 5% | 14,625,159 | 6% |
| Rátaí | 53,750,219 | 15% | 50,965,698 | 22% |
| Asbhaint a Bhaineann le Pinsean | - | 0.0% | 2,053,048 | 1% |
| Aistriú ó Chúlchistí | 583,602 | 0.2% | 219,084 | 0.1% |
| **Ioncam Iomlán** | **353,504,992** | **100%** | **228,428,863** | **100%** |

Bhí roinnt réimsí ioncaim ag feidhmiú sa bhreis ar an mbuiséad i 2017 le barrachas ioncaim thar an mbuiséad. Ach go háirithe chuir an íocaíocht ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha le dea-thoradh de réir buiséide. Ba mhaith liom iarrachtaí suntasacha na foirne sna rannóga seo a mholadh maidir le breis ioncaim a ghiniúint. Tá an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) mar phríomhchúis leis an meádú ar ioncam ó Earraí agus Seirbhísí.

## ACHOIMRE

Is é an barrachas ioncaim do 2017 ná €1,853. Mar thoradh ar sin tá an barrachas ioncaim charntha ag deireadh 2016 tar éis méadú go dtí €812,260 i gcomparáid le €810,407 ag deireadh 2016. Is léiriú an-dearfach é an barrachas carnach a choimeád ar iarrachtaí na mball tofa agus na foirne staid airgeadais Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh a bhainistiú, agus léiríonn sé freisin iarrachtaí leanúnach na foirne i gComhairle Cathrach & Contae Luimnigh le luach níos fearr ar airgead a bhaint amach agus méadú ar éifeachtúlacht go foriomlán.



## RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH

### (RÁITEAS AR AN GCUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG

Tugann an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais le chéile gach ioncam a bhaineann le hioncam agus caiteachas.

Léiríonn sé barrachas/(easnamh) don bhliain. Léirítear aistriú chuig/ó chúlchistí go scartha seachas de réir rannáin seribhíse.

## CAITEACHAS DE RÉIR RANNÁIN

| | Ollchaiteachas 2017 | Ioncam 2017 | Glan Caiteachas 2017 | Glan Caiteachas 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Tithíocht & Tógáil | 224,953,268 | 225,552,137 | (598,869) | (1,336,512) |
| Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre | 36,433,088 | 17,974,160 | 18,458,929 | 15,250,057 |
| Seirbhísí Uisce | 12,629,352 | 12,717,764 | (88,412) | (75,385) |
| Bainistíocht Forbartha | 15,108,265 | 6,030,685 | 9,077,580 | 7,481,365 |
| Seirbhísí Comhshaoil | 29,921,392 | 9,153,225 | 20,768,167 | 22,531,588 |
| Áineas & Conláiste | 11,679,541 | 749,318 | 10,930,223 | 10,437,199 |
| Talmhaíocht, Oideachas, | | | | |
| Sláinte & Leas | 1,150,199 | 538,859 | 611,340 | 703,462 |
| Seirbhísí Ilchineálacha | 8,545,557 | 7,176,755 | 1,368,802 | 139,658 |
| **Caiteachas/Ioncam Iomlán** | **340,672,244** | **280,049,899** | | |
| **Glanchostas na Rannóg le maoiniú as Rátaí & Cáin Mhaoine Áitiúil** | | | **60,622,345** | 51,905,420 |
| Rátaí | | | 53,750,219 | 50,965,698 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | | | 19,121,272 | 14,625,159 |
| Asbhaint a Bhaineann le Pinsean | | | - | 2,053,048 |
| **Barrachas / (Easnamh) don Bhliain roimh Aistriú** | | | **12,249,146** | 15,738,485 |
| **Aistriú ó /(chuig) Cúlchistí** | | | (12,247,293) | (15,687,969) |
| **Barrachas /(Easnamh) Foriomlán don Bhliain** | | | **1,853** | 50,516 |
| **Cúlchiste Ginearálta @ 1ú Eanáir 2015** | | | **810,407** | 759,891 |
| **Cúlchiste Ginearálta @ 31ú Nollaig 2015** | | | **812,260** | 810,407 |

## DRÉACHT-RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS
### (CLÁR COMHARDAITHE) AR AN 31 NOLLAIG 2017

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Oibríochtúil | 707,868,114 | 696,412,681 |
| Infreastruchtúir | 2,524,678,353 | 2,519,493,081 |
| Pobal | 13,174,855 | 13,022,422 |
| Neamh-Oibríochtúil | 37,045,061 | 33,154,069 |
| | 3,282,124,381 | 3,266,140,124 |
| **Obair idir Lámha agus Reámhchostais** | 74,935,749 | 47,021,851 |
| **Feíchiúnaithe Fadtréimhseacha** | 73,325,492 | 52,013,709 |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Stoc | 309,352 | 347,335 |
| Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí | 41,084,035 | 25,170,962 |
| Infheistíochtaí Bainc | 70,340,089 | 84,174,364 |
| Infheistíochtaí Bainc | 3,630,808 | 490,400 |
| Airgead faoi Bhealach | 4,827 | 4,827 |
| | 115,369,110 | 110,187,889 |
| **Dliteanais Reatha (Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)** | | |
| Rótharraingt Bhainc | - | - |
| Rótharraingt Bhainc | 59,527,412 | 32,285,843 |
| Léasanna Airgeadais | - | - |
| | 59,527,412 | 32,285,843 |
| **Glansócmhainní / (Dliteanais) Reatha** | 55,841,697 | 77,902,046 |
| **Creidiúnaithe (Suimeanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin)** | | |
| Iasachtaí Iníoctha | 84,441,076 | 81,401,809 |
| Iasachtaí Iníoctha | 0 | 0 |
| Iasachtaí Iníoctha | 2,233,610 | 1,893,531 |
| Iasachtaí Iníoctha | 2,485,181 | 830,697 |
| | 89,159,867 | 84,126,037 |
| **Glansócmhainní** | 3,397,067,452 | 3,358,951,692 |
| **Curtha i láthair ag** | | |
| Cuntas Caipitlithe | 3,282,124,381 | 3,266,140,124 |
| Cuntas Caipitlithe | 73,204,816 | 47,224,666 |
| Cúlchiste Ioncaim Sonraithe | - | - |
| Cúlchiste Ioncaim Sonraithe | 812,260 | 810,407 |
| Iarmhéideanna Eile | 40,925,995 | 44,776,496 |
| **Iarmhéideanna Eile** | 3,397,067,452 | 3,358,951,692 |



# TEICNEOLAÍOCHTAÍ FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE (ICT)

Lean Rannóg TFC Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh le tacú le rannóga a gcuspóirí a bhaint amach i gcaitheamh 2017. In éineacht le gníomhaíochtaí oibríochtúla mar mhonatóireacht ar shlándáil, bonneagar agus córais a chothabháil, agus tacaíocht úsáideora agus deisce a sholáthar i gcaitheamh 2017, tugadh faoi roinnt mórthionscadal.

Ba iad seo cuid de na tionscadail ar tugadh futhu i rith 2017:-

## CÓRAS TEILEAFÓIN CHUMARSÁIDE AONTAITHE VOIP.

Chuir an tionscadal seo córas Teileafóin/Cumarsáide Aontaithe "Den Chineál is Nua-Aimseartha" i bhfeidhm a thacóidh le gnó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh sa todhchaí. Tá sainghnéithe nua ag baint leis le héifeachtúlacht a mhéadú do ghnó agus táirgiúlacht na foirne a spreagadh, agus uasmhéadú leanúnach a dheánamh ar laghdú costais.

Soláthraíonn an Córas nua UC VoIP, mar a soláthrófar 850 teileafón nua thar 16 láithreán, mórán gnéithe nua a chuireann le héifeachtúlacht ghnó, a spreagann táirgiúlacht na foirne agus a dhéanann uasmhéadú leanúnach ar laghdú costais. Áirítear ar na gnéithe nua seo:-

- **Ionad Teagmhála Aontaithe CISCO (Finesse).**
  - Cuireann Ionad Teagmhála Amháin thar roinnt láithreán feabhas ar Eispéireas an Chustaiméara.
  - Cuireann sé gach Custaiméir chuig an acmhainn is oiriúnaí dá riachtanais laistigh den Chomhairle.
  - Eolas fíor-ama ar stádas scuainí na nglaoanna.
  - Tuairisciú Bainistíochta a chabhróidh le cinnteoireacht le feabhas a chur ar eispéireas an chustaiméara.
  - Á úsáid ag Seirbhísí Custaiméara, Ionad Seirbhísí Comhroinnte HAP agus TFC.
- **CISCO Jabber.**

Déanann Cisco Jabber cuíchóiriú ar chumarsáid agus feabhsaíonn sé táirgiúlacht trí sholáthar a dhéanamh ar:-

- Eolaí Teileafóin.
- Teachtaireachtaí Meandracha (IM).
- Comhroinnt Deisce.
- Guthghlaonna agus Físchomhráite.
- Físchomhdháil.
- Láithreacht – ar ionann é agus an fáil a bheadh ar bhaill foirne.

Aimsigh na daoine cearta, féach cibé agus conas atá said ar fáil, agus comhoibrigh ar an mbealach is mian leat.
Mar chuid de chur i bhfeidhm an chórais nua Teileafóin VoIP chuir an Chomhairle uimhir amháin nua i bhfeidhm.

1. Is í an uimhir nua na Comhairle ná 061-556000, in ionad 061-407100 i gCé na gCeannaithe, agus 061-496000 i dTuar an Daill.
2. Beidh an príomhuimhir nua ag feidhmiú i gcomhar leis na seanuimhreacha ar feadh tréimhse (nach bhfuil socraithe fós), go mbeadh deis an an Fhoireann agus ag an bPobal dul i dtaithí ar na huimhreacha nua.


## FÍSCHOMHDHÁIL

Bíonn an fhoireann i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag taisteal idir na hoifigí ag Cé na gCeannaithe agus Tuar an Daill le freastal ar chruinnithe. Tá úsáid neamhéifeachtúil ama i gceist leis seo. Caitheann an fhoireann suas le 5 uair an chloig ag taisteal chuig cruinnithe i gcathracha eile a mhaireann uair an chloig, agus an lá iomlán curtha amú le freastal ar chruinniú.

Le háiseanna físchomhdhála ar ardchaighdeán ar fáil sna seomraí cruinnithe, is féidir leis an bhfoireann freastal ar chruinnithe gan taisteal ó oifig go chéile. Cuireadh trealamh Físchomhdhála isteach i gceithre sheomra cruinnithe I rith 2017 mar a leanas:-

1. Seomra Cruinnithe an Phríomhfheidhmeannaigh, Cé na gCeannaithe.
2. Seomra Boird an Phríomhfheidhmeannaigh, Cé na gCeannaithe.
3. Seomra Oiliúna, Tuar an Dáill.
4. Seomra Comhdhála, 7/8 Sráid Phádraig.

Tá an córas Físchomhdhála comhtháite lenár gcóras Teileafóin VoIP le héascú á dhéanamh ag CISCO Jabber ar Chomhdhálú ó Ríomhaire Pearsanta Deisce nó Ríomhaire Glúine. Cuirfear an gné seo ar fáil don fhoireann iomchuí i rith 2018.




*Radharc ar Sheomra Oiliúna Thuar an Daill & Cur i Láthair faoi mar a bheadh le feiceáil ó Láithreacha Eile Físchomhdhála*

## WI-FI POIBLÍ SAOR IN AISCE LIMERICK.IE

### NA BUNTÁISTÍ A BHAINEANN LE WI-FI POIBLÍ SAOR IN AISCE

- Cuireann sé le 'Luimneach Cliste'.
- Is féidir leis úsáideoirí a Atreorú chuig Limerick.ie a luaithe agus a bhíonn siad nasctha.
- Is féidir é a úsáid le Sonraí a Bhailiú – m.sh. Peil,
- Is féidir leis rochtain ar an idirlíon a sholáthar do dhaoine nach acmhainn dóibh é.
- Is féidir leis cabhrú le turasóirí táillí dianna fánaíochta a sheachaint agus a mbealach a dhéanamh timpeall na cathrach.

## TÁ POINTÍ ROCHTANA WI-FI CURTHA ISTEACH AG NA LÁITHREACHA SEO A LEANAS.

- Tá trí Phointe Rochtana ar Ché an Easpaig/Cé Uí Uallaigh, agus Pointe Rochtana Amháin ag acomhal Sráid Anraí & Rae Bedford.
  - Soláthraíonn siad seo clúdach sna láithreacha seo a leanas:
  - An dá thaobh den tSionainn idir Droichead na Sionainne agus Droichead an tSáirséalaigh.
  - Sráid Anraí ón acomhal le Sráid Mhala go dtí Páirc Ché Artúir.
  - Sráid Thomáis ó acomhal Sráid Uí Chonaill go hacomhal Sráid Chaitríona.
  - Sráid an tSáirséalaigh.
- Pointí Rochtana ag an nGailearaí Ealaíne, Cearnóg an Pheirigh agus Foirgneamh Rannóg na bPáirceanna, Páirc an Phobail.
  - Soláthraíonn siad seo clúdach sna láithreacha seo a leanas:
  - Cearnóg an Pheirigh
  - Áiteanna laistigh de Pháirc an Phobail (Cruthaíonn na crainn deactacht maidir le clúdach iomlán ar an áit)
- Pointe Rochtana Lasmuigh de Stáisiún Cholbaird.
  - Soláthraíonn seo clúdach sna láithreacha seo a leanas:
  - An Plás Lasmuigh de Stáisiún Cholbaird.
  - Sráid Parnell.
- Pointe Rochtana lasmuigh den Oifig Thurasóireachta, Cé Artúir.
  - Soláthraíonn seo clúdach sna láithreacha seo a leanas:
  - Páirc Ché Artúir.
  - Cé Uí Eoghanáin.
  - Sráid Phroinséis.
- Pointe Rochtana ag Acomhal Sráid an Chrúisigh agus Sráid Uí Chonaill.
  - Soláthraíonn seo clúdach sna láithreacha seo a leanas:
  - Sráid an Chrúisigh.
  - Sráid Phádraig.
  - Sráid Uí Chonaill ón acomhal le Sráid Phádraig go dtí an acomhal le Sráid Thomáis.
- Tá Wi-Fi Poiblí Saor in Aisce Limerick.ie ar fáil freisin ag an Músaem, Sráid Anraí.

Beidh iniúchadh á dhéanamh ag TFC ar an bhféidearthacht cur le Wi-Fi Poiblí Saor in Aisce Limerick.ie chuig láithreacha eile i gCathair Luimnigh agus i mBailte Tuaithe i rith 2018.

## FOIREANN TÁIRGIÚLACHTA MICROSOFT OFFICE 2016.

Ag tús 2017, bhí foireann na Comhairle ag úsáid Microsoft Office 2007 do Phróiseáil Focal, Scairbhileoga, agus bogearraí Láithreoireachta. Bhí Outlook Web Access (OWA) in úsáid don r-phost. Tháinig deireadh le saolré an leagan seo de Microsoft Office ar an 10ú Deireadh Fómhair, 2017, agus níor thacaigh Microsoft leis i ndiaidh an dáta sin. Is féidir bogearraí gan tacaíocht úsáid an Chomhairle a fhágáil loochaileach ó thaobh slándála de.




*Tá Rannóg TFC Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tar éis Wi-Fi Poiblí Saor in Aisce a shuiteáil mar Threoirthionscadal.*






*Pointe Rochtana ag Cé Uí Uallaigh.*

Rinne Cannasaí na gCóras Faisnéise cás gnó a ullmhú de foireann Táirgiúlachta Oifige a roghnú agus rinne an Fhoireann Bhainistíochta faomhadh air. Ba í Foireann Táirgiúlachta Microsoft Office rogha na coitiantachta nuair a cuireadh i gcomparáid í le roghanna Open Source de réir critéir éagsúla.
Críochnaíodh próiseas tairisceana faoi dheireadh Meitheamh, 2017. Ullmhaíodh plean tionscadail le MS Office 2016 a chur i bhfeidhm ag tosú i rith Q4-2017. Áiríodh sa bhforfheidhmiú oiliúint 'Getting Started' d'úsáideoirí, a chuir príomhghnéithe na foirne faoi bhráid na n-úsáideoirí. A luaithe agus a bhí na húdáideoirí indibhidiúla oilte cuireadh an leagan nua ar a ríomhairí deisce. Áiríodh sa chur i bhfeidhm seo Microsoft Outlook Client a chur in ionad Outlook Web Access (OWA) le féachaint ar r-phost.

Tá Microsoft Office 2016 comhtháite le gné láithreachta an Chórais nua Teileafóin VoIP.

## TIONSCADAIL SNÁITHÍN

Chuir an rannóg TFC le Líonra Snáithín na Comhairle i rith 2017, ag cur ceithre láthair leis an líonra, le 20 láthair ar fad faoi mar atá leagtha amach:-

- Cé na gCeannaithe go Tuar an Daill
- An Ghráinseach.
- Stáisiún Dóiteáin Sráid Mulgrave
- Iosta Bhóthar na Páirce.
- Rannóg na bPáirceanna, Sráid Éadbhaird.
- Nuáil Luimnigh i LEDP.
- Leabharlann Bhaile an Rósitigh.
- Músaem Nua, Sráid Anraí.
- Oifig Athghiniúna an Taobh ó Thuaidh.
- Teach an Chultúir, Cearnóg an Pheirigh.
- Lissanalta House
- Sráid Phádraig.
- Gailearaí Ealaíne, Cearnóg an Pheirigh.
- Iosta na mBóithre, Bóthar na Páirce.
- Ionad Taifeadta CCTV an Taobh ó Dheas i gComhpháirtíocht Forbartha Fiontair Luimnig.
- Oifig Athghiniúna an Taobh ó Dheas.
- Iosta Tithíochta An Ráth Bhán.
- Leabharlann Thuar an Daill.
- Leabharlann Chrois Theach na Foraire.
- Ionad Fiontar Pobail Mhaigh Rois.

In éineacht le Líonra Achair Fhairsing ar ardluas a sholáthar idir Oifigí na Comhairle, úsáideadh an snáithín seo do rialú tráchta & ceamairí CCTV.

Tá sé ar intinn cur leis an Líonra Snáithín le linn 2018, agus monatóireacht gach ceamara CCTV i Luimneach ar leis an gComhairle iad a thabhairt chuig pointe lárnach amháin.

## TREALAMH GNÍOMHACH

Tá Trealamh Gníomhach, go háirithe Lasca Líonra mar phríomh-chomhpháirt den Líonra IP. Nascann gach críochphointe líonra mar Ríomhairí Pearsanta, Ríomhairí Glúine, Clóirí etc, leis na lasca seo. Déanann na lasca seo sonraí a dháileadh idir gach gléas agus an líonra, agus gan iad, nó i gcás teip, ní bheadh rochtain ag críochphointí ar aon chóras líonra ná sonraí.

Ba ghá athsholáthar a dhéanamh ar Lasca Líonra i roinnt Oifigí de chuid na Comhairle toisc go raigh an trealamh sean, agus i gcásanna áirithe bhí aga neamhfhónaimh i gceist de dheasca neamhiontaofachta agus teip. I rith 2017 déanadh athsholáthar ar Threalamh Gníomhach ag roinnt láithreacha, agus rinne seo éascú freisin ar 'Power over Ethernet (PoE)' don Chóras nua Teileafóin VoIP. Thug PoE an cumas cumhacht a sholáthar do na teileafóin ag úsáid cháblaí sonraí an líonra, ag aislúbadh na sonraí chuig an Ríomhaire Deisce tríd an teileafón. Leis an modh seo níor ghá ach leath den na cáblaí líonra (le leath de na Lasca Líonra de dhíth dá réir), agus deireadh leis an ngá le cáblaí cumhachta ar leith do theileafóin.

Déanadh athholáthar ar na Lasca Líonra ag na láithreacha seo a leanas:

- Cé na gCeannaithe.
- Tuar an Daill.
- Lissanalta House.
- An Ghráinseach.
- Stáisiún Dóiteáin, Sráid Mulgrave.
- Athghiniúint an Taobh ó Thuaidh.
- Iosta Bhóthar na Páirce.
- Rannóg na bPáirceanna, Sráid Éadbhaird.

Baineadh athsholáthar na Lasca Líonra go léir amach le beagán nó gan aon chur isteach ar an bhfoireann de bharr solúbthachta agus dea-thoil na Foirne TFC ag obair lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre.

## UASGHRÁDÚ AR LÍONRA ACHAIR FHAIRSING

Críochnaíodh an soláthar le huasghrádú a dheánamh ar an Líonra Achair Fhairsing, a thosaigh ag deireadh 2016, ag tús 2017, leis an gconradh sínithe i Meitheamh 2017. Tosaíodh ar fheidhmiú céimneach ag deireadh 2017 Ráithe 1, 2018.

- Áirítear gach suíomh nach bhfuil sa Tionscadal Snáithín.
- 38 Suíomh ar Fud na Cathrach agus an Chontae.
- Feabhas ar bhandaleithead chuig Oifigí.
- Éascú ar na Córais Nua a chur i bhfeidhm i níos mó Oifigí de chuid na Comhairle, ar a n-áirítear an Córas Nua Teileafóin VoIP.

## CIBEARSHLÁNDÁIL

Tugann cibearshlándáil cur síos ar an disciplín a bhaineann le cosaint na faisnéise agus na gcóras sin a úsáidtear le próiseáil agus stóráil a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin. Tagrann slándáil do na teicneolaíochtaí, na próisis agus na cleachtais a ceapadh le líonraí, gléasanna, cláir, agus sonraí a chosaint ar ionsaí, damáiste, nó rochtain neamhúdaraithe.

Tá roinnt céimeanna glactha ag TFC le maolú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le Cibearshlándáil agus leantar le monatóireacht agus le bheith suas chun dáta maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus le céimeanna cosctheacha a chur i bhfeidhm. In éineacht leis na céimeanna Teicniúla tá oideachas leanúnach an úsáideora riachtanach le Córais agus Sonraí na Comhairle a chosaint.


## DEASC FREASTAIL TFC

Rinne an Deasc Freastail ICT déileáil le os cionn 10,083 Ticéad ar déanadh logáil orthu i rith 2017. Déanann an Deasc Freastail iarracht ar iarratais a fhreagairt agus a réiteach ar bhealach tráthúil agus cúirtéiseach. In éineacht le tacú le húsáideoirí déanann foireann na Deasc Freastail TFC cúramaí eile freisin:-

- Airteagail bhunachair eolais a chruthú do chumasú an úsáideora.
- Dul i gcomhairle le foirne TFC/Straitéis Dhigiteach le ceisteanna a réiteach agus tuilleadh fadhbanna a chosc.
- Úsáideoirí a choimeád ar an eolas go hiomlán maidir le hathruithe/ceisteanna.
- Polasaithe agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le seirbhísí agus crua-earraí a sholáthar.
- Eagrú agus cothabháil oifige agus trealaimh.
- Tacaíocht Tionscadail TFC.



## STAITISTICÍ TICÉID 2017



# STIÚRTHÓIREACHT SEIRBHÍSÍ RÉIGIÚNACHA





# AN RANNÓG SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN AGUS ÉIGEANDÁLA

Déanann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh mar Údarás Dóiteáin oibriú agus bainistiú ar Sheirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála i Luimneach. Tá freagrach ar Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Luimnigh as beatha agus réadmhaoin timpeall 200,000 duine atá ina gcónaí i dtimpeall 70,000 teach agus timpeall 18,000 áitreabh tráchtála a chosaint. Déanann Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála Luimnigh bainistiú freisin ar Ionad Cumarsáide Réigiúnach na Mumhan atá freagrach as slógadh éifeachtach an fhearais dóiteáin agus ghníomhaireachtaí eile i réigiún na Mumhan. Tá Cosaint Shibhialta freisin mar chuid den Rannóg Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála. Is eagraíocht í seo atá bunaithe ar oibrithe deonacha a thacaíonn le seirbhísí éigeandála líne tosaigh chomh maith le cabhrú ag imeachtaí pobail.

Tá cúig réimse leathan gníomhaíochta ag an Rannóg Sierbhísí Dóiteáin agus Éigeandála a thacaíonn lena chéile maidir le seirbhís chomhtháite a sholáthar don phobal.

A. Seirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála
B. Cosc Dóiteáin agus Rialú Tógála
C. Bainistíocht Mhóréigeandála
D. Ionad Cumarsáide Réigiúnach na Mumhan.
E) Cosaint Shibhialta

## A) SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN AGUS TARRTHÁLA

Is í feidhm na Seirbhíse Dóiteáin agus Tarrthála foráil a dhéanamh do mhúchadh tinte go pras i bhfoirgnimh agus áiteanna eile de gach cineál ina líomatáiste feidhme agus cosaint agus tarrtháil a dhéanamh ar dhaoine agus ar réadmhaoin i gcás dóiteáin agus éigeandála eile. Chuige sin coimeádann sé briogáid dóiteáin agus soláthraíonn sé stáisiúin dóiteáin, feithiclí agus trealamh.

Is daoine eagraithe atá sa bhriogáid dóiteaín atá oilte agus trealamh acu le dóiteáin a mhúchadh i bhfoirgnimh agus in áiteanna eile agus le daoine agus réadmhaoin a tharrtháil ó thinte agus éigeandálaí eile dá leithéid.

Fostaíodh deichniúr comhraiceoir dóiteáin nua lánaimseartha i Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála Luimnigh bunaithe ag Sráid Mulgrave. Scaipeadh na hearcaigh nua ar na ceithre faire lánaimseartha.

D'fhreastal Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Luimnigh ar 1,515 teagmhas ón 1ú Eanáir go dtí 31ú Nollaig, 2017.

Bronnadh Dearbhú ar Chaighdeán Cáilíochta ISO9001:2008 agus Dearbhú Sláinte & Sábháilteachta OHSAS 18001:2007 i 2017 ar an Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála (seirbhís dóiteáin lánaimseartha agus coinnithe).

Leanadh leis an oiliúint ar fheidhmiú Treoirlínte Caighdeánacha Náisiúnta Oibriúcháin (SOGs), Cúrsa Fo-Oifigigh creidiúnaithe NDFEM, Oiliúint Athnuachana ar Ghaireas Análaithe (BA), an Chéad Fhreagróir Cairdiach, Teagascóir Tiomána Faofa, Oiliúint Tiománaithe, An Chéad Fhreagróir Éigeandála, Raidió Ardmhinicíochta Muirí, Modhanna Iontrála, Oiliúint aerála le brú dearfach, oiliúint seachtaine ar earcaigh choinnithe i gcomhrac dóiteáin, Cúrsa oiliúna ar oibriú mótarbhád, Teagascóir ar Láimhsiú, Bainistíocht ar tharluithe Uisce agus Uisce Tuile, Oibritheoir Sábh Slabhrach, Nósanna Imeachta Timpiste Bóthair chomh maith leis na Cúrsaí agu na Seimineáir éagsúla Oiliúna d'Oifigigh Shinsearacha agus Shóisearacha. .



*Oiliúint ar Iompraíocht Dóiteaín Urrainne d'earcaigh nua.*




*Comhrac Dóiteáin Aitinn*


*Maidhm Thine Ionsamhlaithe*

## B) COSC DÓITEÁIN AGUS RIALÚ TÓGÁLA

Is í feidhm na Ranóige Cosc Dóiteáin agus Rialú Tógála sábháilteach, sláinte agus leas na ndaoine a bhíonn sna foirgnimh, nó a úsáideann iad, a chinntiú trí laghdú a dhéanamh ar bhaol dóiteáin, bealaí cearta éalaithe, rochtain do dhaoine faoi mhíchumas agus caomhnú ar bhreosla agus ar fhuinneamh a éascú.

D'fhonn na feidhmeanna seo a sholáthar, áirítear ar obair measúnú a dhéanamh ar iarratais ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán agus Teastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas, cigireacht a dhéanamh ar fhoirgnimh thráchtála agus ar fhoirgnimh árasán, iniúchadh a dhéanamh ar ghearáin agus cainteanna a thabhairt don phobal ar Shábháilteacht Dóiteáin.

## DEIMHNIÚ UM SHÁBHÁILTEACHT Ó DHÓITEÁN

| **Staitisticí 2017** | |
|---|---|
| Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán a fuarthas | 185 |
| Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán próiseáilte | 166 |
| Líon iomlán na n-iarratas a ceapadh a bheith neamhbhailí | 17 |
| Foirgnimh ar déanadh cigireacht orthu mar % d'fhoirgnimh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil | 13% |
| Líon iomlán na bhfoirgneamh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil | 479 |
| Líon iomlán na bhfoirgneamh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil ar déanadh cigireacht orthu | 61 |

## TEASTAS ROCHTANA DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS

| **Staitisticí 2017** | |
|---|---|
| Líon iomlán na dTeastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas bailí a fuarthas | 142 |
| Líon iomlán na dTeastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas próiseáilte | 129 |
| Líon iomlán na dTeastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas neamhbhailithe | 7 |

## ACHOMHAIRC PHLEANÁLA

| | |
|---|---|
| Líon iomlán na nAchomharc Pleanála próiseáilte | 288 |
| Líon iomlán na bhFógraí Tosaithe Bailí a fuarthas (ar a n-áirítear CNs, CNs Gearra, CNs Scar-rogha agus Fógraí 7-lá) | 480 |

## COSAINT SHIBHIALTA

| | |
|---|---|
| Costas iomlán Caiteachais do Chosaint Shibhialta | €290,695 |

## C) BAINISTÍOCHT MHÓRÉIGEANDÁLA

Is iad feidhmeanna na rannóige Bainistíochta Móréigeandála forálacha Chreat 2006 do Bhainistíocht Móréigeandála a chur i bhfeidhm i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, athbhreithniú agus maoirseacht a dhéanamh ar Phlean Bainistíochta Móréigeandála Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus feabhas a chur go leanúnach ar acmhainn Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh freagairt do mhóréigeandáil. Chuige sin, rinne an Rannóg Sierbhísí Dóiteáin agus Éigeandála na dualgais seo a leanas a chomhlíonadh

- Críochnaíodh Plean Éigeandála Seachtrach do Atlantic Fuels Supply Company agus cuireadh faoi bhráid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta é i mí Eanáir 2017.
- D'aontaigh an Fhoireann Bhainistíochta ar Phlean Freagartha ar Thuilte i mí Eanáir 2017.
- Bhí oiliúint na nOifigeach Bainistíochta Faisnéise ar siúl ar an 21ú Meán Fómhair 2017 agus bhí ionadaithe ó na Gardaí Síochána, an FSS agus an tSeirbhís Otharcharranna i láthair.
- Tionóladh cleachtadh boird Idirghníomhaireachta leis na Gardaí Síochána, an FSS agus Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh ar an 30 Samhain le tástáil a dhéanamh ar an bPlean Éigeandála Seachtrach do Goulding Fertilisers de réir Rialacháin Acht na gCeimiceán (Rialú Mórthionóiscí bainteach le Substaintí Contúirteacha) 2015. D'fhreastal ionadaithe ón tSeirbhís Dóiteáin, Comhshaol agus Oibríochtaí & Cothabháil ar an gcleachtadh seo.

## D) IONAD CUMARSÁIDE RÉIGIÚNACH NA MUMHAN

Tá Córas Cumarsáide Réigiúnach na Mumhan (MRCC) suite ag an láthair céanna le Stáisiún Dóiteáin Shráid Mulgrave. Cuireadh an tionscadal MRCC ar bun le feabhas a chur ar luas freagartha agus ar éifeachtúlacht an chórais ghlaoite amach do na húdaráis dóiteáin sa Mhumhain agus tháinig sé i bhfeidhm i mí na Nollag, 1992. Is í Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an tÚdarás conarthach don chóras seo agus soláthraíonn sí seirbhís thar ceann na seacht Údarás Dóiteáin sa Mhumhain (Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae Thiobraid Árann, Comhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge). Is seirbhís láraithe atá san MRCC a sholáthraíonn mearfhreagairt agus slógadh maidir le glaonna 999/112 éigeandála dóiteáin. Leandadh le forfheidhmiú an tionscadail CTRI (an Córas Náisiúnta Slógaidh agus Cumarsáide) i 2017.

## E) COSAINT SHIBHIALTA

Soláthraíonn Cosaint Shibhialta Luimnigh faoiseamh agus tacaíocht éigeandála, nuair a iarrann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus údaráis reachtúla sibhialta agus líne tosaigh sin, chomh maith le cabhrú ag imeachtaí bunaithe sa phobal.

Is é atá in oiliúint bhunata d'oibrithe deonacha ná An Chéad Fhregairt Cairdiach, Cumarsáid, Láimhsiú, Feasacht Dóiteáin, Druil Choise, Léamh Léarscáileanna, GPS, Cuardach & Tarrtháil Bhunúsach, Cúrsaí Cosanta Leanaí, Feasacht Uisce, Inniúlacht ar Sheaicéid Tarrthála agus Cleachtadh ar Threalamh.

Déanann oibrithe deonacha speisialú freisin i réimsí éagsúla mar Chéad Fhreagairt Éigeandála, Teicneoir Míochaine Éigeandála, Modhanna Teagaisc, Feasacht ar Thuilte, Oibriú Chaidéil, Ceadúnas Raidiú Ardmhinicíochta Muirí, Cadhcáil – Leibhéal 2 & 3 agus Mótarbhádóireacht – Leibhéal 2 & Leibhéal 3 agus an Chéad Fhreagróir do Thuilte.

Déanann an Coláiste Cosanta Sibhialta i Ros Cré cúrsaí a thairiscint d'Oifigigh Cosanta Sibhialta. Soláthraíonn sé uas-sciliú freisin do Theagascóirí agus d'oibrithe deonacha i ngach disciplín i mórán réimsí éagsúla – Láimhsiú, Láimhsiú Gluaiseachta Othar, an Chéad Fhreagróir Cairdiach agus Teagascóirí an Chéad Fhreagróra Éigeandála, CISM (Bainistíocht ar an Strus a Leanann Teagmhais Chriticiúla), Modhanna Teagaisc, Bainisteoir Cuardaigh, Cosaint Leanaí, Tuilte agus An Chéad Fhreagróir Sciobtha, oiliúint ar Dhordáin agus Sonóir etc.

I 2017, rinne Cosaint Shibhialta Luimnigh óstáil ar Chomórtais Réigiúnacha ag An Chora, Luimneach. Thaisteal cúig fhoireann ó Chiarraí, Uíbh Fhailí, Gaillimh, An Clár agus Tiobrad Árann le bheith rannpháirteach i láithreacha éagsúla míochaine, cuardach & tarrtháil, ollthaismeach, cumarsáid agus láithreán úrnuachta.

Tá dhá bhunáit oibríochta ag Cosaint Shibhialta d'oibreacha deonacha do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Tá an Ceanncheathrú suite i bPáirc Gnó Cheantar na nDugaí agus tá an dara bunáit ag feidhmiú as Páirc Gnó Áth an Choite.



*Cleachtadh Réigiúnach ag Cosaint Shibhialta agus féach faoi iamh 2ú grianghraf do Chosaint Shibhialta*



*Comórtais Réigiúnacha ag Cosaint Shibhialta*

# OIFIG BAINISTÍOCHTA DRAMHAÍOLA AN RÉIGIÚIN THEAS

## PLEAN BAINISTÍOCHTA DRAMHAÍOLA AN RÉIGIÚIN THEAS 2015-2021

Tá deich n-údarás áitiúil sa Réigiún Dramhaíola Theas: Ceatharlach, an Clár, Cathair Chorcaí, Contae Chorcaí, Cathair & Contae Luimnigh, Ciarraí, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann, Cathair agus Contae Phort Láirge agus Loch Garman. Tá Réigiún Dramhaíola an Deiscirt ar cheann de thrí réigiún dramhaíola sa tír. Is iad na Réigiúin Dramhaíola eile ná Lár Tíre Thoir (EMR) agus Réigiúin Dramhaíola Chonnachta Uladh (CUR).

Is iad Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Comhairle Contae Thiobraid Árann na príomhúdaráis don Réigiún Dramhaíola Theas. Tá siad freagrach as comhordú, forfheidhmiú agus monatóireacht Phlean Bainistíochta Dramhaíola an Réigiúin Theas 2015-2021 (an Plean). Creat atá sa Phlean maidir le cosc agus bainistíocht dramhaíola ar bhealach sábháilte agus inbhuanaithe.

Déanann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh óstáil ar Oifig Bainistíochta Dramhaíola an Réigiúin Theas (SRWMO), atá bunaithe sa Stiúrthóireacht Réigiúnach, Lissanalta House. Tugtar sonraí thíos ar an dul chun cinn a déanadh ar hocht bpríomhchuspóir an Phlean i 2017:-

## A. POLASAÍ COMHSHAOIL MAIDIR LE DRAMHAÍL

Tá SRWMO páirteach i bplé leanúnach le comhlachtaí ábhartha lena chinntiú go léiríonn údaruithe dramhaíola spriocanna an phlean. I 2017 deánadh dréacht-teimpleád náisiúnta d'údarú Cheadanna Saoráide Dramhaíola a fhorbairt le leanúnachas a chinntiú laistigh den Réigiún agus ar fud gach ceann den trí Réigiún Dramhaíola.

## B. TOSAÍOCHT A THABHAIRT DO CHOSC AR DHRAMHAÍL

I 2017 tháinig na trí Réigiún Dramhaíola i dteannta a chéile i bhFeachtas Náisiúnta Feasachta maoinithe ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCAE). Bhí fógraí ar an raidió, fógraí pictiúrlainne, fógraíocht lasmuigh den teach, feachais sna meáin shóisialta, forbairt ar liosta nua athchúrsála agus suíomh gréasáin ag dul leis www.recyclinglistireland.ie i gceist sa bhfeachtas lena chinntiú go ndéanfadh teaghlaigh bainistiú ceart ar a n-araid athchúrsála. Bhí feachtais eile réigiúnacha dírithe ar theaghlaigh a spreagadh le húsáid a bhaint as a n-araid orgánach.

Tá coimisiúnú déanta ag na trí Réigiún ar Voice Ireland le Clár Ambasadóra Athchúrsála a chur ar siúl thar thréimhse 12-monthmí – sheol an tAire Naughten é seo i mí na Samhna 2017. Rinne an clár seo óstáil ar cheardlanna le grúpaí Pobail sa Réigiún Theas agus áiríodh taispeántais iontu ar láimhseáil dramhaíola athchúrsála.

Tionóladh imeachtaí Smart Store Cooking ag roinnt ionad oibre ar fud an Réigiúin Theas le fócas ar chócaráil leis an méid comhábhar is lú agus cuireadh comhairle ar rannpháirtithe ar conas a ndramhbhia a laghdú. Bhí ceann de na himeachtaí se oar siúl ag Optel Vision i Luimneach..

## C. AG AISTRIÚ I DTREÓ GHEILLEAGAIR CHIORCLACH

Is ball é Oifigeach Éifeachtúlachta Acmhainne SRWMO de roinnt líonra gnó a bhfuil ballraíocht an-mhór acu i Luimneach ar a n-áirítear Next Level Skillnet agus Supply Network Shannon (SNS). Bhí ionadaíocht ag SRWMO ag Imeacht Líonraithe agus Taispeántas SNS ag an Greenhills Hotel ar an 17ú Samhain 2017.

I 2017, lean an SRWMO le bheith mar chomhpháirtí maoinithe do Mhalartán Acmhainne SMILE agus Teastasú Gnó EcoMerit, a bhfuil samplaí cás-staidéir ag an dá cheann i Luimneach agus ar fud an Réigiúin. Spreagann na cláir seo íoslaghdú ar dhramhail agus ar mhalartú dramhaíola ar fud gnó agus tionscail.

D'éirigh le Mí Athúsáide Dheireadh Fómhair 2017 spéis agus cruthaitheacht na rannpháirtithe a spreadadh arís don dara bliain sna gníomhaíochtaí éagsúla a bhí ar siúl i gcaitheamh na míosa.

## D. COMHORDÚ AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT LE PÁIRTITHE LEASMHARA

Tá Comhordaitheoir Dramhaíola an Réigiúin Theas mar bhall den Choiste Comhordaithe Náisiúnta do Phleanáil Bainistíochta Dramhaíola. Oibríonn na Réigiúin Dramhaíola in éineacht le DCCAE, EPA, NWCPO, le tionscail agus le páirtithe leasmhara eile le héascú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú an Phlean.

## E. CUR CHUN CINN AR BHAINISTÍOCHT CHÓIREÁLA DRAMHAÍOLA GO HINBHUANAITHE

Is ar éigean a bhí go leor acmhainn do dhramhail chathrach na hÉireann le freastal ar phróiseáil na dramhaíola iarmharach a gineadh i 2017, ach mar sin féin, níor tugadh cead pleanál d'aon mhór-Bhonneagar nua dramhaíola iarmharach i 2017.

